

# Tuairascáil Bhliantúil 2003

# CCDE

**AN COIMISIÚN UM CHEARTA DAONNA NA HÉIREANN**
An Coimisiún um Chearta Daonna na hÉireann, 4ú Urlar, Teach Jervis, Sráid Jervis, Baile Atha Cliath 1.
Fón. +353 (0) 1 8589 601. Ríomh Phost: info@ihrc.ie. www.ihrc.ie

# CONTENTS

**Brollach** ........................................ **5**

**Cur i láthair** ........................................ **6**

**1. An Coimisiún** ........................................ **8**
Ballraíocht ........................................ 8
Feidhmeanna ........................................ 10
Imeachtaí Iomlánacha agus Coistí ........................................ 12

**2. Foireann an Choimisiúin** ........................................ **15**
Earcaíocht Foirne ........................................ 15
Struchtúr na Foirne ........................................ 18
Scéim Phinsin ........................................ 18

**3. Aimsiú Áitribh Bhuain** ........................................ **19**
An Tóraíocht ........................................ 19
Oscailt an Áitribh ........................................ 20

**4. Plean Straitéiseach** ........................................ **21**
Dréachtú agus Glacadh leis an bPlean ........................................ 21
Príomhlimistéir na hOibre ........................................ 21
Próiseas Comhairlithe ........................................ 24
Fiúntas Breise ........................................ 25

**5. Príomhlimistéir na hOibre** ........................................ **26**
Riarachán Cirt ........................................ 26
Cearta Eacnamaíochta, Sóisialacha agus Cultúrtha ........................................ 28
Ciníochas ........................................ 29
Daoine le Míchumas ........................................ 31
Inscne ........................................ 32
Cothromaíocht agus Éagsúlacht Daonna ........................................ 34

**6. Obair Cháis** ........................................ **35**
Fiosrúcháin ........................................ 35
Éilimh Fhoirmiúla ........................................ 36
Cineál Éilimh ........................................ 38
Idirghabhálacha Cúirte ........................................ 38

**7. Obair Eile** ........................................ **39**
An Coinbhinsiún Eorpach faoin mBille um Chearta Daonna ........................................ 39
An Comhchoiste ........................................ 39
An Coiste Comhordaithe Idirnáisiúnta ........................................ 40
Comhoibriú le Cumann Dlí na hÉireann ........................................ 40
Suíomh Idirlín ........................................ 41
Plean Gnó do 2004 ........................................ 42

**8. Gnéithe Airgeadais** ........................................ **43**

**Aguisín ........................................................................................ 46**

AGUISÍN 1
Eolas faoi Bhaill an Choimisiúin .................................................................................... 46

AGUISÍN 2
Páipéar leis an bPríomhfheidhmeannach agus Oibrí
Cáis Sinsearach maidir le Feidhm Fhiosrúcháin an Choimisiúin ................................ 52

AGUISÍN 3
Téarmaí Tagartha agus Ballraíocht Choistí an Choimisiúin ....................................... 58

AGUISÍN 4
Óráid an Taoisigh, Bertie Ahern, T.D., ag oscailt áitreabh an Choimisiúin .................. 65

AGUISÍN 5
Óráid Uachtarán an Choimisiúin, an Dr. Maurice Manning,
ag oscailt áitreabh an Choimisiúin ................................................................................ 68

AGUISÍN 6
Ráiteas Misin ................................................................................................................ 72

AGUISÍN 7
Croí luachanna agus luachanna feidhmiúla an Choimisiúin ....................................... 73

AGUISÍN 8
Na critéir maidir le Príomhlimistéir Oibre a roghnú ..................................................... 74

AGUISÍN 9
Conclúidí agus Moltaí atá i dTuairisc an Choimisiúin chuig an
Rialtas faoi Alt 24 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000 .......................... 76

AGUISÍN 10
Óráidí agus Cur i láthair ............................................................................................... 80

AGUISÍN 11
Páipéar Dearcaidh Institiúidí Náisiúnta Cearta Daonna na hEorpa
aontaithe ag Dara Seisiún Coiste Ad Hoc na Náisiún Aontaithe faoi
Choinbhinsiún Cuimsitheach agus Comhtháite maidir le Cosaint agus
Cur chun cinn Cearta agus Dignit Dhaoine le Míchumas, Nua Eabhrac,
16-27 Meitheamh 2003 ................................................................................................ 81

AGUISÍN 12
Clár na Comhdhála Poiblí faoi Threochtaí Domhanda i nDlí Míchumais ................... 85

AGUISÍN 13
Clár na Comhdhála faoi Reachtaíocht Nua Cearta Daonna ...................................... 87

AGUISÍN 14
Liosta na bhFoilseachán i 2003 .................................................................................. 89

# RÉAMHFHOCAL



Maurice Manning
Uachtarán, CCDÉ

Is feiniméan measctha nua iad na hinstitiúidí náisiúnta um chearta daonna. Ní raibh ach thart ar dosean acu ar fud an domhain fiche bliain ó shoin. Tá níos mó ná seasca acu ann inniu, an chuid is mó acu, macasamhail an dá choimisiún um chearta daonna ar an oileán seo a bunaíodh le deich mbliana anuas.

Tá trí phríomhchúis leis an bhfás tobann agus drámatúil seo maidir le hinstitiúidí um chearta daonna – réabhlóidí inmheánacha – mar a tharla san Afraic Theas áit a raibh bunú agus cur chun cinn cearta daonna go leanúnach mar ghné lárnach; deireadh an Chomhchumannachais agus cruthú stáit nua gan aon traidisiún de chearta daonna ach go rabhdar ag iarraidh go mbeadh siad lárnach don ord nua agus lárnachas na gcearta daonna ag fás i go leor de dhlí an Iarthair.

Is toradh díreach é Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna macasamhail Coimisiún um Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann ar Chomhaontas Aoine an Chéasta nó Bhéal Feirste 1998. Tá na Coimisiúin neamhspleách ar a chéile ach oibríonn siad le chéile tríd Comhchoiste agus iad aontaithe chun cothromaíocht cearta a chinntiú sa dá chuid den tír.

Tá sé soiléir cheana féin, i stair ghearr institiúidí náisiúnta um chearta daonna go bhfuil ról na n-institiúidí an-difriúil ó thír go tír. D'fhéadfadh go mbeadh coimisiún um chearta daonna i dtír atá neamhpleách as an nua, ach atá fós tríd a chéile, fágtha i gcás uaigneach, goilliúnach agus naimhdeach agus gan mórán tacaíocht institiúide nó cultúrtha ar fáil acu. Tá bunreacht scríofa sa tír seo le forálacha láidre um chearta daonna, córas dlí le taifead maith maidir le cearta daonna, rialtas láidir, meán cumarsáide aireach, tuairim phoiblí aireach agus eagrais reachtúla le freagrachtaí do réimsí ar leith maidir le cearta daonna mar shampla cothromaíocht agus míchumas.

Is é mionteagasc riachtanach an Choimisiúin nó cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint agus mar sin caithfidh muid a bheith an-aireach faoin dtimpeallacht ina bhfuileamar ag feidhmiú. Tá sé de dhualgas orainne labhairt amach go soiléir agus gan eagla faoi chúrsaí cearta daonna; an cleachtas is fearr a aimsiú agus a chur chun cinn agus seo a dhéanamh is cuma an ag scrúdú moltaí reachtúla, scrúdú ar chleachtas dlí, taighde, díospóireacht, gearáin aonair nó ag obair le comhleacaithe i dTuaisceart na hÉireann faoi chúrsaí cearta daonna i gcoitinne atá muid. Níl sé i gceist

go mbeadh obair á chóipeáil againn atá á dhéanamh áit éigin eile is cuma in i gcúirteanna nó i ngníomhaireachtaí eile atá sé ag tarlú. Níl sé i gceist go mbeadh muid i mbun iomaíochta ach ag cur le luach trí shaineolas agus neamhspleáchas. Beidh muid ag obair de réir ár bplean straitéiseach le grúpaí atá gníomhach cheana féin i réimsí mar, ciníochas, míchumas, cearta lucht siúil, inimirceoirí, cúinsí ban agus inscne, agus cúinsí eacnamaíochta, sóisialacha agus cultútha. Thugamar fútha seo go fonnmhar le bliain anuas agus creidimid lenár n-acmhainní teoranta, gurbh seo an dóchas is fearr chun torthaí fadtéarmacha agus fíor a bhaint amach.

Ba bhliain shuntasach í 2003 do Choimisiún Chearta Daonna na hÉireann. Cé nach rabhdar ag feidhmiú go hiomlán ach ar feadh beagán níos mó ná leath den bhliain, léirítear an obair shubstainteach agus éagsúil a tugadh fúithi ach níos tábhachtaí léiríonn sí go bhfuil bunchloch dhaingean ag an gCoimisiún agus go bhfuil treo straitéiseach tógtha a chuirfidh ar a chumas fás chun mianta Chomhaontas Bhéal Feirste agus Aoine an Chéasta agus Achtanna an Oireachtais atá mar a bhunús a bhaint amach agus a bheith i bhfocail Bhertie Ahern “mar eiseamlár d’insitiúidí eile agus ceann a bhunóidh caighdeáin an chleachtais is fearr sa réimse seo in áit é a leanúint.”

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na Coimisinéirí as ucht a ndúthrachta, a ndíograis agus a saineolas ag obair don Choimisiún, agus don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann as ucht a gcuid sároibre den scoth agus a ndúthracht ó chroí.



Maurice Manning
Uachtarán

# BROLLACH



Alpha Connelly
Príomhfheidh-
meannach, CCDÉ

Bhí an Coimisiún ag feidhmiú as oifigí beaga sealadacha ag tús 2003, ina raibh Uachtarán an Choimisiúin, an Príomhfheidhmeannach, agus cúntóir sealadach Rúnaíochta Ionnaithe. Faoi dheireadh na bliana, bhí an Coimisiún tar éis aistriú isteach chuig áitreabh buan agus bhí naonúr ball foirne nua earcaithe agus i mbun dualgas. Mar sin de, d'éirigh leis an gCoimisiún na hacmhainní daonna agus bonneagar riachtanach a aimsiú chun feidhmiú go héifeachtúil. Lárnach d'eagrú obair an Choimisiúin bhí an plean straitéiseach don tréimhse 2003 – 2006 a ghlac an Coimisiún leis i Márta 2003. Thug seo fócas d'obair an Choimisiúin agus leag amach réimse tosaíochtaí do na blianta amach romhainn. Thug an Coimisiún agus an fhoireann faoi go leor oibre, faoi threoir ag an bplean, agus tá siad sonraithe i gCaibidil 5, 6 agus 7 den Tuarascáil seo.

Dhá fhorbairt shuntasach eile a tharla nó seoladh suíomh idirlín an Choimisiúin ar an 10 Nollaig 2003 agus tuairisc a cuireadh faoi bhráid an Rialtais i Iúil 2003 le moltaí an Choimisiúin maidir le héifeachtacht agus éifeachtiúlacht go leor dá bhfeidhmeanna reachtúla a fheabhsú.

Bhí sé ar chumas an Choimisiúin faoi dheireadh na bliana tabhairt faoi chur i gcrích a bhfeidhmeanna éagsúla ar bhealach níos struchtúrtha agus níos leanúnaí. Bhí sé ar chumas an Choimisiúin cloí le misean cearta daonna chuile dhuine sa Stát agus ceisteanna chearta daonna in Oileán na hÉireann a scrúdú i gcomhair le Coimisiún Thuaisceart na hÉireann i gcomhthéacs Chomhchoiste. Sna blianta amach romhainn, tá an Coimisiún ag tnúth le cúnamh na foirne, a misean a chur i gcrích.



Alpha Connelly
Príomhfheidhmeannach

1

# AN COIMISIÚN

Is foras reachtúil é an Coimisiún um Chearta Daonna agus tá a chomhtharlú, a fheidhmeanna agus a chumhachtaí ag eascairt as Achtanna an Choimisiúin um Chearta Daonna 2000 agus 2001.

## *Ballraíocht*

De réir na nAchtanna beidh Uachtarán agus 14 ball eile i gceist leis an gCoimisiún. Ní bheidh níos lú ná 7 ban agus níos lú ná 7 fear ina mball de chuid an Choimisiúin. Is é an Dr. Maurice Manning Uachtarán an Choimisiúin. Seo a leanas baill eile an Choimisiúin i 2003:

- An tOllamh William Binchy
- Olive Braiden, Uasal
- Martin Collins, Uasal
- An tOllamh Robert Daly
- Suzanne Egan, Uasal
- Michael Farrell, Uasal
- Nuala Kelly, Uasal
- Jane Liddy, Uasal
- Clodach McGrory, Uasal
- An tOllamh Fionnuala Ní Aoláin
- Tom O'Higgins, Uasal
- An tOllamh Gerard Quinn
- Mervyn Taylor, Uasal
- An Dochtúir Katherine Zappone

Déantar cur síos ar bhaill an Choimisiúin in Aguisín 1.

# *Baill an Choimisiúin*



**An Dr. Maurice Manning Uachtarán an Choimisiúin**



**An tOllamh William Binchy**



**Olive Braiden Uas.**




**An tUasal Martin Collins**



**An tOllamh Robert Daly**



**Suzanne Egan Uas.**



**An tUasal Michael Farrell**



**Nuala Kelly Uas.**



**Jane Liddy Uas.**



**Clodach McGrory Uas.**



**An tOllamh Fionnuala Ni Aoláin**



**An tUasal Tom O'Higgins**



**An tOllamh Gerard Quinn**



**An tUasal Mervyn Taylor**



**An Dr. Katherine Zappone**

## *Feidhmeanna*

Is iad feidhmeanna an Choimisiúin, faoi mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Chearta Daonna 2000 nó:

- Feiliúnacht agus éifeachtacht an dlí agus an cleachtas bainteach le cosaint chearta daonna a choinneaíl faoi athbhreithniú,
- Aon mholadh reachtúil a scrúdú, ar éileamh ó Aire Rialtais agus a dtuairimí a chur in iúl faoi aon impleachtaí a bheadh ag moladh mar seo do chearta daonna,
- Dul i gcomhairle le heagrais nó gníomhaireachtaí idirnáisiúnta nó náisiúnta le heolas nó saineolas i réimse chearta daonna faoi mar a thograíonn siad;
- Moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais as a gconlán féin nó ar éileamh ón Rialtas faoi mar is cuí maidir le céimeanna a mheasann an Coimisiún ar cheart tabhairt fúthu chun cearta daonna a threisiú, a chosaint agus a chothú sa Stát;
- Tuiscint agus feasacht faoi thábhacht na gcearta daonna sa Stát a chothú agus ar mhaithe leis seo, tabhairt faoi thaighde agus gníomhaíocht oideachais, nó iad a urrú nó a choimisiúniú nó cúnamh airgeadais nó eile a chur ar fáil dóibh;
- Tabhairt faoi fhiosrúcháin
- Tuairiscí a ullmhú agus a fhoilsiú, ar aon bhealach a thograíonn siad, maidir le taighde a tugadh faoi, a urraíodh, a coimisiníodh nó ar tugadh cúnamh dó nó maidir le fiosrúcháin.
- Iarratas a dhéanamh chuig an Ardchúirt nó an Chúirt Uachtarach ar shaoirse chun dul i láthair na hArdcúirte nó na Cúirte Uachtaraí mar *amicus curiae* in imeachtaí os comhair na cúirte sin bainteach le cearta daonna aon duine agus dul i láthair cúirte mar *amicus curiae* nuair atá an tsaoirse sin bronnta.
- Dul i mbun aon ghníomhaíocht riachtanach chun comhchoiste ionadaithe ón gCoimisiún agus ó Choimisiún Chearta Daonna na hÉireann a bhunú agus a bheith rannpháirteach ann.
- Cúnamh a thabhairt do dhaoine maidir le himeachtaí dlíthiúla bainteach le dlí nó cleachtas maidir le cosaint chearta daonna.
- Imeachtaí dlíthiúla a thionscnú chun cearta daonna duine nó aicme daoine a throid.

D'fhéadfaí feidhm fhiosrúcháin an Choimisiúin a chleachtadh léi féin nó ar éileamh ó dhuine le go leor spéise san ábhar. Ní sheasann an fheidhm léi féin, áfach, sa chaoi go gcaithfidh fiosrúchán a bheith nasctha le cleachtas ceann amháin nó níos mó de 4 fheidhmeanna eile de chuid an Choimisiúin, sé sin, athbhreithniú ar oiriúnacht agus éifeacht dlí agus cleachtas sa Stát bainteach le cosaint chearta daonna, dul i

gcomhairle le heagraíocht nó gníomhaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta le heolas nó saineolas i réimse na gcearta daonna, moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais chun cearta daonna a threisiú, a chosaint agus a chaomhnú sa Stát, agus tuisceant agus feasacht thábhacht na gcearta daonna a chur chun cinn sa Stát.

Tá tulleadh teorainneacha reachtúla le cleachtadh na bhfeidhmeanna, mar shampla, áit a bhfuil cinneadh deireanach tugtha ag cúirt nó binse fiosrúcháin agus ní féidir leis an gCoimisiún fiosrúchán a dhéanamh. Áit a chinneann an Coimisiún fiosrúchán a dhéanamh, áfach, tá cumhachtaí forleithne aige maidir le nochtú doiciméid agus freastal finné. Is féidir leis an bhfiosrúchán a bheith poiblí nó príomháideach. Is féidir leis a bheith beag, mar shampla soiléiriú ábhair trí chomhfhreagras Údaráis Áitiúil nó mór mar shampla, fiosrúchán poiblí faoi ábhar a d'fhéadfadh a bheith mar mhíúsáid shistíméach cearta daonna..

Tá sé tábhachtach tuiscint gur feidhm fhiosrúcháin atá anseo, ní cúirt nó binse fiosrúcháin atá i gceist leis an gCoimisiún. Níl sé de chumas aige sárú líomhnaithe ar chearta daonna a mheas, ní féidir leis cinnidh atá déanta ag eagras eile a athrú nó leigheas a bhronnadh, mar shampla cúiteamh maidir le sárú chearta daonna duine. Tá an fheidhm ann chun bunús fianaise a dhaingniú, ar a bhfuil cur i gcrích na 4 feidhmeanna sonraithe eile nasctha, mar shampla an bunús ónar féidir áiteamh a chur faoi bhráid an Rialtais chun cosaint chearta daonna sa stát a threisiú.

Mar go raibh easpa soiléireachta ann maidir leis an bhfeidhm fhiosrúcháin, d'éiligh an Coimisiún tuairim ó Abhcóide Sinsearach maidir le nádúr agus raon na feidhme agus cuireadh leis seo le páipéar, leis an bPríomhfheidhmeannach agus an Oibrí sinsearach cáis, a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i mBealtaine 2003. Tá an páipéar seo faoi iamh in Aguisín 2.

Chuir an Coimisiún, i rith 2003, gach feidhm seachas dhá cheann i- bhfeidhm. An dá fheidhm a measadh a bheadh ró-luath a chleachtadh gan foireann oiriúnach nó an *amicus curiae* agus tionscnú imeachtaí dlí chun cearta daonna daoine nó aicme daoine a chosaint. (féach Caib. 6 maidir le hobair chásanna an Choimisiúin).

# *Imeachtaí Iomlánacha agus Coistí*

Chas an Coimisiún le chéile ag imeachtaí iomlánacha uair amháin sa mí i 2003. i.e. 12 uair ar fad. Chas coimisinéirí le chéile ó am go ham de réir a mballraíocht ar Choistí ar leith de chuid an Choimisiúin.



**Thionóil an Coimisiún a gcruinniú iomlán lasmuigh de BhÁC den chéad uair i Samhain 2003. Chuir Cláraitheoir an Choláiste, an tUas. An tOllamh Jim Browne fáilte roimh Uachtarán an Choimisiúin, an Dr. Maurice Manning ar theacht dó chuig ONÉ, Gaillimh.**

Bhí 15 coistí agus grúpaí comhairlithe ag an gCoimisiún ag tús na bliana. Ba iad seo:

- Coiste Ad Hoc maidir leis na hAchtanna um Choireanna in aghaidh an Stáit, 1939- 1988
- Coiste Ad Hoc Foirne
- Grúpa Comhairlithe maidir le páistí le míchumas
- Grúpa Comhairlithe maidir le Taighde bainteach le cothabháil sheanóirí in Institiúidí
- Coiste maidir le cur chuige oibre
- Coiste maidir le Ciníochas
- Coiste maidir le Rialacha Imeachtaí
- Coiste maidir le ceapachán an Phríomhfheidhmeannaigh
- Coiste maidir le Suíomh Idirlín, Branda agus Líonra Ríomhairí
- Coiste maidir le Dréacht-áiteamh faoi hionchorprú Choinbhinsiún na hEorpa faoi Chearta Daonna i nDlí na hÉireann

- Coiste chun idirghabháil a dhéanamh leis an Roinn Airgeadais
- Coiste Cumarsáide
- Coiste Airgeadais
- Coiste Áitribh
- Coiste Taighde

Léirigh réimse agus nádúr na gCoistí go raibh an Coimisiún díreach ag tosnú, go rabhdar lonnaithe in áitribh bheaga shealadacha le foireann chreatlaigh. Bunaíodh cuid acu chun plé le tasc ar leith mar shampla ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh, cinn eile chun plé le cúrsaí riaracháin m.sh. suíomh idirlín, agus líonra ríomhaireachta ag brath ar earcú foirne cuí faoi sitúr ginearálta an Phríomhfheidhmeannaigh.

Chuir an Príomhfheidhmeannach moltaí faoi bhráid an Choimisiúin ag cruinniú i mBealtaine 2003, maidir le hathbhreithniú agus réasúnú a dhéanamh ar a gcóras coistí. Dearadh na moltaí chun tabhairt faoi deara go raibh go leor de choistí an Choimisiúin ar ceal nó chun a bheith ar ceal de bharr earcú foirne agus obair na foirne, agus chun aird agus iarrachtaí na gCoimisinéirí a dhíriú níos lárnaí ar fhorbairt agus athbhreithniú chur i bhfeidhm pholasaithe an Choimisiúin ina bpríomhréimsí oibre ach go háirithe. D'aontaigh an Coimisiún mar thoradh ar na moltaí seo gur seo a leanas na Coistí a bheadh ann agus cuireadh na Coistí reatha eile go léir ar ceal.

- Coiste ar Ciníochas
- Coiste ar Cur chuige Oibre
- Coiste Obair Cháis
- Coiste maidir le deireadh a chur le gach cineál leatrom in aghaidh ban (Coiste CEDAW)
- Coiste Airgeadais
- Coiste Taighde
- Coiste maidir le hAchtanna na Coireanna in aghaidh an Stáit

D'aontaigh an Coimisiún Grúpa Comhairlithe um thaighde bainteach le Cothabháil Sheanóirí in Institiúidí a choinneáil. Chomh maith leis sin, shocraigh an Coimisiún coiste a bhunú leis an mionteagasc Tuairisc an Choimisiúin chuig an Rialtas faoi Alt 24 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna 2000 a dhréachtú. Deir Alt 24:

> Cuirfidh an Coimisiún, sula mbíonn tréimhse dhá bhliain ó lá a bhunaithe caite, tuairisc faoi bhráid an Rialtais ina mbeidh moltaí a mheastar a bheith feiliúnach chun –
>
> a. éifeachtacht an Choimisiúin
> b. éifeachtacht aon cheann dena feidhmeanna atá bronnta air ag an Acht seo, le

haird ar leith ar aon fhorbairtí i réimse na gcearta daonna atá tarlaithe sa tréimhse dhá bhliain atá luaite (bíodh siad laistigh nó lasmuigh den Stát) a fheabhsú.

Bhí tasc an Choiste seo curtha i gcrích nuair a cuireadh an Tuairisc seo faoi bhráid an Rialtais i Iúil 2003. Tá conclúidí agus moltaí na Tuairisce seo sonraithe in Aguisín 9.

Shocraigh an Coimisiún, ag cruinniú i Meitheamh 2003, Coiste um Chearta Eacnamaíochta, Sóisialacha agus Cultúrtha a bhunú. Socraíodh freisin téarmaí tagartha an Choiste CEDAW a leathnú agus teideal nua, An Coiste um Inscne & Ban a thabhairt air.

Shocraigh an Coimisiún freisin ag cruinniú i Iúil 2003, coiste a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCoiste Obair Cháis, dá n-éileadh an duine a rinneadh cinneadh diúltach ina leith é sin.

Bhunaigh an Coimisiún, ag cruinniú i nDeireadh Fómhair 2003, Coiste maidir le Riarachán Cirt chun teacht in áit an Choiste maidir leis na hAchtanna um Choireanna in aghaidh an Stáit.

Tá ballraíocht agus téarmaí tagartha gach ceann de choistí an Choimisiúin sonraithe in Aguisín 3.

# FOIREANN AN CHOIMISIÚIN

2

## *Earcú Foirne*

Cheap an Coimisiún an Dr. Alpha Connelly mar Phríomhfheidhmeannach ar an 10 Meitheamh 2002. Rinneadh macnamh ansin ar an méid foirne eile a bheadh riachtanach agus an ról a bheadh ag baill éagsúla foirne chun cabhrú leis an gCoimisiún na feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Bhí coiste de chuid an Choimisiúin ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach chun tosaíochtaí foirne agus próifílí poist a aithint. Roinneadh go garbh, na réimsí oibre a bhí an fhoireann chun tabhairt fúthu i ndá rannóg leathan, postanna polasaithe agus riaracháin (lena n-áirítear cléireachas) agus rinneadh cinneadh cúigear eile a cheapadh i ngach rannóg.

Maidir leis na postanna polasaithe, rinneadh trí limistéar éagsúil as feidhmeanna an Choimisiúin, ábhar bainteach le reachtaíocht agus polasaí, obair cháis agus gníomhaíochtaí oideachasúla agus feasachta. Cinneadh beirt oifigeach a cheapadh maidir le hobair pholasaí agus reachtaíochta an Choimisiúin, Oifigeach Sinsearach agus Cúnta maidir le hAthbhreithniú Polasaithe agus Reachtaíochta agus beirt oifigeach maidir le hobair cháis an Choimisiúin, Oibrí Sinsearach agus Cúnta Cáis. Bhí go leor cumarsáide ag an gCoimisiún ó dhaoine cheana féin agus iad ag cuardach cabhrach maidir le gearáin faoi chearta daonna. Agus bhí sé tábhachtach Oibrí Cáis a earcú chomh luath agus a b'fhéidir chun plé leis na cumarsáidí seo chomh maith le cúrsaí eile bainteach le hobair cháis. Beartaíodh go mbeadh sé ní ba fheiliúnaí, maidir le gníomhaíochtaí oideachsúla agus feasachta an Choimisiúin, oifigeach sinsearach a earcú a dhéanfadh freagrachtaí agus poitéinseal an Choimisiúin sa limistéar seo a léiriú agus ar an gcaoi seo an ról a bheadh ag an dara oifigeach cúnta sa limistéar seo a aithint níos soiléire. Tugadh an teideal 'Oifigeach um Fheasacht Chearta Daonna' ar an bpost seo.

Glacadh maidir le folúntais riaracháin, go mbeadh sé inmhianta oifigeach a earcú le freagracht do chúrsaí ginearálta riaracháin. Glacadh freisin, go raibh sé riachtanach maidir le riarachán de go mbeadh daoine ceaptha le heolas áirithe agus saineolas i gcúrsaí airgeadais agus acmhainní daonna. Cinneadh, de bharr an méid beag foirne a bhí le hearcú ar an gcéad dul síos agus chomh beag is a bhí buiséad an Choimisiúin, gur cheart ról an oifigigh airgeadais agus an oifigigh phearsanra a chur le chéile agus duine amháin a cheapadh chun an dá ról a chomhlíonadh. Tuigeadh go mb'fhéidir go mbeadh sé deacair duine leis an gcumas agus taithí riachtanach a mhealladh mar go mbíonn taithí speisialta ag daoine i gcúrsaí airgeadais nó acmhainní daonna agus ní sa dá réimse le chéile de ghnáth. Chomh maith leis sin, tuigeadh go raibh tréithe ar leith riachtanach maidir le duine a bheadh chun tosaigh, an fáilteoir de ghnáth, a

bheadh mar an chéad pointe teagmhála don phobal chuig an gCoimisiún. Glacadh go mbeadh daoine trína chéile nó feargach nuair a bheadh siad ag déanamh glao gutháin nó ag teacht isteach chuig an oifig mar go mbíodh siad den tuairim go raibh míúsáidí chearta daonna dona tar éis tarlú dóibh agus mar sin bheadh go leor leochaileachta agus ciall cheannaithe ag teastáil ón mball foirne seo. Cinneadh go mbeadh an duine seo freagrach as cinntiú go gcloífidh le socruithe slándála maidir le rochtain agus fágáil áitribh an Choimisiúin. Chun aitheantas a thabhairt do na tréithe speisialta a bhainfeadh leis an bpost seo agus na dualgais shlándála a bheadh bainteach leis, cinneadh an téarma 'Oifigeach Deisce" a thabhairt ar an bpost seo in áit 'fáilteoir'. Chomh maith leis sin beartaíodh beirt a fhostú mar chléirigh.

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún, faoin reachtaíocht a bhunaigh an Coimisiún, a fhoireann féin a cheapadh, ach ní féidir seo a dhéanamh ach le cead dhá Aire, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus an tAire Airgeadais. Tá gá le cead an dá Aire maidir leis an méid daoine a cheaptar, na téarmaí agus coinníollacha bainteach le seirbhís gach ball foirne, grád gach ball seirbhíse agus a luach saothair agus liúntais.

Ba phróiseas an fhada a bhí in aimsiú an chéad chead aireachta maidir le foireann thosaíochta an Choimisiúin. Tugadh cead maidir le ceapachán deichniúr ach ag grád níos lú agus ag tuarastal níos ísle ná a bheartaigh an Coimisiún a bheith oiriúnach. Bhí an tAire Airgeadais an-dian maidir le ceapachán a bheith déanta ag an gcéad pointe den ráta ábhartha scála rud a chiallaigh nach bhféadfadh an Coimisiún duine a cheapadh chuig pointe níos airde ar an scála dá mbeadh iarrathóir ann a bheadh seo tuillte acu.

Baineadh úsáid as seirbhísí gníomhaireacht earcaíochta chun cabhrú le hearcú ach choinnigh an Coimisiún smacht díreach ar an roghnú deireadh.

Fógraíodh an cúig fholúntas riaracháin go náisiúnta i Samhain 2002 agus an cúig fholúntas polasaí go luath i Nollaig 2002.

Beartaíodh go mbeadh baill fhoirne ag glacadh lena gcuid dualgais ag tréimhsí áirithe le linn 2003 mar nach raibh áitreabh buan aimsithe ag an gCoimisiún fós agus go rabhdar ag obair ó áitreabh sealadach idir an dá linn. Baineadh amach na haidhmeanna seo seachas folúntas amháin mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Oifigeach Deisce, Teuta Bytyqi-Forde | : | 18 Márta 2003 |
| Riarathóir Ginearálta, Gavin McSpadden | : | 18 Márta 2003 |
| Oifigeach Cléirachais, Hazel Murphy | : | 14 Aibreán 2003 |
| Oibrí Cáis Sinsearach, Des Hogan | : | 22 Aibreán 2003 |

| | | |
|---|---|---|
| Oifigeach Sinsearach Athbhreithniú Reachtaíochta & Polasaí, Liam Herrick | : | 14 Iúil 2003 |
| Oifigeach Cúnta Athbhreithniú Reachtaíochta & Polasaí, Róisín Hennessy | : | 11 Lúnasa 2003 |
| Oibrí Cáis Cúnta, Gerry Finn | : | 8 Meán Fómhair 2003 |
| Oifigeach Sinsearach um Fheasacht Chearta Daonna, Mary Ruddy | : | 22 Meán Fómhair 2003 |
| Oifigeach Cléirachais, Claire McCann | : | 29 Meán Fómhair 2003 |

Sa chaoi go mbeadh an fhoireann in ann dul i mbun a gcuid dualgas bhí sé riachtanach lóistín breise sealadach a aimsiú dóibh. Lorgaíodh an lóistín seo sa mhargadh príomháideach chomh maith le ó Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus bhí an Coimisiún buíoch d'Oifig na nOibreacha Poiblí as spás breise a chur ar fáil dóibh san fhoirgneamh céanna ina raibh bun-áitreabh sealadach an Choimisiúin lonnaithe.

Sula ceapadh iad, taispeánadh an spás (teoranta) agus na coinníollacha ina mbeadh orthu obair fúthu (bunúsach), go dtí go mbeadh áitreabh buan faighte ag an gCoimisiún, don fhoireann. D'aontaigh siad go léir dul i mbun oibre faoi choinníollacha nach raibh idéalach ar aon bhealach agus tuigeann an Coimisiún chomh hádhmhar is atáthar foireann chomh comhoibreach agus spreagtha a mhealladh.

Bhí folúntas amháin nár éirigh leis an gCoimisiún líonadh sa chéad bhabhta earcaíochta. Ba seo an folúntas do Riarthóir (Airgeadais agus Acmhainní Daonna). Cé go raibh go leor iarrathóirí a bhí feiliúnach ní raibh éinne sásta glacadh leis an gceapachán ag an tuarastal a bhí tairgthe. Lean an cás seo ar aghaidh fiú tar éis níos mó cainteanna leis an Aire Airgeadais faoi cheist an tuarastail agus gur thug an tAire Airgeadais cead duine a cheapadh ag an tríú pointe den scála ábhartha.

Rinneadh athfhógairt ar an bhfolúntas mar sin. Rinne an Coimisiún earcú go díreach in áit úsáid a bhaint as gníomhaireacht agus d'éirigh leo duine ardcháilithe a mhealladh chuig an bpost le taithí i mbainistíocht airgeadais agus in acmhainní daonna. Chuaigh David Carolan i mbun dualgas ar an 12 Eanáir 2004.

## *Struchtúr na  Foirne*

Bhí sé riachtanach freisin ag am na hearcaíochta struchtúr na foirne a chinneadh agus léiríonn an léaráid seo thíos an caidreamh foirmiúil idir 11 ball foirne an Choimisiúin.



**Príomhfheidh-meannach: Dr. Alpha Connelly**



**Oibrí Cáis Sinsearach, Des Hogan**



**Oifigeach Sinsearach Athbhreithniú Reachtaíochta & Polasaí, Liam Herrick**



**Oifigeach Sinsearach um Fheasacht Chearta Daonna, Mary Ruddy**



**Oibrí Cáis Cúnta, Gerry Finn**



**Oifigeach Cúnta Athbhreithniú Reachtaíochta & Polasaí, Róisín Hennessy**



**Riarathóir Ginearálta, Gavin McSpadden**



**Riarthóir, Airgeadais agus Acmhainní Daonna: David Carolan**



**Oifigeach Cléirachais, Hazel Murphy**



**Oifigeach Cléirachais, Claire McCann**



**Oifigeach Deisce, Teuta Bytyqi-Forde**

## *Scéim Phinsin*

Chuir an Coimisiún scéim faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le buntáistí pinsin don fhoireann faoi réir alt 20 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, i bhFeabhra 2003. Thug an tAire Airgeadais cead i Márta 2003, do scéim mholta phinsin an Choimisiúin a bheith curtha i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

# AIMSIÚ ÁITRIBH BHUAIN

3

## *An Tóraíocht*

Bhí tús curtha ag an gCoimisiún, sula ceapadh an Príomhfheidhmeannach, le háitreabh buan a lorg agus bhí coiste bunaithe don chuspóir seo. Bhí áitribh aimsithe ag an gCoimisiún i bhfoirgneamh a bhí faoi thógáil agus bhí dréacht leagan amach curtha le chéile den áitreabh. Chabhraigh an Coiste leis an bPríomhfheidhmeannach maidir leis seo tar éis a ceapacháin.

Rinneadh leasú áirithe ar an dréachtleagan amach agus rinneadh idirghabháil leis an tiarna talún. Rinneadh costáil maidir leis an áitreabh a fheistiú agus cuireadh meastachán breise faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir leis an tsuim airgid a bheadh riachtanach, uair amháin, chun na hoifigí a thógáil agus a fheistiú. Cuireadh in iúl don Choimisiún nach raibh an tAire Airgeadais chun glacadh leis an Meastachán Breise agus go mbeadh na cistí riachtanacha le tógáil ó bhuiséad rialta na Ranna. Bhí an Roinn toilteanach €500,000 a chur ar fáil don Choimisiún ar mhaithe leis an gcuspóir seo, ach bhí seo €300,000 níos lú ná a bhí á lorg.

De bharr an difir seo, chuaigh an Coimisiún i mbun tóraíochta arís. Ag an am céanna, mar go raibh ísliú cíosa ag tarlú, leanadar ag caint leis an tiarna talún san áitreabh roghnach chun breathnú an bhféadfaí teacht ar shocrú éigin a ligfeadh don Choimisiún an t-áitreabh a thógáil ar cíos laistigh den mhéid a bheadh ceadaithe dóibh ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Chabhraigh an Riarthóir Ginearálta leis an bPríomhfheidhmeannach nuair a chuaigh sé i mbun a chuid dualgas i Márta 2003 agus d’éirigh leo téarmaí an léasa a athphlé. Thóg sé thart fá trí mhí an t-áitreabh a fheistiú agus bhí an troscán bunúsach oifige ceannaithe. Bhog Uachtarán an Choimisiúin agus an fhoireann isteach sna hoifigí nua ar an ceathrú urlár i Teach Jervis, Sráid Jervis, BÁC 1 ar an Aoine, 17 Deireadh Fómhair 2003 agus osclaíodh na hoifigí tráthnóna Dé Luain, 20 Deireadh Fómhair 2003.

Bhraith an Coimisiún ar sheirbhísí agus saineolas fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí agus iad ag dearadh leagan amach na n-oifigí agus tógáil agus feistiú an áitribh agus ba mhaith leo an deis a thapú buíochas a chur in iúl do na daoine seo agus don oifig féin.

## *Oscailt an Áitribh*



**Uachtarán CCDÉ, an Dr. Maurice Manning leis an Taoiseach Bertie Ahern a rinne áitreabh an Choimisiúin a oscailt go hoifigiúil ar Lá Idirnáisiúnta na gCearta Daonna, 10ú Nollaig, 2003.**

Rinne an Taoiseach an t-áitreabh a oscailt go hoifigiúil ar Lá Idirnáisiúnta na gCearta Daonna ar an 10 Nollaig 2003 i láthair lucht féachana mór. Labhair an Taoiseach agus Uachtarán an Choimisiúin ag an oscailt. Tá cóip d'óráid an Taoisigh in Aguisín 4, agus cóip d'óráid an Uachtaráin in Aguisín 5.

4

# PLEAN STRAITÉISEACH

## *Dréachtú agus Glacadh leis an bPlean*

Tá sainordú leathan ag an gCoimisiún um Chearta Daonna chun cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn. Tá réimse leathan d'fheidhmeanna ag an gCoimisiún chuige seo. Tá na hacmhainní atá ar fáil (agus a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa todhchaí) an-teoranta. Mar sin de, is gá fócas soiléir a bheith ag obair an Choimisiúin agus tosaíochtaí aontaithe an Choimisiúin maidir lena sainordú a chomhlíonadh agus a bhfeidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach.

Ghlac coiste de chuid an Choimisiúin an Coiste Cur chuige Oibre, chun an fócas agus an treo seo a áisiú, leis an tasc plean straitéiseach a dhréachtú. Cuireadh an Plean i gcrích go luath i 2003 agus foilsíodh é ag seoladh i Halla na Cathrach i mBÁC, ar an 31 Márta 2003. Ba *Cur chun cinn agus Cosaint na gCearta Daonna i Sochaí na hÉireann: Plean do 2003 – 2006.* an teideal a bhí air.

Tá réimse de phríomhlimistéir oibre aitheanta sa phlean ar a bhfuil an Coimisiún chun díriú sa chéad ceithre bliana eile, agus léirítear feidhmeanna an Choimisiúin agus na gníomhaíochtaí a thabharfar fúthu chun an sainordú a chomhlíonadh agus eolas a chur ar fáil faoi ghníomhaíochtaí níos luaithe an Choimisiúin. Tá ráiteas misin an Choimisiúin ann freisin agus cuirtear i láthair critéir agus fiúntais chun bunús a chur le roghanna a dhéantar le linn tréimhse an Phlean. Cuirtear eolas ar fáil freisin faoi fheidhmiú an Choimisiúin. Tá cóip de ráiteas misin an Choimisiúin le feiceáil in Aguisín 6, agus tá cóip de chroí-luachanna agus luachanna feidhmiúla an Choimisiúin in Aguisín 7.

## *Príomhlimistéir na hOibre*

Rinne an Coimisiún príomhlimistéir oibre a roghnú trí dhíospóireacht ar cheisteanna polasaí i seisiúin iomlánacha agus ag cruinnithe de chuid an Choiste agus ag cruinnithe le heagrais sheachtracha agus le daoine lasmuigh den Choimisiún inar cuireadh síos faoi imní agus mianta an Choimisiúin. Baineadh úsáid as critéir atá le sonrú in Aguisín 8 freisin.

Bhain an Coimisiún úsáid as rangú tríchodach bunaithe ar dhifrealú traidisiúnta idir chearta polaitiúla agus cathartha ar lámh amháin agus cearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha ar an lámh eile nuair a bhí nithe á roghnú chun díriú orthu. Roghnaigh siad laistigh den réimse cathartha agus polaitiúil aird speisialta a thabhairt



**Na Coimisinéirí an Dr. Kathleen Zappone agus an tOllamh William Binchy, An Príomhfheidhmeannach, an Dr. Alpha Connelly agus an tOllamh Fionnuala Ní Aoláin ag seoladh Plean Straitéiseach an Choimisiúin.**

ar riarachán cirt. Níor roghnaíodh aon réimse áirithe sa réimse eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha. In áit sin thuig siad nach raibh tuiscint ró mhaith ann faoi aicme na gcearta in Éirinn. Cé go bhfuil eolas ag daoine, trí fhóralacha bunúsacha cearta an Choimisiúin, ar shaoirsí cathartha agus polaitiúla, ní mórán a bhreathnaíonn ar chúinsí eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha ó dhearcadh cearta. Tá seo fíor faoi pholaiteoirí agus oifigigh phoiblí chomh maith leis an bpobal go ginearálta. Chinn an Coimisiún mar sin tabhairt faoi thuiscint níos fearr a chur chun cinn in Éirinn faoi chearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha agus na bealaí éagsúla ar féidir iad a bhaint amach agus más gá a chur i bhfeidhm.

Tugadh aicme 'cúinsí trasghearrtha" ar an tríú ceann de na hoibreacha ginearálta oibre, sé sin cúinsí nach bhfuil in ann a bheith curtha go néata isteach in aicme cearta cathartha agus polaitiúla nó aicme cearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha ach go bhfuileadar bainteach leis an dá aicme. Roghnaíodh ceithre chúinse faoin gceannteideal seo. Is iad seo ciníochas, daoine le míchumas, inscne agus cothromaíocht agus éagsúlacht daonna.

Glacann an Coimisiún ina Phlean, nach feiniméan nua é an ciníochas, go bhfuil sé i bhfeidhm le blianta in aghaidh an Lucht Siúil agus go raibh ionsaithe in aghaidh na

nGiúdach agus roinnt daoine Gorma Éireannacha. Ach le tamall breathnaíonn sé go bhfuil níos mó ciníochais ag tarlú agus creideann an Coimisiún gur cúis imní seo don tsochaí chomhaimseartha in Éirinn. Chinn an Coimisiún mar sin tosaíocht a thabhairt don cheist seo agus iarracht a dhéanamh ar oibriú le heagrais ábhartha eile, san earnáil phoiblí agus earnáil phríomháideach chun dul i ngleic leis.

**Chinn an Coimisiún mar sin tabhairt faoi thuiscint níos fearr a chur chun cinn in Éirinn faoi chearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha**

Meastar go bhfuil ar a laghad 360,000 daoine le míchumas sa dlínse seo, agus go mó an seans go bhfuileadar ina gcónaí i mbochtanas agus go bhfuileadar iargúlta go sóisialta ó dhaoine gan míchumas. Tá sé glactha ar fud an domhain nach bhfuil na samhlacha a bhain an tsochaí úsáid astu go traidisiúnta sa chaoi a chaith siad le daoine le míchumas ceart agus má tá na deiseanna céanna maireachtála agus saoil le bheith ag na daoine seo go gcaithfear glacadh le cur chuige bunaithe ar chearta. Léirigh an Coimisiún ina Phlean mar sin go mbéifí ag baint úsáid as dearcadh bunaithe ar chearta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a ndlí agus cleachtas reatha agus moltaí reachtúla agus iad ag cur as do dhaoine le míchumas agus ar an gcaoi seo ag cabhrú chun sochaí a bhaint amach ina mbeidh daoine le míchumas in ann taitneamh éifeachtach a bhaint as réimse iomlán de chearta daonna.

Tá míchothromaíocht inscne fós in Éirinn ainneoin gur dearadh reachtaíocht chun cothromaíocht a bhaint amach do mhná agus d'fhir, go háirithe maidir le fostaíocht íoctha agus ceisteanna bainteacha. Tá seo le sonrú nuair a bhreathnaítear an méid beag ban atá sa saol polaitiúil agus ar bhoird phoiblí, tá níos mó ban ag maireachtáil i mbochtanas, tá foréigéan baile agus eile mar chuid den saol laethúil agus ní íoctar an méid céanna le mná i bhfostaíocht agus a íoctar le fir. Chinn an Coimisiún mar sin go mbeadh ról aige i gcur chun cinn comhionannas inscne in Éirinn trí tharraingt ar chaighdeáin ábhartha cearta daonna, mar shampla na cinn atá leagtha amach sa Choinbhinsiún maidir le Deireadh a chur le gach Cineál Leatrom in Aghaidh Ban.

Roghnaigh an Coimisiún mar phríomhlimistéar oibre comhionannas agus éagsúlacht daonna. Tá roinnt cosaint in aghaidh leatroma curtha ar fáil ag reachtaíocht chomhionannais le déanaí madir le grúpaí sóisialacha áirithe go háirithe maidir le fostaíocht agus soláthar earraí agus seirbhísí. Tá na grúpaí seo sainmhínithe ag inscne, stádas pósta, stádas clainne, aois, míchumas, treocht gnéis, cine, creideamh agus ballraíocht sa Lucht Siúil. Tá grúpaí sóisialacha eile ann a bhíonn faoi leatrom agus nach bhfuil aon chosaint dlí mar seo acu. Chomh maith leis sin níl cosaint iomlán ar fáil ag na grúpaí cosanta agus tá ceisteanna fós le dul i ngleic leo maidir leis na ngrúpaí seo, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil chomh feiceálach, mar leispigh, fir aeracha, daoine déghnéasacha agus trasghnéasacha. Dúirt an Coimisiún ina phlean go ngabhfaí i ngleic leis na bearnaí seo agus aithníodh cás seandaoine mar chúis imní ar leith.

**Breathnaíonn sé go bhfuil níos mó ciníochais ag tarlú agus creideann an Coimisiún gur cúis imní seo don tsochaí chomhaimseartha in Éirinn**

# Próiseas Comhairlithe

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as plean straitéiseach mar phríomhdhoiciméad maidir le comhairliú agus plé le heagrais, gníomhaireachtaí agus daoine éagsúla le linn tréimhse an Phlean. Chas an Coimisiún, sular glacadh leis an bplean le grúpaí, bhíodar rannpháirteach i go leor comhdhálacha agus seiminéir náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus d'fhreastail an Coimisiún ar chruinnithe ar éileamh ó ghníomhaireachtaí agus ghrúpaí ionadaithe. Bhíodar ag obair go comhgarach le agus i gcomhair le Coimisiún Cearta Daonna Thuaisceart na hÉireann. Chuaigh na cainteanna seo chun sochar don Choimisiún agus rinneadh iarracht go leor de na ceisteanna a ardaíodh a chur san áireamh sa Phlean.

Chuaigh an Coimisiún, le seoladh an Phlean, i mbun comhairlithe agus cainteanna struchtúrtha atáthar ag súil leanúint leis le linn an Phlean. Beidh cur chuige solúbtha ag an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an Phlean mar thoradh ar an gcomhairliú leanúnach seo.

Beidh spriocdhíospóireachtaí le heagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad, Ranna Rialtais, grúpaí áitiúla agus téamach, agus páirtithe polaitiúla mar chuid den chomhairliú chun a dtuairimí a chloisteáil agus chun eolas a chur ar fáil faoi chlár oibre an Choimisiúin. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún cruinnithe poiblí a bheith acu freisin agus na meáin áitiúla a úsáid chun an Plean agus an Coimisiún féin a chur i láthair an phobail is leithne is féidir. Déanfar iarracht ar leith rannpháirtíocht iad siúd is mó atá i

**Freastlaithe ag an gcéad cruinniú comhairlithe de chuid an Choimisiúin faoin bPlean Straitéiseach i nGaillimh i mí na Samhna 2003.**



mbaol maidir le sárú nó neamhaird a gcearta daonna, a chinntiú sa phróiseas comhairlithe. Déanfaidh an Coimisiún iarracht ghníomhach fáil amach conas a d'fhéadfaí cosaint na gcearta daonna a fheabhsú trí réimse de roghanna a chur i bhfeidhm agus trí gheallúintí an Choimisiúin a chur i gcrích.

Bhí an chéad cruinniú comhairlithe poiblí ag an gCoimisiún i nGaillimh ar an 27 Samhain 2003 (féach tuilleadh ar leathanach 16).

Déanfaidh an Coimisiún iarracht a bheith chomh hoscailte agus chomh solúbtha agus is féidir sa phróiseas seo, ag cothromú dearcaidh agus cúiseanna imní a luaitear sna cainteanna maidir le cuspóirí agus baint amach spriocanna atá curtha síos dóibh féin laistigh de pharaiméadair an Phlean agus na hacmhainní atá ar fáil dóibh.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh mholtaí faoin bPlean agus cuirfear san áireamh é ina chlár oibre mar phróiseas cainteanna agus athbhreithnithe mar phríomhghné maidir le pleanáil chun tosaigh don chéad tréimhse eile.

**Is eagras neamhspleách, reachtúil é an Coimisiún. Ní cuid den rialtas é agus ní státsheirbhísigh de chuid an Rialtais iad na fostaithe.**

## *Fiúntas Breise*

Is eagras neamhspleách, reachtúil é an Coimisiún. Ní cuid den rialtas é agus ní státsheirbhísigh de chuid an Rialtais iad na fostaithe. Mar sin ní labhraíonn siad amach ar son eagrais nach eagraíochtaí rialtais iad nó eagrais earnála príomhháidí eile. Ar bhealach is droichead an Coimisiún idir earnáil phoiblí agus an earnáil phríomhháideach chun cinntiú go mbaintear amach cearta daonna gach duine sa Stát agus go ndéanfar iad a chosaint. Beidh an Coimisiún ag obair leis an dá earnáil chuige seo.

Luaigh an Coimisiún sa phlean straitéiseach go mbeidh siad ag obair chun tacú le gníomhaireachtaí eile atá gníomhach i réimse na gcearta daonna agus go ndéanfar iarracht obair i gcomhair le heagrais mar seo agus go ndéanfar iarracht cinntiú nach ndéanfar obair faoi dhó. Cuirfear san áireamh go gcaithfear úsáid a bhaint as acmhainní teoranta chomh héifeachtach agus is féidir.

Déanfaidh an Coimisiún iarracht freisin cumhachtaí reachtúla uathúla a úsáid ar bhealach a chuirfidh fiúntas breise leis an obair atá an Stát ag déanamh cheana féin chun cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint.

# 5 PRÍOMHLIMISTÉIR NA HOIBRE

## *Riarachán Cirt*

Rinne an Coimisiún scrúdú i gcaitheamh na bliana ar chúig mholadh reachtúla a cuireadh faoina mbráid ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi alt 8(b) d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna 2000. Ba iad na moltaí:

- Bille Barántais Ghafa na hEorpa 2003
- Bille (Gealtacht) Dlí Coiriúil 2002
- Bille Scéim Ghinearálta na nGardaí Síochána 2003
- Bille Scéim Ghinearálta an Chirt Choiriúil 2003
- Bille Scrúduithe an Choimisiúin 2003

Chuir an Coimisiún tuairimí faoi himpleachtaí an Bhille Barántais Ghafa na hEorpa 2003 do chearta daonna faoi bhráid an Aire ar an 16 Meán Fómhair 2003. Dearadh an Bille seo chun Cinneadh Creatlaigh de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh, a phléann le cearta daoine faoi réir aistriú idir dhlínsí coiriúla a chur i bhfeidhm agus tá laghdú ar scrúdú dlí ar aistrithe mar seo mar thoradh air. D'fháiltigh an Coimisiún leis na cosaintí atá sa Bhille agus ghlacadar go raibh sé ceart imeachtaí eiseachadtha a bheith sruthlínithe idir bhaillstát an AE. Dúradh, áfach gur chúis imní a bhí ann go raibh an Cinneadh bunaithe ar an mbunús go bhfuil an chosaint éifeachtach agus chothrom chéanna ar fáil do dhaoine atá cúiseanna curtha ina leith san ballstáit AE go léir. Thapadar an deis freisin imní a chur in iúl faoi easpa córais éifeachtacha um scrúdú daonlathach, easpa trédhearcachta, agus freastal mífheiliúnach cearta daonna agus caighdeáin shaoirsí daonna laistigh de phróiseas cinnteoireachta a bhíonn taobh thiar de glacadh le cinnidh chreatlaigh mar seo.

Chuir an Coimisiún tuairimí faoin mBille (Gealtacht) Dlí Coiriúil faoi bhráid an Aire ar an 22 Deireadh Fómhair 2003. D'fháiltídear leis na feabhsúcháin ar reachtaíocht a rialann freagracht choiriúil daoine le tinneas meabhrach a rinne coireanna agus luadh go raibh Cumann Síciatrach na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) tar éis áitimh shonraithe a fhoilsiú cheana féin maidir leis an mBille. Is í feidhm phríomha an Choimisiúin nó cinntiú go bhfuil reachtaíocht Éireannach agus cleachtas riaracháin ag cloí le forálacha cearta daonna an Bhunreachta agus le dualgais chearta daonna an Stáit faoi chomhaontais idirnáisiúnta a bhfuil Éirinn mar pháirtí dóibh, bhí tuairimí an Choimisiúin teoranta chuig cloí leis na caighdeáin seo agus thacaíodar le roinnt de mholtaí an NDA maidir leis seo.

Chuir an Coimisiún a dtuairimí faoi Scéim Ghinearálta Bhille na nGardaí Síochána 2003 faoi bhráid an Aire ar an 10 Samhain 2003. Dar leo gur chuid lárnach de chosaint chearta daonna i sochaí dhaonlathach é an póilíniú, gur cheart go mbeadh cearta daonna mar chuid lárnach d'fhealsúnacht phóilínithe agus cur chun cinn chearta daonna iad siúd a thagann i dteagmháil leis na Gardaí Síochána agus nach mbeadh cearta baill dena Gardaí ag dul in aghaidh seo ach go mbeadh siad ag teacht le chéile. Bhí páipéar foilsithe ag an gCoimisiún cheana féin, i Nollaig 2002 ar a tugadh *Moladh do Chóras Nua Gearáin faoi Ghardaí*, inar dúradh gur cheart go mbeadh eagras neamhspleách ann chun plé le gearáin in aghaidh baill de chuid na nGardaí Síochána. Ina dtuairimí faoi Scéim Ghinearálta an Bhille, dúirt an Coimisiún gurbh an modh a ba fheiliúnaí scrúdú neamhspleách éifeachtach faoi ghearáin a bhaint amach ná trí Ombudsman Gardaí a bhunú agus mholadar go láidir don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí breathnú ar an gceist arís agus an Bille molta á dhréachtú.

**Ina dtuairimí faoi Scéim Ghinearálta Bhille na nGardaí Síochána 2003, dúirt an Coimisiún gurbh an modh a ba fheiliúnaí scrúdú neamhspleách éifeachtach faoi ghearáin a bhaint amach ná trí Ombudsman Gardaí a bhunú**

Dhírigh an Coimisiún, i dtuairimí faoi Scéim Ghinearálta Bhille Dlí Coiriúil, 2003 ar cheithre mholadh ar leith a bhí sa Scéim agus a bhí mar chúis imní dóibh: leathnú ar chumhachtaí barántais thóraíochta a eisiúint, soláthar do thréimhsí níos faide coinneála, leathnú ar chumhachtaí samplaí coirp a thógáil agus cumhacht an Ionchúisitheora Phoiblí agus an Ard-Aighne achomharc cúisithe a thógáil. Dúradar, maidir le barántais thóraíochta, nach raibh an cás déanta chun leathnú ar na cásanna faoina bhféadfadh na Gardaí Síochána barántais seo a eisiúint déanta. Freisin, dúradar dá mba rud é go mbeadh deacrachtaí praiticiúla ann breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche a aimsiú chun barántas a eisiúint, bheadh réitigh eile ar fáil mar shampla breathnú ar fhéidearthachtaí cumarsáid leictreonach i gcásanna eisceachtúla.. Maidir le tréimhsí coinneála, dúradh nach raibh an cás déanta chun rá gur cheart an tréimhse coinneála a leathnú thar an 12 uair a 'chloig atá sa reachtaíocht reatha agus go raibh an tréimhse seo fada go leor chun scrúdú ceart a dhéanamh maidir le coir inghafa. Chuir an Coimisiún imní in iúl maidir le samplaí coirp a thógáil mar nach bhfuil an moladh a cheadaíonn do bhaill de na Gardaí Síochána samplaí a thógáil ó *gach* duine a gabhadh faoi amhras coir inghafa a bheith déanta acu riachtanach i sochaí dhaonlathach nó i gcomhréir leis an aidhm cosc a chur le coireanna agus cearta daoine eile a chosaint. Chuireadar imní in iúl freisin maidir le moladh a cheadaigh do bhaill de na Gardaí Síochána fórsa réasúnach a úsáid, más gá, chun grianghraif, méarloirg, loirge boise, agus samplaí coirp nach dlúthshamplaí iad a thógáil ó na daoine seo, mar nach bhfuil sé ag teacht le bhunphrionsabail dhlí cearta daonna a deir nach ceart fórsa a úsáid ach nuair atá sé fíor-riachtanach. Moladh freisin gur cheart méid áirithe cosaintí ginearálta a chur i bhfeidhm do dhaoine ónar tógadh samplaí coirp. Maidir le hachomhairc chúisithe, chuir an Coimisiún imní in iúl nach mbeadh an cineál achomhairc atá cothrom don duine éigiontaithe mar go gcruthaíonn sé an poitéinseal ainm maith an duine a scrios agus go bhféadfadh sé cur as don toimhdiú neamhchiontachta mar go mbeadh sé ag cur

ciontacht i leith an duine. Chuireadar imní in iúl freisin faoi nuair a chuireann an tIonchúisitheoir Poiblí nó an tArd -Aighne pointe dlí faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí go mbeadh an Chúirt Uachtarach ag déanamh breithiúnas faoi phointe inphléite, atá scartha amach ó réalachas agus phráinneacht chúinsí an cháis. Cuireadh tuairimí an Choimisiúin faoi bhráid an Aire ar an 15 Eanáir 2004.

Ullmhaíodh dréacht-thuairimí freisin faoi Bhille Fiosrúcháin an Choimisiúin ag a gcruinniú iomlánach in Eanáir 2004. Is é cuspóir an Bhille nó córas scrúdaithe a chruthú maidir le cúiseanna imní poiblí a bheadh á dtionóil go príomháideach agus nach meallfadh costais airgeadais agus an gá le hionadaíocht dlí bainteach le Binsí Fiosrúcháin ach chuirfeadh sé leigheas tráthúil agus infhaighte ar fáil do pháirtithe a bheadh ag iarraidh teacht ar fhírinne ábhar an fhiosrúcháin.

Maraon leis na fiosrúcháin seo, chuaigh ionadaíocht ón gCoimisiún os comhair Chomhchoiste an Oireachtais ar Chirt, Cothromas agus Cearta Ban, de bharr chuiridh, ar an 2 Nollaig 2003 maidir le hathbhreithniú an Choiste ar an gcóras dlí coiriúil. Craobhsaoileadh na himeachtaí seo beo ar TG4.

## *Cearta Eacnamaíochta, Sóisialacha agus Cultúrtha*

Fuair an Coimisiún cuireadh ón ngníomhaireacht in aghaidh bhochtanais (CPA) agus bhíodar rannpháirteach ar an 17 Samhain 2003, i nGrúpa Fócais Chinnteoirí Polasaí. Ba é comhthéacs an chruinnithe nó coimisiúnú luacháil ar Chlár Líonraí Náisiúnta Frith-bhochtanas (2001 -2003). Bhí meastachán le bheith san áireamh leis an luacháil faoin

**Cuireadh fáilte roimh an gCoimisiún chuig Gaillimh do chruinnithe comhairlithe i Samhain 2003. Cláraitheoir ONÉ, Gaillimh, an tUas. an tOllamh Jim Browne; an tOllamh Gerard Quinn ó Dhámh an Dlí, ONÉ, Gaillimh, agus ball den Choimisiún; Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin, an Dr. Alpha Connelly; an Dr. Vinodh Jaichand ó Ionad Chearta Daonna ONÉ, Gaillimh agus Uachtarán an Choimisiúin, an Dr. Maurice Manning.**



méid tionchar a bhíonn ag an gClár Líonraí ina iomláine agus líonraí aonair ar forbairt agus cur i bhfeidhm polasaithe náisiúnta a thacaíonn le comhaireamh sóisialach. Bhí ionadaithe ón Údarás Náisiúnta Míchumais, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialach, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh rannpháirteach freisin.

Bhí a gcéad cruinniú comhairlithe poiblí ag an gCoimisiún faoin bplean straitéiseach i nGaillimh ar an 27 Samhain 2003. Bhí an díospóireacht dírithe ar chearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha. Bhí an tUachtarán sa chathaoir agus bhí ceithre chur i láthair foirmiúil déanta ar dtús, dhá cheann ó Choimisinéirí agus dhá fhreagra ar chuireadh ó bhaill acadúla d'ONÉ Gaillimh. Bhí níos mó ná seasca nóiméad de dhíospóireacht eolach ann ansin leis an lucht féachana. Cuireadh réimse leathan de spéiseanna i láthair, lena n-áirítear an t-údarás áitiúil, grúpaí míchumais, grúpaí lucht siúil, eagrais pháirtíochtaí agus eagrais dheonacha.

## *Ciníochas*

Tionóladh mar chuid de chlár comhoibrithe leanúnach ar chiníochas, comh-sheiminéar le Amnesty International (Craobh na hÉireann) faoi chiníochas agus na meáin chumarsáide i mBÁC ar an 25 Meithreamh 2003. Glacadh leis an gcinneadh freisin comhdháil a thionóil faoi chiníochas agus an dlí i 2004 i gcomhair le Amnesty International (Craobh na hÉireann).

I Iúil 2003, d'fhoilsigh Grúpa Stiúrtha Plean Náisiúnta in aghaidh Chiníochais, ar a bhfuil an Coimisiún mar bhall dóibh, an tuairisc, *Glórtha Éagsúla: Achoimre ar an bpróiseas comhairlithe agus an Creatlach molta do Phlean gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an Chiníochais.*

Thug Coimisinéirí agus foireann an dá Choimisiúin faoi ullmhú *Treoir Úsáideora chuig Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le deireadh a chur le Leatrom Ciníochais* i gcomhthéacs Chomhchoiste Choimisiún Chearta Daonna na hÉireann agus Choimisiún Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann Foilsíodh an Treoir ar an 18 Meán Fómhair 2003 ag ócáid chruinnithe i mBéal Feirste de chuid an Chomhchoiste. Léiríonn an foilseachán dearcadh an dá Choimisiúin go bhfuil ciníochas agus leatrom cine mar chuid de na fadhbanna cearta daonna is práinní sa dá chuid den oileán agus gur an cuspóir atá leis nó cabhrú le heagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad, grúpaí mionlaigh gorma agus eitneacha, eagraíochtaí pobail, brúghrúpaí agus grúpaí eile úsáid a bhaint as na meicníochtaí bainteach leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Deireadh a chur le gach cineál leatrom Ciníochais (CERD), sa troid in aghaidh an chiníochais sa dá chuid d'Éirinn. Cuireann an Treoir síos faoi réimse agus ábhar an



**Uachtarán an Choimisiúin, an Dr. Maurice Manning ag comhrá le Mercy Peters, Uas., Comhordaitheoir, Cumann na dTeifeach agus na nDídeanaithe in Éirinn agus an tUas. Abel Ugba, Roinn na Socheolaíochta, Coláiste na Tríonóide, BÁC.**

GRIANGHRAF: FRANK MILLER / THE IRISH TIMES

**Grianghraf: Frank Miller/The Irish Times**

Choinbhinsiúin, imeachtaí agus modhanna oibre an Choiste maidir le Deireadh a chur le Leatrom Ciníochais, a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhíonn Páirtithe Stáit ag cloí lena ndualgais faoin gCoinbhinsiún, lena n-áirítear imeachtaí gearán aonair, agus taispeánann sé an chaoi ar féidir le heagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad agus eagraíochtaí eile CERD a úsáid chun cur in aghaidh an chiníochais. Tá téacs an Choinbhinsiúin agus achoimrí cinnidh de chuid Choiste CERD i gcásanna gearán aonair san áireamh sna haguisíní leis *An Treoir* .

D'fhoilsigh an Coimisiún páipéar dar teideal *Cás Tuismitheoirí neamh-náisiúnta agus a bpáistí a rugadh in Éirinn* ar an 21 Deireadh Fómhair 2003. Bhí seo ag leanúint ar chinneadh de chuid na Cúirte Uachtaraí in Eanáir 2003 inar chinn an Chúirt cé go mbeadh páistí a rugadh laistigh den Stát i dteideal saorántacht Éireannach nach raibh aon uathcheart maireachtáil sa stát ag tuismitheoirí na bpáistí seo, nach náisiúnaithe iad, maireachtáil sa stát agus go raibh sé oscailt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí daoine mar seo a chur ón tír dá mbeadh cúinsí ann a d'éilfeadh seo. Tar éis seo, d'eisigh an tAire litreacha ag tabhairt rabhadh díbirte chuig suas le 700 tuismitheoir, nach náisiúnaithe iad, páistí a rugadh in Éirinn agus bhí imní ar an gCoimisiún faoin tionchar a bheadh ag seo ar dhídeanaithe agus inimirceoirí eile. Bhí imní freisin faoi easpa chomhairle dlí a bhí infhaighte do thuismitheoirí mar seo. Cuireadh an imní seo in iúl sa pháipéar agus rinneadh moltaí chuig an Rialtas dá bharr.

Thug an Coimisiún faoi thaighde, sa chuid dheireanach den bhliain faoi chaighdeáin ábhartha cearta daonna idirnáisiúnta d'oibrithe inimirceoirí agus a gclanna. Bhí seo mar chuid de thaighde i gcomhair le Coiste Náisiúnta Comhairlithe faoi Chiníochas agus Idirchultúrthas a bhí ag déanamh athbhreithniú ar chaighdeáin ábhartha AE. Foilsíodh torthaí an taighde in Aibreán 2004 mar *Cosaint Chearta Oibrithe Imirceacha agus a gClanna. Athbhreithniú ar Chaighdeáin AE agus Idirnáisiúnta; Impleachtaí do Pholasaí na hÉireann.* D'impigh an Coimisiún, go haonarach agus i gcomhthéacs an Chomhchoiste agus Fóram Comh-chothromas agus Cearta Daonna, ar an Rialtas an Coinbhinsiún idirnáisiúnta um Chosaint Chearta Oibrithe Imirceacha agus baill dá dteaghlaigh a ráthú.

Rinneadh ionadaíocht don Choimisiún ag Seiminéar Réigiúnach Saineolaithe Stát Iartharach maidir le cur i bhfeidhm Chlár Gníomhaíochta a glacadh leis ag an gComhdháil Dhomhanda in aghaidh an Chiníochais (Durban), a tionóladh sa Bhruiséil ar an 10 go 12 Nollaig 2003.

## *Daoine le Míchumas*

Rinneadh ionadaíocht don Choimisiún ag an Dara Seisiún de Choiste Ad Hoc na Náisiún Aontaithe maidir le Coinbhinsiún Cuimsitheach agus Comhtháite maidir le Cosaint agus Cur chun cinn Cearta agus Dignit Daoine le Míchumas, a tionóladh i Nua Eabhrac ón 16 go 27 Meitheamh 2003.

Bhí an Coimisiún freagrach as comhordú a dhéanamh ar shíntiús institiúidí cearta daonna náisiúnta na hEorpa maidir le díospóireachtaí ag an Seisiún agus d'aontaigh na hinstitiúidí Eorpacha faoi Páipéar maidir lena Seasamh atá le sonrú in Aguisín 11.

Chinn an Coiste Ad Hoc Grúpa Oibe a bhunú chun dréacht-théacs de choinbhinsiún a ullmhú a bheadh le plé ag Stáit agus breathnadóirí an Choiste. Bhí fiche seacht ionadaithe rialtais, dhá ionadaí déag ó eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad, agus ionadaí amháin ó institiúidí cearta daonna náisiúnta atá creidiúnaithe le Coiste Comhordaithe Idirnáisiúnta na nInsitiúidí seo (féach tuilleadh ar leathanach 24-25). Roghnaíodh ball ó Choimisiún Cearta Daonna na hAfraice Theas chun a bheith mar ionadaí na n-institiúidí náisiúnta cearta daonna, agus roghnaíodh ball d'ár gCoimisiún chun a bheith mar ionadaí d'eagraíocht nach eagraíocht rialtais é ar an nGrúpa Oibre.

D'fhoilsigh an Coimisiún i Meitheamh 2003, *Tuairimí faoin bPáipéar Molta de chuid Grúpa Comhairlithe Reachtaíocht míchumais (DLCG) ó dhearcadh Cúnant Idirnáisiúnta faoi chearta Cearta Eacnamaíochta, Sóisialacha agus Cultúrtha..* Tugadh an DLCG le chéile chun deis struchtúrtha a chur ar fáil de thras-aicme san earnáil mhíchumais chun a

**Bhain príomhimní an Choimisiúin faoin mbille le príomhoidí scoile a bheith ag ullmhú pleananna oideachais.**

dtuairimí a chur in iúl faoi chéard ar cheart a bheith in aon Bhille Míchumais sa todhchaí. Chuir an Grúpa moltaí faoi bhráid an Rialtais i bhFeabhra 2003.

Bhain *Tuairimí* an Choimisiúin le príomhmholadh an Ghrúpa, sé sin gur cheart go mbeadh soláthar déanta le haghaidh leigheas dlí, gearáin agus achomhairc i gcomhthéacs soláthar seirbhísí chun dul i ngleic le riachtanais mheastaithe go neamhspleách. Ba príomhchuspóir na *dTuairimí* ná scrúdú a dhéanamh an bhfuil, agus cé chomh mór is atá, an dlí idirnáisiúnta ag tacú leis na moltaí, agus ghlac an Coimisiún le dualgais dhlíthiúla idirnáisiúnta reatha na hÉireann faoin gCúnant Idirnáisiúnta faoi Chearta Eacnamaíochta, Sóisialacha agus Cultúrtha mar an príomhfhoinse dualgais dlíthiúla. Ghlac an Coimisiún go raibh an Cúnant Idirnáisiúnta ag tacú leis an gcineál molta a rinne an DLCG.

Chuir an Coimisiún réamhthuairimí scríofa maidir leis an mBille um Oideachas do Dhaoine le Míchumas 2003, faoi bhráid chomhchoiste an Oireachtais ar Oideachas agus Eolaíocht ar an 11 Meán Fómhair 2003. Bhain príomhimní an Choimisiúin faoin mbille le príomhoidí scoile a bheith ag ullmhú pleananna oideachais. Cháineadar freisin an ról imeallach a bhí tugtha do thuismitheoirí agus páistí sna pleananna oideachais a bhí á ullmhú ag Boird Shláinte agus Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus maidir le hathbhreithniú na bpleananna seo. Moladh freisin gur cheart go mbeadh ráiteas soiléir sa Bhille maidir le toimhdiú gnáthoideachas, leis an gcáilíocht go bhfuil daoine le míchumas i gcásanna teoranta fágtha ar lár i ngnáthscoileanna agus gur cheart seirbhísí éifeachtacha agus feiliúnacha a chur ar fáil ag teacht leis an bprionsabal den réiteach malartach is lú srianta. Rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn an Bhille tríd an Oireachtas don chuid eile den bhliain. Ní raibh inachtú déanta ar an mBille faoi dheireadh na bliana.

Thionóil an Coimisiún i gcomhair le Cumann Dlí na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhdháil phoiblí faoi 'Treochtaí Domhanda i nDlí Míchumais – ag Socrú comhthéacs do Leasú Dlí na hÉireann' in áitreabh an Chumainn Dhlí i mBÁC ar an 13 Meán Fómhair 2003. I measc na gcainteoirí ó thar lear bhí daoine ó Oifig Ardchoimisinéir na NA ar Chearta Daonna, Coimisiún Cearta Míchumais sa Ríocht Aontaithe agus Stiúrthóireacht Ghinearálta d'fhostaíocht agus gnóthaí sóisialacha Choimisiúin na hEorpa (féach Aguisín 12).

## *Inscne*

Bhí ionadaí ón gCoimisiún sa chathaoir ag seisiún oscailte Chomhdháil idirnáisiúnta faoi Mná agus an Dlí, a tionóladh in ONÉ Corcaigh ar an 8 Márta 2003. Tugadh "Ag aithint géarleanúint bunaithe ar inscne: dúshláin do dhlí agus polasaí dídeanaithe" mar theideal ar an seisiún.

D'aontaigh an Coimisiún ag a gcruinniú ar an 25 Meán Fómhair 2003, méid áirithe téamaí tosaíochtaí don scáth-thuairisc faoin gCoinbhinsiún maidir le deireadh a chur le gach cineál leatrom in aghaidh ban (CEDAW), agus cuireadh tús le hobair dhréachtaithe na tuairisce. Is iad na tosaíochtaí:

- Athbhreithniú agus tuairim faoi Bhunreacht na hÉireann ó dhearcadh inscne de
- Scrúdú ar mhodh na hÉireann faoi mhonatóireacht dhul chun cinn, forbairt ar thascairí comhionannas inscne mar mharcanna binsí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm dualgais na hÉireann faoin CEDAW; agus
- Athbhreithniú ar iombualadh gnéithe roghnaithe polasaí agus reachtaíochta maidir le laghdú ar leatrom in aghaidh ban agus cur chun cinn cearta ban sna réimsí seo a leanas:
  - Mná agus bochtanas
  - Mná agus míchumas
  - Mná imirceacha agus mná ó mhionlaigh ciníochais agus eithneacha
  - Mná níos sine.

Thionóil an Coimisiún seiminéar i gcomhair le hIonad Staidéar na mBan, ONÉ Gaillimh, mar chuid dá bpróiseas comhairlithe faoina bplean straitéiseach ar an 27 Samhain 2003. I láthair ag an seiminéar, freisin, i gcuideachta baill an Ionaid agus Coimisinéirí, bhí ionadaithe ó eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad ach bainteach le ceisteanna cearta ban.

D'ainmnigh an Coimisiún, le linn na bliana, ionadaí chuig coiste comhairlithe Togra Céime um Chomhionannas Ban ar a tugadh "Pavee Beoirs – Dul chun cinn i bPáirtíocht". Is í aidhm an togra nó pacáiste um thógáil inniúlachta atá feiliúnach i dtaobh chultúir de a fhorbairt a fheabhsódh rannpháirtíocht mná Lucht Siúil i limistéir páirtíochta sóisialaí ag leibhéal áitiúil, reigiúnach agus náisiúnta, ar an gcaoi seo ag cinntiú torthaí caighdeánacha do mhná Lucht Siúil ó na cleachtais agus polasaithe ábhartha go léir atá forbartha. Is é ról an choiste chomhairlithe nó:

- Comhairle faoi threoir straitéiseach an togra
- Aisfhothú a thabhairt agus a fháil faoi fhorbairt an togra
- A bheith rannpháirteach in athbhreithniú agus luacháil an togra
- Smaointe agus eolas a roinnt leis na heagraíochtaí urraithe, agus
- An fhoghlaim ón togra a fhí isteach ina saothar féin.

Tá an togra maoinithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

**Foilsíodh píosa mar thaighde a bhí coimisinithe ag an gCoimisiún faoi Sheanóirí i gCúram Fadtéarmach in Aibreán 2003**

## *Cothromaíocht agus Éagsúlacht Daonna*

Rinne an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar an 17 Eanáir 2003, ar chuireadh ó fhoireann Togra náisiúnta um Fhóram Eacnamaíocht agus Sóisialach maidir le Comhionannas a chur i bhfeidhm do leispigh, fir aeracha, daoine déghnéasacha agus trasghnéasacha. Phléigh an cur i láthair ach go háirithe le poitéinseail Choinbhinsiún na hEorpa maidir le cearta daonna agus dréachtchonartha faoi cás leispigh, fir aeracha, daoine déghnéasacha agus trasghnéasacha a chur chun cinn in Éirinn.

Foilsíodh píosa mar thaighde a bhí coimisinithe ag an gCoimisiún faoi Sheanóirí i gCúram Fadtéarmach in Aibreán 2003, mar dhoiciméad Comhairlithe agus cuireadh mórthimpeall daoine agus eagrais ábhartha é. Tá imní ar leith ar an gCoimisiún faoin bhfianaise sa taighde nach bhfuil aon reachtaíocht ann faoi chaighdeán cúraim. Tá imní ar an gCoimisiún freisin gur bheag an méid eolais suas chun dáta atá ar fáil faoi chaighdeán cúraim maidir le cúram fadthréimhseach poiblí nó príomháideach, nach bhfuil aon rialacha soiléire ann faoi rochtain chuig áiteanna fadtréimhseacha Bord Sláinte, nach mbaineann trédhearcacht leis an gcóras inghlactha, go bhfuil ganntanas de leapacha cúraim fhadthréimhsigh ann agus nach bhfuil córas gearán agus achomharc feiliúnach ann.

D'eisigh an Coimisiún preasráiteas ar an 30 Bealtaine 2003, ag cur imní in iúl go raibh sé molta cásanna de leatrom líomhnaithe in áitribh cheadúnaithe a aistriú ó Bhinse Fiosrúchán Comhionannais go dtí an Chúirt Dhúiche. Bhí 4 chruinniú ag an gComhfhóram um Chearta Daonna agus Comhionannas le linn na bliana agus bhí ionadaithe ag an gCoimisiún ag chuile chruinniú acu seo. Tá méid áirithe d'eagrais reachtúla comhionannais agus cearta daonna in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe san áireamh leis an bhFóram agus tugtar deis do na heagrais seo casadh le chéile laistigh de struchtúr foirmiúil chun ceisteanna coitianta a phlé. Ba iad seo na cruinnithe a tionóladh i 2003:

- Cruinniú Príomhfheidhmeannach, faoi thionól Choimisiún um Chearta Daonna, Manchester, 16 Bealtaine 2003;
- Cruinniú Cathaoirleach, agus Príomhfheidhmeannach faoi thionól Choimisiún um Dheiseanna Cothroma, Londain, 11 Meitheamh 2003,
- Cruinniú Príomhfheidhmeannach, faoi thionól an Údaráis um Chomhionannas, BÁC, 3 Deireadh Fómhair 2003; agus
- Cruinniú Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach, faoi thionól Choimisiún Comhionannas Thuaisceart na hÉireann, 20 Samhain 2003.

D'fhoilsigh an Comhfhóram um Chomhionannas agus Cearta Daonna torthaí togra taighde a rinne baill i Meitheamh 2003, dar teideal *Athsmaoineamh ar Fhéiniúlacht – Dúshlán na héagsúlachta.* Rinne an taighde scrúdú ar fhéiniúlacht agus na hilfhéiniúlachtaí a bhíonn ag daoine. Díríodh ar mhionlach eitneach míchumasach, mná eitneacha gorma, leispigh, fir aeracha, daoine déghnéasacha agus trasghnéasacha óga agus fir óga ó mhionlach eitneach.

# OBAIR CHÁIS

Tá ceithre fheidhm ábhartha ag an gCoimisiún atá san áireamh le hobair cháis. Is iad seo a leanas na feidhmeanna:

- éilimh ar fhiosrúcháin maidir le ceist chearta daonna ábhartha a mheá
- a saineolas maidir le dlí cearta daonna a thairiscint mar *amicus curiae* do chúirteanna uachtaracha i gcásanna cuí bainteach le cearta daonna.
- Tús a chur le himeachtaí chun cearta daonna daoine sa stát a dhearbhú
- Iarratais ar chúnamh maidir le himeachtaí dlí bainteach le dlí nó cleachtas cearta daonna a mheá.

Bhunaigh an Coimisiún Coiste um Obair Cháis in Aibreán 2003, ina raibh macnamh ar éilimh ar fhiosrúcháin nó iarratais ar chúnamh maidir le himeachtaí dlí bainteach le cearta daonna san áireamh leis na Téarmaí Tagartha. Ghlac an Coimisiún le critéir chun macnamh a dhéanamh ar na hiarratais seo i mBealtaine 2003. Leasaíodh na critéir seo i Iúil 2003. Bhunaigh an Coimisiún Coiste Athbhreithnithe i Iúil 2003, chun macnamh a dhéanamh ar iarratais ar athbhreithniú ar chinnidh dhiúltacha an Choiste um Obair Cháis..

## *Fiosrúcháin*

Cuireann an pobal fiosruithe faoi bhráid an Choimisiúin go minic maidir le ceisteanna cearta daonna agus déantar iarracht cabhrú leis an duine dá réir. Uaireanta cuirtear an duine ar aghaidh chuig gníomhaireacht eile nó dlíodóir áit a bpléitear níos feiliúnaí leis an gceist.

Fuair an Coimisiún 319 fiosruithe fóin idir Bealtaine 2003 agus Nollaig 2003. D'athraigh an Coimisiún óna gcur chuige foirmleach faoi fheidhmeanna maidir le hobair cháis sa dara leath den bhliain go dtí cur chuige a rinne iarracht aithint céard iad na fiosruithe nua nach raibh mar iarratais fhoirmiúla chuig an gCoimisiún.


Thug an Coimisiún faoi deara go mbaineann go leor fiosruithe le ceisteanna lasmuigh de mhionteagasc an Choimisiúin. I gcásanna mar seo, cuirfidh na hoifigigh maidir le hobair cháis daoine ar aghaidh chuig an gcúnamh nó meicníocht ghearáin cuí, mar shampla cinn le dlínse maidir le seirbhísí poiblí, rialachán ar eagrais ghairmiúla nó gnéithe den chóras coiriúil. Uaireanta is dlíodóir an duine cuí. D'fhéadfaí go ndéarfaí le daoine a thagann chuig an gCoimisiún go bhfuil cúnamh dlí ar fáil faoi scéimeanna cumann dlí coiriúil agus sibhialta.

Go minic ní bhíonn ó dhaoine ach eolas ginearálta agus déanann oifigigh um obair cháis iarracht a bheith chomh cabhrach agus is féidir maidir leis seo.

## *Iarratais Fhoirmiúla*

Bíonn cuid de na hiarratais chuig an gCoimisiún mar iarratais fhoirmiúla agus iarrtar ar an duine doicimiéadú ábhartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun tacú leis an iarratas. Tá iarratais á bhfáil ag an gCoimisiún ó mall i 2000. Tháinig ardú suntasach ar na hiarratais i 2003 faoi mar atá léirithe i dTábla 1. Ní raibh próiseáil déanta ag an gCoimisiún ar na hiarratais seo ach ó Aibreán 2003 ar aghaidh tráth a ceapadh an chéad oifigeach obair cháis agus ceapadh an dara oifigeach obair cháis i Meán Fómhair 2003.

**TÁBLA 1**





**Méid iomlán éileamh a fuaireadh sa bliain faoi réir Alt 9(1) (b) agus 10 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000**

Ó Bhealtaine 2003, thosaigh an Coiste Obair Cháis ag déanamh macnamh foirimiúil ar gach iarratas agus fiosruithe a fuaireadh ó mall sa bhliain 2000. Níor tharla ach an íosmhéid comhfhreagrais de bharr na n-iarratas seo d’uireasa an Choimisiúin. Bhí 107 iarratas fós le plé ag an gCoimisiún i mBealtaine 2003.

Bhí macnamh foirmiúil déanta ag an gCoiste Obair Cháis ar 64 iarratas faoi dheireadh 2003. Léiríonn Tábla 2 an méid iarratais a phléigh an Coiste Obair Cháis sa mí ó Bhealtaine go Samhain 2003. Measadh go raibh cuid acu imithe i léig nó socruithe. (Féach Tábla 3).


Bhí go leor iarratas fós le breathnú orthu, ainneoin an méid acu a bhí pléite ag an gCoiste agus bhí tuairim's 100 iarratas fós le plé ag an gCoimisiún.

**TÁBLA 2**




**Iarratais a bhreithnigh An Coiste Cásoibre: 2003**

**TÁBLA 3**




**Líon na n-iarratas a réitíodh nó a chuaigh i léig: 2003**


## *Cineálacha Fiosruithe*

Tá ceisteanna ardathe ag iarratais chuig an gCoimisiún bainteach le chuile cineál cearta daonna. Is iad seo a leanas limistéir thosaíochta oibre an Choimisiúin faoi mar atá léirithe sa *Plean do 2003-2006*,

a) Cearta cathartha agus polaitiúla (riarachán cirt)
b) Cearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha
c) Ceisteanna tras-ghearrtha (lena n-áirítear ciníochas, inimirce, míchumas, inscne, comhionannas, difríocht daonna, páistí agus seanóirí).

Faoi mar a fheictear i dTábla 4, idir 2000 agus 2003 tá ardú measartha comhréireach sna hiarratais, bainteach leis na limistéir thosaíochta, chuig an gCoimisiún.

**TÁBLA 4**




**Conas a bhaineann 'iarratais a fuarthas' le príomhréimsí oibre an Choimisiúin**

## *Idirghabhálacha Cúirte*

Bhreathnaigh an Coimisiún ar iarratas amháin a bheith mar *amicus curiae* san ArdChúirt i rith na bliana ach níor glacadh leis an iarratas. Níor breathnaíodh ar go leor iarratais *amicus curiae* eile mar go rabhdar bainteach le hiarratais ar fhiosrú nó achainí nach raibh socraithe fós.

# OBAIR EILE

7

## *Coinbhinsiún Eorpach faoin mBille um Chearta Daonna*

D'éiligh an Coimisiún, ó bunaíodh é, áireamh díreach a bheith déanta ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna i ndlí na hÉireann. Bhí an rialtas i bhfábhar áireamh neamhdhíreach, áfach, macasamhail an chaoi a ndearnadh sa Ríocht Aontaithe é. Chuir an Coimisiún liosta de leasuithe molta le chéile go luath i 2003 maidir le Bille an Rialtais faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna, rinneadar dréacht dá mBille féin ag soláthar d'ionchorprú díreach an Choinbhinsiúin agus tuairimiú faoi seo agus cuireadh an doiciméad seo faoi bhráid chuile bhall de Choiste tofa na Dála faoi Cirt, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Daonna Ban ag céim an Choiste den Bhille sa Dáil.

## *Comhchoiste*

Tháinig Comhchoiste an Choimisiúin agus Choimisiún Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann faoi réir Chomhaontas Aoine an Chéasta, le chéile ag cúig ócáid le linn na bliana:

**Ag cruinniú an Comhchoiste: Margaret-Ann Dinsmore, NIHRC; An Dr. Maurice Manning; Dr. Alpha Connelly; An tOllamh William Binchy; Mr. Tom O'Higgins; Suzanne Egan Uas; An tUasal Tom Donnelly, NIHRC; An tOllamh Brice Dickson, NIHRC; Nuala Kelly Uas.**



- 21 Eanáir 2003 i mBÁC
- 11 Aibreán 2003 i mBéal Feirste
- 19 Meitheamh 2003 i mBÁC
- 18 Meán Fómhair 2003 i mBéal Feirste
- 11 Nollaig 2003 i mBÁC

Chomh maith le macnamh a dhéanamh ar cheisteanna cearta daonna coitianta i gcruinnithe achainí de chuid an Chomhchoiste, tháinig fochoiste ar chiníochas agus fochoiste ar Chairt Cearta Daonna d'Oileán na hÉireann le chéile go minic chun nithe ina limistéir féin a chur chun cinn.

## *Coiste Comhordaithe Idirnáisiúnta*

Déanann Coiste Comhordaithe Idirnáisiúnta na nInstitiúd náisiúnta do Chur chun cinn agus Cosaint Chearta Daonna monatóireacht an bhfuil na hInstitiúidí Náisiúnta Chearta Daonna (NHRI) ag cloí le prionsabail NA Phárais atá bainteach leis na hinstitiúidí seo agus is fóram é, i measc nithe eile, do chomhordú gníomhaíochtaí agus plé le nithe coitianta. Déanann siad comhdháil idirnáisiúnta a phleanáil agus a eagrú i gcomhair le haoi-institiúidí do na NHRI i gcomhair le hOifig ArdChoimisinéir na NA do Chearta Daonna. Tionólann siad cruinniú bliantúil i Geneva i gcomhair le macnamh Choimisinéir na NA do Chearta Daonna ar mhír clár bainteach leis na NHRI.

Tionóladh cruinniú bliantúil den Choiste Comhordaithe Idirnáisiúnta idir 15 agus 16 Aibreán 2003. Rinne an Príomhfheidhmeannach ionadaíocht don Choimisiún ag an gcruinniú.

Tá ceithre ghrúpa Réigiúnach ag an gCoiste Comhordaithe Idirnáisiúnta, ceann don Afraic, don Eoraip, do Mheiriceá Thuaidh agus Theas agus do réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin. Bhí an Coimisiún freagrach i 2003 as ionchur an ghrúpa Eorpaigh atá bainteach le hidirbheartaíochtaí faoi Choinbhinsiún faoi chearta daoine le míchumas a chomhordú agus seasamh coitianta an ghrúpa faoin ábhar seo a dhréachtú ó am go ham.

## *Comhoibriú le Cumann Dlí na hÉireann*

Chomhthionóil an Coimisiún ar an 13 Meán Fómhair 2003, comhdháil phoiblí faoi 'Treochtaí Domhanda i ndlí míchumais: Ag bunú comhthéacs maidir le leasú ar dhlí na hÉireann" i gcomhair le Cumann Dlí na hÉireann. Tá cóip de chlár na comhdhála le fáil ag Aguisín 12.



**I láthair ag an gcomhdháil a d'eagraigh an Coimisiún i gcomhair le Cumann Dlí na hÉireann Reachtaíocht Nua um Chearta Daonna i bPlás Bhláth na nGall, BÁC, i mí Dheireadh Fómhair, 2003 bhí: An Breitheamh Onórach, Brian Kerr, Príomhbhreitheamh Thuaisceart na hÉireann; an Tiarna Breitheamh Onórach Justice Laws, Cúirt Achomharc RA; Alma Clismann, Uas., Feidhmeannach Athchóirithe Parlaiminte agus Dlí; James MacGuill, Dlíodóirí McGuill & Co.; An Breitheamh Onórach Ronan Keane, An Chúirt Uachtarach; Michael Kealy, Uas., Dlíodóirí William Fry; An Dr. Alpha Connelly, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chearta Daonna; an Dr. Maurice Manning, Uachtarán an Choimisiúin um Chearta Daonna agus an Breitheamh Onórach Rosalie Abella, Cúirt Achomharc, Ontario, Ceanada.**

Chomhthionóil an Coimisiún comhdháil faoi reachtaíocht nua cearta daonna ar an 18 Deireadh Fómhair 2003. Tá cóip de chlár na comhdhála le fáil ag Aguisín 13.

D'aontaigh an Coimisiún, ag a gcruinniú i Nollaig 2003, maidir le moladh an Chumainn comhthionóladh a dhéanamh ar chomhdháil bhliantúil bunaithe ar théama cearta daonna.

## *Suíomh Idirlín*

Cuireadh tús i Meán Fómhair 2003, le ceapachán Oifigeach Sinsearach Feasacht Chearta Daonna, ar suíomh idirlín buan a fhorbairt don Choimisiún. Tá dhá chéim i gceist le forbairt a dhéanamh ar shuíomh idirlín. Bhain an chéad chéim, a cuireadh i gcrích i 2003, le hullmhúchán ar moladh tairisceana, aontas faoi chonradh agus cur i gcrích an bundheartha agus póstáil ábhar ar an suíomh. Rinneadh forbairt ar an suíomh idirlín chun cloí le W3C, ardchaighdeán aitheanta maidir le hinfhaighteacht idirlín d'úsáideoirí le míchumas radharc agus rinne an Príomhfheidhmeannach é a sheoladh go hoifigiúil ar an 10 Nollaig 2003, Lá Idirnáisiúnta na gCearta Daonna.



**Rinne Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin, an Dr. Alpha Connelly suíomh idirlín an Choimisiúin www.ihrc.ie a sheoladh go hoifigiúil i mí na Nollag 2003 i láthair an Taoisigh, Bertie Ahern agus Uachtarán an Choimisiúin, an Dr. Maurice Manning.**

Bhí 738 cuairteoir chuig an suíomh idirlín **www.ihrc.ie** ó 10 – 31 Nollaig 2003. Tá an Coimisiún sásta go raibh an suíomh measartha gníomhach ó tharla nach raibh an suíomh cláraithe in aon eolaire le linn na 3 seachtaine a bhí gar don Nollaig, agus táthar ag súil go mbeidh sé ina ghné thábhachtach dá n-obair fheasachta bainteach le cearta daonna.

Beidh an darna chéim faoi fhorbairt suíomh idirlín curtha i gcrích i 2004.

## *Plean Gnó do 2004*

Dréachtadh, i dtreo dheireadh na bliana, Plean Gnó do 2004 bunaithe ar phlean straitéiseach an Choimisiúin.

# GNÉITHE AIRGEADAIS

8

De réir Alt 22 d'Acht Choimisiún na gCearta Daonna 2000 is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, i ngach bliain airgeadais den Choimisiún, deontas den méid a chinneann sé/sí le cead an Aire Airgeadais, a íoc as cistí a chuireann an tOireachtas ar fáil i dtreo chostais an Choimisiúin i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna. Ba €1,280,000 méid an deontais a bhronn an Coimisiún i 2003.

Rinne an Rannóg Airgeadais den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, fad agus nach raibh oifigeach airgeadais ceaptha, riaradh ar pá-dheontas an Choimisiúin ar son an Choimisiúin agus tá an Coimisiún buíoch do Rannóg Airgeadais an Choimisiúin as ucht a dtacaíochta. Rinne an Coimisiún riaradh díreach ar an ngné den deontas nár bhain le pá.

Sa bhreis ar an deontas rialtais d'éiligh an Coimisiún €852,927.66 chun a bheith in ann áitreabh buan a aimsiú agus a fheistiú. Tugadh €500,000 don Choimisiún chun seo a bhaint amach.

Tá na dréachtchuntais 2003 a cuireadh faoi bhráid an Reachtaire agus an Ardiniúchóra faoi réir alt 16 (2) d'Acht Choimisiún na gCearta Daonna 2000, le hiniúchadh leagtha amach anseo thíos.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2003

| | Euros € |
|---|---|
| IONCAM | |
| Gné nach pá é de Dheontas-i gcabhair | 415530 |
| Tuarastail | 471446 |
| Liúntais | 135022 |
| Deontas d'áitreabh nua | 500000 |
| Caiteachas ilghnéitheach DJELR | 74296 |
| **Ioncam Iomlán** | **1596295** |
| | |
| CAITEACHAS | |
| Costais Fhoirne | 471446 |
| Táillí agus Liúntais Choimisinéara | 135022 |
| Riachtanais Oifige | 44292 |
| Caiteachas áitribh nua | 414915 |
| Glanadh | 852 |
| Telecumarsáid | 6213 |
| Liúntas taistil agus cothaithe | 37647 |
| Clódóireacht agus foilsitheoireacht | 33979 |
| Táillí Dlí | 70896 |
| Árachas | 10871 |
| Táillí Gairmiúla/ Comhairlithe | 114012 |
| Comhdhálacha | 10711 |
| Ilghnéitheach. | 12781 |
| CAITEACHAS IOMLÁN | **1363637** |
| | |
| FUÍLLEACH (EASNAMH) | **232658** |

## Clár iarmhéid 2003

| | Euros € |
|---|---|
| BUNSÓCMHAINNÍ | 333677 |
| | |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | |
| Féichiúnaithe | 0 |
| Airgead sa bhanc agus i lámh | 245176 |
| | 245176 |
| DLITEANAIS REATHA | |
| Creidiúnaithe agus Fás | 12518 |
| Glan sócmhainní reatha | -232658 |
| Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha | **566335** |
| | |
| MAOINITHE AG | |
| Fuílleach ar Chuntas Ioncaim & Caiteachais | 232658 |
| Cuntas Caiptilithe | 333677 |
| | **566335** |

## Cuntas Caipitlithe 2003

| | € |
|---|---|
| IARMHÉID OSCAILTE | **0** |
| Suimigh: Breis le Bunsócmhainní sa bhliain | 367,822 |
| Lúide: Maitheamh i gcomhair le dímheasadh | 34,144 |
| | 333,677 |

## *Nótái*

***Cleachtadh Cuntasaíochta***

- *Ullmhaíodh na cuntais seo ar bhunús fás agus tá siad don tréimhse 1ú Eanáir 2003 go dtí 31ú Nollaig 2003.*
- *Rinne an tArdIniúchóir na cuntais a ullmhú d'iniúchadh laistigh de 3 mhí ó thréimhse dheireanach na bliana faoi mar atá leagtha amach in Acht an Reachtaire agus an ArdIniúchóra 1003 agus le tagairt d'Alt 16 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna*
- *Rinne an Roinn riaradh díreach ar na suimeanna go léir bainteach le tuarastail, liúntais agus caiteachas ilghnéitheach sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais*

***Bunsócmhainní agus Dímheasadh***

- *Tá bunsócmhainní san áireamh sna cuntais ag costas lúide dímheasadh.*
- *Tá na modhanna agus rátaí dímheasta seo a leanas i bhfeidhm:*
- *Trealamh agus TF curtha ar ceal thar 5 bliana ag 20% sa bhliain*
- *Léas don Fhoirgneamh curtha ar ceal thar a thréimhse de 25 bliain.*
- *Ní chuirtear an dímheasadh atá meaitseáilte ag maitheamh cothrom den chuntas capitilithe in aghaidh an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.*
- *Tá forbairt suíomh idirlín san áireamh le caiteachas ach ní mar threalamh.*

***Cuntas Caipitilithe***

*Tá fiúntas neamh-mhaite de mhaoiniú a chuirtear ar fáil do bhunsócmhainní curtha in iúl sa chuntas caipitlithe*

# AGUISÍN 1

## *Eolas faoi Bhaill an Choimisiúin*

### MANNING, Maurice (Uachtarán)

- Ceapadh an Dr Maurice Manning mar Uachtarán an Choimisiúin i Lúnasa 2002.

Tá cúlra acadúil ag an Dr Manning agus bhí sé i mbun léachtóireachta roimhe seo i gColáiste na hOllscoile BÁC agus ina ollamh cuartaíochta in Ollscoil Phárais (Vincennes) agus Ollscoil Florida Theas. Is ball é de Sheanad Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, d'Údarás Rialaithe Coláiste na hOllscoile BÁC agus bhí sé ina bhall d'Údarás Rialaithe Institiúid Ollscoil na hEorpa i bhFlorence.

Tá go leor leabhar scríofa ag an Dr. Manning faoi pholaitíocht nua-aimseartha na hÉireann. Bhí sé ina bhall den Oireachtas ar feadh bliain agus fiche ag freastal sa Dáil agus sa Seanad. Bhí sé ina bhall d'Fhóram Nua na hÉireann agus Eagras Idir-Pharlaiminte na hÉireann agus na Breataine. Bhí sé ina Cheannaire ar an Seanad agus ina Cheannaire ar an bhFreasúra freisin.

### BINCHY, William

- Tá An tOllamh Binchy ina Ollamh Dlí Regius i gColáiste na Trionóide, BÁC. Bhí sé ina chomhairleoir speisialta dlí, Leasú Dlí Teaghlaigh, don Roinn Dlí, agus reachtaíocht á ullmhú faoi chothú teaghlaigh, cosaint an tí theaghlaigh agus foréigean tí. Thug sé comhairle, mar Chomhairleoir Taighde chuig Coimisiún um Leasú Dlí, faoi leasú dlí bainteach le stádas páistí. Bhí sé mar ionadaí na hÉireann ag Comhdháil Hague faoi Dhlí Idirnáisiúnta Príomháideach i réimsí pósta agus uchtadh idir-thíortha. Bhí sé rannpháirteach go háirithe i ndíospóireacht phoiblí faoi cheisteanna cearta daonna, lena n-áirítear cinn bainteach le colscaradh, ginmhilleadh, Lucht Siúil agus dídeanaithe. Bhí sé rannpháirteach i gclár faoi bhunreachtúlacht do dhlínse Tanzania a tionóladh i nDar es Salaam, tá sé ina chomheagraitheoir ar chlár traenála do ghiúistíocht Botswana agus eagraíonn sé ceardlann bhliantúil Afraiceach ar bhunreachtúlacht do Phríomhbhreithiúna agus dlínse sinsearach stát Afraiceach i gColáiste na Trionóide BÁC atá ar siúl le hocht mbliana anois. Bhí sé ina Chomhalta Cuartaíochta i gColáiste Corpus Christi Cambridge do téarma na Féile Míchíl 2002 agus bhí sé ina bhall de choiste Hederman chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Choireanna in aghaidh an Stáit, a chur tuairisc ar fáil i mBealtaine 2002.

### BRAIDEN, Olive

- Is iarStiúrthóir ar Ionad aothú éignithe í Olive Braiden. Bhí sí i mbun feachtais chun reachtaíocht i Réimse éignithe agus míúsáid ghnéis in aghaidh pháistí a leasú. Chuir

sí tús agus d'fhoilsigh sí taighde faoi dhlí éignithe san AE. Bhunaigh sí cláir thraenála d'oibrithe pobail san Iar-Iúgslaív. Tá na cláir seo i bhfeidhm fós tar éis an choghaidh i Kosovo. Is ball boird í den tSeirbhís Cúirteanna, Bord Comhairliú Dlíthiúil agus is cathaoirleach í ar an ngníomhaireacht Aothú Toirchis agus ar an gComhairle Ealaíon. Bhí sí ina ball de go leor Páirtithe Oibre Rialtais agus Coistí Stiúrtha agus ina ball bunaithe d' UNIFEM. Bhí sí ina cónaí, thar thréimhse de chúig bliana déag, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Bheilg, sa RA, sna Bahámaí agus isa Téalainn. Bhain sí M.Phil i staidéir Inscne amach le déanaí ó Choláiste na Trionóide, BÁC.

### COLLINS, Martin

■ Is Stiúrthóir Cúnta é Martin Collins ar Ionad Pavee Point an Lucht Siúil. Tá taithí fhorleathan aige in obair phobail leis an Lucht Siúil le 17 bliain anuas. Is iarbhall é de Tascfhórsa an Rialtais ar an Lucht Siúil a bhreathnaítear air mar bhunchloch maidir le hanailís agus creatlach nua a chur ar fáil do ghníomhú ar fhadhbanna a bhíonn ag an Lucht Siúil. Bhí sé ina bhall de Choiste Monatóireachta a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Tuairisc an Tascfhórsa 1995.

Is ball bunaithe é freisin de Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann ina bhfuil ballraíocht de thar 80 grúpa Lucht Siúil. Tá sé rannpháirteach, tríd a chuid oibre le Pavee Point, le traenáil frithchiníochas a sholáthar do réimse leathan gairmeanna lena n-áirítear na Gardaí, na múinteoirí agus oibrithe sóisialacha. Bhí sé rannpháirteach go gníomhach freisin san fheachtas do theacht isteach reachtaíocht fhrithleatrom, an tAcht um Stádas Cothrom agus an tAcht um Fhostaíocht Chothrom a thug deis leighis don Lucht Siúil don chéad uair riamh maidir le leatrom mídhleathach.

### DALY, Robert

■ Is saineolaí é an tOllamh Daly maidir le Míordú Strus Iar-coscrach, maidir le tionchar síciatrach ceistiúcháin agus ciaptha agus maidir le gnéithe leighis cearta daonna go ginearálta. Rinne sé ionadaíocht roimhe seo do Rialtas na hÉireann chuig Coimisiún na hEorpa um Chearta Daonna sa chás ciaptha in aghaidh an RA, bhí sé ina bhall de Bhord Comhairle Leighis Amnesty International a bhain amach duais shíochána na hEorpa, thug sé comhairle d'Aontas Saoirsí Cathartha Mheiriceá agus bhí sé ag obair do dhaoine a bhí gortaithe de bharr mhíúsáide i Stáit Mheiriceánacha Theas agus Cogaidh na mBalcán. Rinne sé luacháil ar chláir de chuid Choimisiún na hEorpa agus Comhairle na hEorpa i go leor codanna den domhain. Bhí sé ina thraenálaí freisin don Choiste um Chosc Ciaptha, d'oibrithe cearta daonna i gcoimhlint Kosovo 'srl.

Bhí sé ina fhinné saineolach ar go leor cásanna bainteach le cearta daonna ar dhá thaobh na teorann agus sa RA. Tá sé ar Choiste Cumann Síciatrach Domhanda faoi láthair ag plé le líomhaintí míúsáide agus mar Chathaoirleach Rannóg na hÉireann do Choláiste Ríoga na Síciatraithe. Thug sé comhairle don Aire Sláinte faoi athruithe sa

Dlí Sláinte Meabhrach. Bhí sé ina Deán Leighis agus ceannaire ar Roinn Síciatrach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Stiúrthóir Clinice i mBord Sláinte an Deiscirt agus mar bhall den Chomhairle um Thaighde Leighis.

**EGAN, Suzanne**

■ Tá Suzanne Egan ina léachtóir i nDlí Cearta Daonna Idirnáisiúnta agus Eorpach i nDámh an Dlí i gColáiste na hOllscoile, BÁC ó 1992 i leith. Is abhcóide cáilithe í agus tá céim mháistreachta i nDlí aici ó Scoil Dlí, Osgoode Hall i Toronto. Bhí sí ina Maor Dlíthiúil ar ionad neamhspleách taighde ar dhlí agus polasaí teifigh i gCeanada. (1989 – 1991). Agus Cúntóir Taighde ag Coimisiún um Leasú Dlí in Éirinn sula raibh sé ina léachtóir i gColáiste na hOllscoile, BÁC. Is ball bunaithe í de Ghrúpa Polasaí um Chosaint Teifeach in Éirinn, grúpa neamhspleách dlíodóirí, lucht acadúil agus daoine eile atá ag obair i réimse dlí agus polasaí teifeach. Is iarbhall í freisin den Choiste Feidhmeannach de Chomhairle Teifeach na hÉireann. D'fhoilsigh sí go leor bainteach le réimse na gcearta daonna, maidir le dlí agus polasaí teifeach ach go háirithe.

**LIDDY, Jane**

■ Rugadh Jane Flood Liddy, i mBÁC agus cháiligh sí ina habhcóide i 1972, bhain sí amach Dioplóma sa Dlí Eorpach i 1974, ba í an ball Éireannach deireanach ar Choimisiún Eorpach na gCearta Daonna (1987-1999). Tá dlínse ag an eagras neamhspleách seo i thart fá 40 tír. Is iar-uachtarán í ar a gcéad seomra. Bhí diúltiú roinnt cásanna, go minic tar éis imeachtaí trodach, lena n-áirítear imeachtaí béil, cinnidh nach raibh faoi réir achomharc agus freisin ag meá fiúntas cásanna eile trí fhiosrúcháin, m.sh. sa Turc roimh an breithiúnas deireadh ó Chúirt na gCearta Daonna i Strasbourg. D'éirigh sí as an Stát Seirbhís i 1987 chun an post seo a thógáil. Roimhe sin bhí sí ina Comhairleoir Cúnta Dlí sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, i measc na ndualgas a bhí aici bhí comhairle a thabhairt faoi gach gné de dhlí Cearta Daonna Idirnáisiúnta. Tá go leor foilsithe aici agus thug sí cainteanna faoi cheisteanna Cearta Daonna in Éirinn agus thar lear ó 1984 i leith.

**FARRELL, Michael**

■ Bhí baint mhór ag Michael Farrell i ngluaiseacht na gCearta Daonna i dTuaisceart na hÉireann sna 60dí agus bhí sé i mbun feachtais faoi go leor cearta cathartha agus Cearta Daonna le tríocha bliain anuas. Bhí sé rannpháirteach i bhfeachtais do Sheisear Birmingham agus daoine eile a d'fhulaing de bharr mí-riaradh dlí sna 80dí agus i bhfeachtas in aghaidh chinsireacht pholaitiúil faoi Alt 31 den Acht Craoltóireachta. Bhí sé ina Leaschathaoirleach agus ansin ina chomhchathaoirleach ar Chomhairle na hÉireann do Shaoirsí Cathartha don chuid is mó de na 90dí agus bhí sé rannpháirteach i bhfeachtais maidir le cearta daoine aeracha, colscaradh, dlíthe cothromais, cearta teifeach, in aghaidh ciníochais, agus maidir le háireamh Coinbhinsiún na hEorpa ar Chearta Daonna i ndlí na hÉireann. Tá M.Sc i bPolaitíocht

aige agus bhí sé ina iriseoir agus ina údar. Is dlíodóir anois é agus bhí sé rannpháirteach i gcásanna a tugadh chuig Cúirt Eorpach na gCearta Daonna agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile. Rugadh agus tógadh i gCo. Dhoire é, mhair sé i mBéal Feirste ar feadh 20 bliain sula bhog sé go BÁC áit ina bhfuil sé ina chónaí anois.

### KELLY, Nuala

■ D'oibrigh Nuala Kelly ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun meas agus cur i bhfeidhm cearta daonna a chinntiú do imirceoirí Éireannacha agus príosúnaithe thar lear. Chabhraigh sí chun comhordú a dhéanamh ar fheachtais chun cearta Seisear Birmingham, Ceathrar Guildford, Clann Mhaguidhir, agus daoine eile a sáraíodh ar a gcearta, a cheartú agus chuir sé cás seirbhíse le chéile do chuile phríosúnach thar lear.

Leanann sí ag obair ar thograí bainteach le príosúnaithe mar shampla Expac agus an tIontaobhas Oideachasúil, eagras trastheorainn a dháileann deontais do hiarphríosúnaithe maidir le hoideachas agus traenáil. Bíonn sí i mbun obair thaighde agus chomhairlithe freisin ag díriú ar cheisteanna príosúin, imirce agus polasaí sóisialach.

Bhí sí rannpháirteach san Fhóram do Shíoch               áin agus Athmhuintearas agus ina ball den Fhóram Comhairlithe do Chlár Síochána an AE. Bhí sí ina ball freisin de Ghrúpa Oibre Cearta Daonna do Chirt agus Síocháin agus ina ball den bhord den Ionad Taighde agus Leatrom atá bunaithe i mBéal Feirste. Fuair sí a cuid oideachais in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, tá MSSc i Socheolaíocht aici agus rinne sí traenáil abhcóideachta cearta daonna idirnáisiúnta in Ollscoil Columbia i Nua Eabhrac. Bhí sí ag múineadh ar chúrsaí cearta daonna agus oideachas aosach agus rannpháirteach i bhfeachtais faoi chearta ban agus pobail.

### McGRORY, Clodach

■ Rugadh Clodach McGrory i mBéal Feirste. Bhain sí céim i nGaeilge amach i gColáiste na Trionóide, BÁC, i 1986 agus teastas i staidéir dhlí ghairmiúla agus LLM i gCearta Daonna agus Dlí Éigeandála ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Bhí sí ag obair ina habhcóide i dTuaisceart na hÉireann agus ina dhiaidh sin in Ionad Dlí Thuaisceart na hÉireann. Bhí sí ina ball gníomhach den NGO bunaithe i mBéal Feirste, an Coiste um Riarachán Cirt.

I 1997, ceapadh í chuig an gCoiste Caighdeánach Comhairlithe um Chearta Daonna i dTuaisceart na hÉireann. Tar éis Chomhaontas Aoine an Chéasta ceapadh í ina Coimisinéir Athbhreithniú Pionóis. Bhí freagracht aici sa phost seo do shaorú phríosúnaithe faoin reachtaíocht éigeandála i dTuaisceart na hÉireann. Tá ceapachán páirt-aimseartha dlíthiúil aici mar Chathaoirleach ar Bhinsí Fiosrúcháin faoi Shlándáil Shóisialach ó Bhealtaine 2002.

Ceapadh í chuig Coimisiún Athbhreithniú Pionós Saoil, eagras neamhspleách a dhéanann cinnidh maidir le saorú príosúnaithe saoil, a cuireadh i bpríosún faoi reachtaíocht nach reachtaíocht éigeandála i dTuaisceart na hÉireann é, i Iúil 2002.

**Ní AOLÁIN, Fionnuala**

■ Is Ollamh Dlí in Institiúid Idirthréimhsiúil Ollscoil Uladh agus Ollamh Cuartaíochta chuig Scoil Dlí Ollscoil Minnesota í an tOllamh Fionnuala Ní Aoláin. Bhí sí roimhe seo ina Scoláire Cuartaíochta chuig Scoil Dlí Harvard (93-94); Comhpháirtí i nDlí i Scoil Dlí Columbia (94-96); Ollamh Cuartaíochta i Scoil Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Poiblí in Ollscoil Columbia (96-00); Ollamh Cúnta Dlí in Ollscoil Eabhrách (97-99) agus Comhpháirtí Cuartaíochta in Ollscoil Princeton (01-02). Luíonn a cuid spéiseanna teagaisc agus taighde i réimsí dlí idirnáisiúnta agus dlí cearta daonna idirnáisiúnta. Tá go leor foilsithe aici i réimse cumhachtanna éigeandála, rialachán coimhlinte, agus foiréigean bunaithe ar ghnéas in am cogaidh. Is ball tofa í de Choiste Feidhmiúchán don Choiste ar Riarachán Cirt atá bunaithe i mBéal Feirste agus is ball freisin í de Chomhairle na hÉireann do Shaoirsí Cathartha. Ba ionadaí í roimhe seo don Ionchúisitheoir ag Binse Fiosrúcháin Coiriúil Idirnáisiúnta don Iar-Iúgslaív ag trialacha coireanna cogaidh baile i mBosnia (96-97). Cheap Rannóg na NA maidir le chur chun cinn Ban í mar Shaineolaí Speisialta chun cothromas inscne a chur chun cinn in am coimhlinte agus síochána. Is cainteoir dúchais Gaeilge í.

**O'HIGGINS, Tom**

■ Is cuntasóir cairte é Tom O'Higgins agus céimí eacnamaíochta agus staire ó Choláiste na hOllscoile BÁC agus i mbainistíocht Acmhainní daonna ó Scoil Ghnó Sheffield. Is iarUachtarán é ar Insitiúid na gCuntasóirí Cairte, agus ball den Institiúid Pearsanra agus Forbartha agus Instiúid Cánach.

Ba pháirtí é i PricewaterhouseCoopers ó 1969 go 2000 áit a raibh sé ina phríomhpháirtí inúchta agus Ceannaire Acmhainní Daonna. Leanann sé ag cabhrú le heagraíochtaí maidir le hearcaíocht agus acmhainní daonna agus is ball é de bhoird roghnaithe do Choimisiún na Stát Seirbhíse agus do eagrais eile. Is speisialtóir é maidir le rialadh corparáideach, is Cathaoirleach é ar Ospidéal na mBan sa Choombe, agus bhí sé ina Chathaoirleach agus ina bhall de Bhord Concern ar fud an domhain. Is cathaoirleach é agus ball de choistí iniúchta de go leor eagrais Stáit agus leath-stáit. Is ball freisin é den Pháirtíocht um Athrú, traenáil feidhmeannach, agus eagraíocht monatóireachta agus is stiúrthóir é de go leor comhlachtaí príomháideacha.

**QUINN, Gerard**

■ Is Ollamh le Dlí in ONÉ Gaillimh é Gerard Quinn. Cháiligh sé ina abhcóide i Samhain 1983, tá dochtúireacht aige in Eolaíocht Dlínsíochta ó Harvard. (S.J.D.). Bhí sé ina Stiúrthóir Taighde ar Choimisiún Leasú Dlí agus bhí sé i mbun foireann thaighde

dhlí an Choimisiúin maidir le Stádas Daoine le Míchumas. D'oibrigh sé le Coimisiún na hEorpa maidir le ceisteanna cearta daonna ginearálta chomh maith le hionstraim polasaí AE a ullmhú i réimse cearta míchumais. Is stiúrthóir é ar Líonra AE de Dhlíodóirí Leatrom Míchumais. Is ball é den choiste Eorpach um Chearta Sóisialacha (Comhairle na hEorpa). Is ball é de bhoird chomhairle thaighde Líonra Mharthanóirí Mianach Talún (Washington DC), Clár Monatóireacht Fundúireacht Soros an AE maidir le baillstáit nua faoi míchumas (Budapest), AHEAD (Cumann um Rochtain Ardoideachais agus Míchumais) BÁC agus Páistí na hEorpa, Ár gCúram (An Bhruiséil). Is ball é de ghrúpa Oibre na NA a tháinig le chéile chun conradh a dhréachtú maidir le cearta daoine le míchumas. Tá go leor foilsithe aige faoi chearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha, faoi chearta daoine le míchumas agus faoin AE agus Cearta Daonna.

### TAYLOR, Mervyn

■ Is iar-Aire Comhionannas agus Athchóirithe Dlí é Mervyn Taylor agus bhí sé ina Theachta Dála ar feadh níos mó ná 16 bliain. Bhí sé ina Leas Fuipe Rialtais ó 1982 go 1987. Bhí sé ina urlabhraí agus é sa fhreasúra ar go leor réimsí ina measc, Oideachas, Cearta, Airgeadas, agus Seirbhís Phoiblí, Tionsclaíocht agus Tráchtáil agus Cothromas Fostaíochta agus Leasú Dlí. Is dlíodóir é le 40 bliain anuas ach amháin ar feadh a thréimhse aireachta. Is iarbhall é de Choiste Monatóireachta na hEorpa ar Chiníochas agus Seineafóibe.

### ZAPPONE, Katherine

■ Is fealsúnaí, oideachasóir agus comhairleoir neamhspleách taighde um pholasaí poiblí í Katherine Zappone. Bhí sí rannpháirteach mar Príomhfheidhmeannach de Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn ar go leor coistí agus grúpaí oibre ag leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta chun cearta eacnamaíochta agus sóisialacha ban agus cothromas inscne a chur chun cinn. Is iarbhall í de Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialach na hÉireann agus bhí sí i mbun go leor tograí taighde náisiúnta faoi pholasaí poiblí agus cothromas inscne agus cothromas in oideachas páistí. Is comhbhunaitheoir agus Cathaoirleach ar Cosán í, eagraíocht mhór phobail i dTeamhlacht Theas i mBÁC atá dírithe ar deireadh a chur leis an mbochtanas tríd oideachas.

Chaith sí deich mbliana i mbun léachtóireachta i gColáiste na Trionóide, BÁC in eitic agus i gCearta Daonna agus bhí sí ag léachtóireacht i gCeanada, san Astráil, san Eoraip, sna SAM agus ar fud na hÉireann. D'fhoilsigh sí go leor faoi feimeanachas, eitic, ceisteanna cothromais agus oideachas, bíonn sí i mbun taighde, i mbun comhairlithe agus teagaisc. I measc a cuid saothair is déanaí tá: Ag mapáil Clár na Cothromaíochta: Creatlach comhtháite do straitéis chothromaíochta in Éirinn thuaidh agus Theas (2001) agus Ath-smaoineamh ar an bhféiniúlacht: Dúshlán na héagsúlachta (2003). Tá PhD in Oideachas agus Creideamh aici ó Choláiste Boston.

# AGUISÍN 2

## *Páipéar leis an bPríomhfheidhmeannach agus Oibrí Cáis Sinsearach faoi fheidhm Fhiosrúcháin an Choimisiúin*

RÉIMSE GINEARÁLTA CHUMAS AN CHOIMISIÚIN FIOSRÚCHÁIN A THIONÓIL FAOI RÉIR ALT 9(1)(B) D'ACHT AN CHOIMISIÚIN UM CHEARTA DAONNA, 2000

Le Alpha Connelly, Príomhfheidhmeannach, agus Des Hogan, Oibrí Cáis Sinsearach

BROLLACH

Tá feidhmeanna an Choimisiúin liostáilte in Alt 8 **d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000 (an tAcht).** Ceann de na feidhmeanna seo nó fiosrúcháin a reachtáil faoi réir agus de réir Alt 9 den Acht: tugann alt 8(f). alt 9(1)(b) cumhacht don Choimisiún faoi réir fhorálacha sonraithe an Achta, fiosrúchán a reachtáil maidir le "aon ábhar ábhartha" ar éileamh ó aon duine a mheasann go bhfuil reachtáil fiosrúcháin riachtanach nó oiriúnach d'fheidhmiú aon cheann d'aidhmeanna an Choimisiúin faoi chuid (a), (c), (d) nó (e) d'alt 8.

D'éiligh an Coimisiún tuairim dlí ó abhcóide sinsearach maidir le, i measc nithe eile, réimse ginearálta chumas an Choimisiúin faoi alt 9(1)(b). Aontaíonn muid go ginearálta le tuairim an abhcóide faoin gceist seo; sé sin go bhfuil cumas an Choimisiúin fiosrúchán a reachtáil faoi alt 9 (1)(b) teoranta trí thagairt d'fheidhmeanna eile an Choimisiúin atá sonraithe i gcodanna (a), (c), (d) agus (e) d'alt 8; nach foras breithiúnais atá i gceist leis an gCoimisiún, nach féidir leis an gCoimisiún agus feidhm fhiosrúcháin á cur i bhfeidhm aon tuairim a thabhairt faoi fhiúntas aon líomhaintí faoi shárú chearta daonna ach is féidir moltaí a dhéanamh, m.sh. tar éis tuairim a chruthú faoi oiriúnacht agus éifeachtacht dlí agus cleachtas sa stát bainteach le cosaint chearta daonna.

Is é cuspóir an pháipéir ghairid seo nó béim a chur ar chuid de na pointí a bhí ag an abhcóide ina thuairim, agus cuntas níos iomláine a thabhairt faoi chumas ginearálta an Choimisiúin faoin fhoráil seo faoi mar a thuigtear dúinne é.

AN NASC LE FEIDHMEANNA EILE AN CHOIMISIÚIN

Tá sé thar a bheith tábhachtach nach seasann cumas an Choimisiúin fiosrúchán a reachtáil faoi alt 9 (1) (b) leis féin mar go gcaithfear an cumas seo a chleachtadh i gcomhair le feidhm nó feidhmeanna sonraithe an Choimisiúin. Is iad na feidhmeanna seo nó:

- oiriúnacht agus éifeachtacht dlí agus cleachtas sa stát bainteach le cosaint chearta daonna a choinneáil faoi athbhreithniú: Alt 8(a);
- dul i gcomhairle le heagrais náisiúnta agus idirnáisiúnta nó gníomhaireachtaí, ag a bhfuil eolas nó saineolas i réimse na gcearta daonna, faoi mar a mhothaíonn an Coimisiún a bheith cuí: alt 8 (c);
- ar a gconlán féin nó ar éileamh an rialtais, moltaí a dhéanamh chuig an Rialtas faoi mar a mhothaíonn siad a bheith cuí, bainteach leis na céimeanna a mheasann an Coimisiún a cheart tógáil chun cearta daonna a threisiú, a chosaint agus a dhaingniú sa Stát: alt 8(d);
- tuiscint agus feasacht faoi chearta daonna a chur chun cinn sa Stát agus, do na cuspóirí seo tabhairt faoi, urraíocht a thabhairt nó coimisiniú a dhéanamh nó cúnamh airgeadais nó eile a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí oideachasúla agus taighde: alt 8(e).

Caithfear Alt 9(1)(b) a léamh i gcomhair le ceann amháin nó níos mó d'fhorálacha eile an Achta, agus nuair atá fiosrúchán ar bun ag an gCoimisiún faoi alt 9(1)(b), déanfar an fiosrúchán seo a chur i gcrích trí thagairt a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna an Choimisiúin. Sé sin le rá, tá comhthéacs níos leithne ann ina ndéanann an Coimisiún fiosrúchán a chur i gcrích in ionad éileamh ar leith. Ní sheasann Alt 9(1)(b) leis féin. Caithfear cumas an Choimisiúin faoin fhoráil seo a chleachtadh i gcomhair le ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna sonraithe eile.

D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach dá léireodh muid céard a chiallódh seo i gcleachtadh, agus déantar seo thíos maidir le gach ceann de na feidhmeanna eile.

1. *Athbhreithniú ar Oiriúnacht agus Éifeachtacht an Dlí agus an Chleachtais sa Stát bainteach le Cosaint Chearta Daonna: Alt 8(a)*

   D'fhéadfadh éileamh ó dhuine go ndéanfadh an Coimisiún fiosrúchán a bheith bainteach le hoiriúnacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint chearta daonna, agus is féidir leis an gCoimisiún fiosrúchán a dhéanamh faoi 'ábhar ábhartha' agus athbhreithniú á dhéanamh ar oiriúnacht agus éifeachtacht an dlí agus/nó an chleachtais.

Sampla de seo nó fiosrúchán faoi ghnéithe de chóras gearán na nGardaí nó faoi choinníollacha coinneála duine in institiúid shíciatrach mar chuid den athbhreithniú ar oiriúnacht agus éifeachtacht an dlí ábhartha agus/nó cleachtas.

2. *Dul i gcomhairle le heagrais nó gníomhaireachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta le heolas nó saineolas i réimse na gcearta daonna: Alt 8(c)*

   D'fhéadfadh de bharr éileamh ó dhuine go ndéanfadh an Coimisiún fiosrúchán go rachadh an Coimisiún i gcomhairle le heagras nó gníomhaireacht náisiúnta nó idirnáisiúnta le heolas nó saineolas i réimse na gcearta daonna, agus d'fhéadfadh an Coimisiún mar chuid den chomhairleoireacht seo fiosrúchán a dhéanamh faoi 'ábhar ábhartha'.

   Sampla de seo nó fiosrúchán i gcomhthéacs an Choimisiúin a bheith i gcomhairle le heagras monatóireacht-conartha idirnáisiúnta maidir le scáthú a dhéanamh ar thuairiscí na hÉireann chuig an eagras faoi na céimeanna a glacadh leo chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an chonartha chuí. Sampla ar leith nó fiosrúchán a bheadh déanta ar éileamh mná atá ina cónaí faoin tuath maidir leis na seirbhísí sláinte a bheadh ar fáil di agus eolas faoi thoradh an fhiosrúcháin seo a chur ar fáil do chomhairleoireacht an Choimisiúin leis an gCoiste um Dheireadh a chur le Leatrom in aghaidh Ban. D'éiligh an Coiste go mbeadh eolas cuimsitheach faoi chás mná tuaithe, lena n-áirítear sonraí staitistiúla faoi dhóchúlacht fad saol san áireamh leis an gcéad tuairisc eile de chuid na hÉireann.

3. *Moltaí an Rialtais maidir le céimeanna a mheasann an Coimisiún a cheart tógáil chun cearta daonna sa Stát a threisiú, a chosaint agus a dhaingniú: Alt 8(d)*

   D'fhéadfadh éileamh ó dhuine go ndéanfadh an Coimisiún fiosrúchán a bheith bainteach le moladh nó moltaí a bheadh curtha faoi bhráid an Rialtais ag an gCoimisiún maidir le cearta daonna sa Stát a threisiú, a chosaint agus a dhaingniú agus d'fhéadfadh an Coimisiún, nuair atá an moladh/moltaí seo á meá, fiosrúchán a dhéanamh faoi 'ábhar ábhartha'.

   Is í feidhm an Choimisiúin faoi alt 8(a) oiriúnacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát bainteach le cosaint chearta daonna atá bainteach go gar le feidhm mholta faoi alt Alt 8(d) mar go bhféadfaí glacadh go réasúnach leis go mbeadh athbhreithniú faoi alt 8(a) mar bhunús do mholadh chuig an Rialtas faoi alt 8(d). Sampla de seo nó fiosrúchán faoi lámhseáil gearáin faoi droch-chóireáil ó Bhaill de na Gardaí a bheadh mar fhianaise go bhfuil gá le córas gearáin gardaí níos cothroime agus neamhspleách agus go mbrathfadh an Coimisiún ar an bhfianaise seo nuair a bheadh moltaí á dhéanamh chuig an Rialtais faoi.

4. *Cur chun cinn Tuisceana agus Feasachta faoi thábhacht na gCearta Daonna sa Stát: Alt 8(e)*

D’fhéadfadh go mbainfeadh éileamh ó dhuine go ndéanfadh an Coimisiún fiosrúchán le cur chun cinn tuisceana agus feasachta faoi thábhacht na gcearta daonna sa Stát. De réir Alt 8(e) go bhféadfadh an Coimisiún, ar mhaithe leis an tuiscint agus feasacht seo a chur chun cinn, tabhairt faoi, urraíocht a thabhairt nó coimisiniú a dhéanamh, nó cúnamh airgeadais nó eile a chur ar fáil le haghaidh taighde agus Gníomhaíochtaí oideachasúla.

D’fhéadfadh an Coimisiún, i gcur chun cinn na tuisceana agus na feasachta seo, fiosrúchán a dhéanamh faoi ‘ábhar ábhartha’.

Sampla de seo nó fiosrúchán a bheadh déanta faoi chás ar leith d’fhocail a mheastar atá mar chiníochas nó iompar státsheirbhísigh mar réamhtheachtaire ar choimisinú taighde an Choimisiúin faoi gur tharla an t-iompar ciníochais seo sa Roinn Rialtais nó go gcuirfí b’fhéidir cúrsa traenála frithchiníochais ar fáil don Roinn. Sampla eile nó dá ndéanfaí fiosrúchán faoi oiriúnacht soláthar (nó easpa soláthar) lóistín údaráis áitiúla don Lucht Siúil le súil go n-ardófaí tuiscint agus feasacht chaighdeáin chearta daonna ar cheart don Stát breathnú ina ndiaidh sa chás seo.

Cuireann ceithre fheidhm eile an Choimisiúin an comhthéacs ar fáil ina bhféadfadh an Coimisiún fiosrúchán a dhéanamh ar éileamh ó dhuine.

## NÁDÚR RIACHTANACH RÓL AN CHOIMISIÚIN I GCUR I GCRÍCH FIOSRÚCHÁIN AGUS NA HIMPLEACHTAÍ MAIDIR LE TÉARMAÍ AN TORADH DON DUINE A D’ÉILIGH AN FIOSRÚCHÁN

An dara pointe tábhachtach nó nach eagras breithiúnais maidir le cinnteoireacht cearta é an Coimisiún nuair atá cumas chun fiosrúchán a dhéanamh ar éileamh ó dhuine a chleachtadh. Níl an Coimisiún ar aon dul le, i gcleachtadh na feidhme seo, le cúirt dlí nó binse fiosrúcháin dlí. Níl cur i gcrích fiosrúcháin ar aon dul le ach oiread le heagrais idirnáisiúnta mar shampla Coiste Cearta Daonna nó an Coiste chun deireadh a chur le Leatrom Ciníochais ag déanamh macnamh ar chumarsáidí ó dhaoine aonair atá ag rá go bhfuil sárú déanta ar chearta ar leith faoin gconradh ábhartha cearta daonna (sa chéad chás, Cúnant Idirnáisiúnta faoi Chearta Cathartha agus Polaitiúla agus sa chás deireadh Cúnant Idirnáisiúnta chun deireadh a chur le gach cineál Leatrom Ciníochais).

Níl cumhacht ag an gCoimisiún, i gcleachtadh feidhm an fhiosrúcháin, faoin Acht chun

fáil amach nó cinneadh a dhéanamh gur tharla sárú ar chearta daonna an duine a d'éiligh an fiosrúchán, nó aon duine, agus leigheas ar an sárú a sholáthar don duine. Áit go bhfuil an fiosrúchán déanta maidir le feidhm an Choimisiúin faoi alt 8(a), is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis gur nochtaigh an fiosrúchán easpa sa dlí agus /nó cleachtas an Stáit bainteach le cosaint chearta daonna agus d'fhéadfadh an chonclúid seo, chomh maith, a bheith mar bhunús molta chuig an Rialtas faoi alt 8(d) maidir leis na céimeanna a d'fhéadfaí a thógáil chun cearta daonna a threisiú, a chosaint agus a dhaingniú sa Stát. Áit go ndearnadh an fiosrúchán faoi réir fheidhm an Choimisiúin faoi alt 8(c), cuirfear toradh an fhiosrúcháin san áireamh nuair atá an Coimisiún i gcomhairle le heagras nó gníomhaireacht náisiúnta nó idirnáisiúnta ar leith. Áit go bhfuil an fiosrúchán á dhéanamh faoi réir fheidhm an Choimisiúin faoi Alt 8(e), d'fhéadfaí go nglacfaí le clár oideachasúil ar leith de bharr an cheist atá áibhsithe ag an éileamh.

Cé nach bhfuil cumas ag an gCoimisiún rá ar tharla sárú ar chearta daonna an duine, d'fhéadfadh an Coimisiún, in ár dtuairim, tuairimí a chur in iúl nach bhfuil go deimhneach ag rá gur tharla sárú. Mar shampla, d'fhéadfadh an Coimisiún rá go bhfuil dabht ann de bharr an fhiosrúcháin an raibh meas ar chearta daonna daoine áirithe, nó go bhfuil imní nó ceisteanna ardaithe ag an bhfianaise nach raibh meas ar chearta daonna an duine. Mholfadh muid go mbéifí cúramach faoi fhrásáil na gconclúidí seo chun nach gceapfaí go raibh an Coimisiún ag rá gur sáraíodh cearta daonna an duine agus mholfadh muid don Choiste Obair Cháis breathnú ar cheist faoi fhrásáil cuí thoradh fiosrúcháin agus tuairisci a chur ar ais chuig imeachtaí iomlánacha le himeacht ama.

## FEIDHMEANNA ÁBHARTHA EILE AN CHOIMISIÚIN

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara freisin má éilíonn duine fiosrúchán a bheith déanta ag an gCoimisiún faoi alt 9(l)(b) an Achta, nach gciallaíonn sin nach bhféadfadh an Coimisiún cumarsáid an duine a láimhseáil ina dhiaidh sin faoi alt ábhartha eile de chuid an Achta. Mar shampla, nuair atá an t-éileamh á mheas b'fhéidir go bhfeicfí go mbeadh sé níos fearr dá n-éilfeadh an duine cabhair an Choimisiúin faoi alt 10 an Achta maidir le himeachtaí dlíthiúla; nó d'fhéadfadh an Coimisiún, mar thoradh an fhiosrúcháin, imeachtaí a thionscnú i gcúirt le dlínse cuí faoi alt 11 den acht chun leigheas a bhaint amach don duine bainteach. D'fhéadfadh go ndéarfadh cúirt gur tharla sárú ar chearta daonna an duine agus go gcuirfeadh an chúirt leigheas ar fáil mar thoradh ar chur i bhfeidhm feidhmeanna an Choimisiúin faoi 8(j) maraon le halt 10 nó faoi alt 8(k) maraon le halt 11. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go n-iarrfadh an Coimisiún cead, de bharr éileamh fiosrúcháin nó fiosrúchán a bheith curtha i gcrích, chun a bheith mar *amicus curiae* in imeachtaí áirithe os comhair na hArdCúirte nó na

Cúirte Uachtaraí de réir na feidhme atá ag an gCoimisiún faoi alt 8(h) den Acht. Mar sin de, ní chiallaíonn sé má tá éileamh faighte ag an gCoimisiún faoi 9(1)(b) den Acht go dtarlódh macnamh ar shubstaint an éilimh díreach faoin fhoráil reachtúil sin.

## ACHOIMRE

Tá go leor pointí tábhachtacha le tabhairt faoi deara faoi chumas an Choimisiúin fiosrúchán a chur i bhfeidhm ar éileamh duine faoi 9(1)(b) d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000. Is iad sin:

1. Ní sheasann Cumas an Choimisiúin fiosrúchán a chur i gcrích leis féin. Tá sé nasctha le ceithre fheidhm eile ar leith de chuid an Choimisiúin agus déantar é a chleachtadh i gcomhair le ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna seo. Is iad seo na feidhmeanna eile:
   a. athbhreithniú ar oiriúnacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát bainteach le cosaint chearta daonna
   b. dul i gcomhairle le heagrais nó gníomhaireachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta le heolas nó saineolas i réimse na gcearta daonna
   c. moltaí an Rialtais maidir le céimeanna a mheasann an Coimisiún a cheart tógáil chun cearta daonna sa Stát a threisiú, a chosaint agus a dhaingniú;
   d. cur chun cinn tuisceana agus feasachta faoi thábhacht na gcearta daonna sa Stát.

2. Ní ról breithiúna atá ag an gCoimisiún i gcur i gcrích fiosrúcháin. Ní féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh ar sáraíodh cearta daonna duine.

3. Mar sin de ní féidir leis an gCoimisiún leigheas a shólathar maidir le sárú a tharlaíonn ar chearta daonna an duine. Is féidir leis an gCoimisiún, áfach, i gcleachtadh feidhme eile ar fad, m.sh. an fheidhm faoi alt 8(j) léite i gcomhair le halt 10 den Acht (cúnamh a bhronnadh maidir le himeachtaí dlí) nó a fheidhm faoi alt 8(k) léite i gcomhair le halt 11 (imeachtaí dlí a thionscnú ar son duine nó aicme daoine) tabhairt faoi ghníomhaíocht a d'fhéadfadh leigheas a chur ar fáil do dhuine maidir le sárú chearta daonna an duine sin.

*21 Bealtaine 2003*

# AGUISÍN 3

## *Téarmaí Tagartha agus Ballraíocht Choistí an Choimisiúin*

GRÚPA COMHAIRLITHE FAOI THAIGHDE BAINTEACH LE COTHABHÁIL DO SHEANÓIRÍ IN INSTITIÚIDÍ

*Baill*

- Jane Liddy (Tionólaí)
- Suzanne Egan
- Nuala Kelly
- Mervyn Taylor
- Katherine Zappone
- Maurice Manning

*Téarmaí Tagartha*

- Feidhmeanna a chur i bhfeidhm faoi mar atá leagtha amach sa chuireadh chun tairisceana do thaighde sé sin "cabhrú leis (an Coimisiún) agus aon tairgeoirí rathúla maidir leis an togra. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar thairgeoirí cur i láthair foirmiúil a dhéanamh faoi a gcuid moltaí" (foinse – cuireadh chun tairisceana, alt 7).
- Comhlachtaí/daoine aonair rathúla a roghnú bunaithe ar na moltaí a fhaightear.

COISTE RIARACHÁN CIRT

*Baill*

- Uachtarán (Tionólaí)
- William Binchy
- Michael Farrell
- Jane Liddy
- Fionnuala Ní Aoláin

*Téarmaí Tagartha*

- Cuspóirí Choimisiún um Chearta Daonna a chur chun cinn sa Phríomhréimse Riarachán Cirt, lena n-áirítear ceisteanna faoi dlíthe éigeandála.
- Tosaíochtaí a aithint agus straitéis a fhorbairt maidir le príomhréimse Riarachán Cirt faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2003 – 2006.
- Scrúdú a dhéanamh faoi chonas ar cheart don Choimisiún plé leis na hAchtanna maidir le Coireanna in Aghaidh an Stáit, 1939-1989.

## COISTE MAIDIR LE CUR CHUIGE OIBRE

*Baill*

- Katherine Zappone (Tionólaí)
- Maurice Manning
- Martin Collins
- Michael Farrell
- Mervyn Taylor

*Téarmaí Tagartha*

- Cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh a choinneáil faoi athbhreithniú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas comhairlithe

## COISTE OBAIR CHÁIS

*Baill*

- Maurice Manning (Tionólaí)
- Clodach McGrory (a chuaigh ar shaoire mháithreachais i lár an tsamhraidh)
- Robert Daly
- Nuala Kelly
- Fionnuala Ní Aoláin (a chuaigh ar shaoire mháithreachais i mí na Nollag)
- Mervyn Taylor

*Téarmaí Tagartha*

- Imeachtaí a bhunú maidir le cur i bhfeidhm feidhmeanna an Choimisiúin faoi ailt 8(f), (h), (j) agus (k), 9, 10 agus 11 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna 2000.
- Cinnidh a ghlacadh ar son an Choimisiúin, ar mholadh Oibrí Cáis Sinsearach nó an Phríomhfheidhmeannaigh, maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar atá sonraithe i ndoiciméad, *Critéir maidir le plé le héilimh faoi Ailt 9(1)(b) agus 10 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000*, le heisceachtaí áirithe, atá leagtha amach san Aguisín iniata leis seo, a bheas tagairt déanta dóibh chun go ndéanfadh an Coimisiún cinneadh nuair atá said ina suí i seisiún iomlánach,
- Forbairt a dhéanamh, faoi réir stiúr an Choimisiúin, ar pholasaí agus straitéis an Choimisiúin maidir le hobair cháis.
- Macnamh a dhéanamh ar mholtaí eile ón Oibrí Cáis Sinsearach agus an Príomhfheidhmeannach maidir leis na feidhmeanna atá curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi ailt 8(f), (h), (j) agus (k), 9, 10 agus 11 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000, agus tuairisciú a dhéanamh fúthu chuig an gCoimisiún ina suí i seisiún iomlánach.

- Ar feitheamh tuilleadh macnaimh ón gCoimisiún, i gcásanna éigeandála*:
  (i) cinnidh a thógáil ar son an Choimisiúin ar cheart iarratas a chur, faoi réir alt 8(h) den Acht, chuig an Ardchúirt nó an Chúirt Uachtarach chun saoirse a fháil a bheith mar *amicus curiae* agus an t-iarratas seo a dhéanamh agus a bheith mar *amicus curiae* faoi mar is cuí.
  (ii)cinnidh a thógáil ar son an Choimisiúin faoi ar cheart imeachtaí cúirte a thionscnú maidir le leigheas do chearta daonna, faoi réir ailt 8(k) agus 11 den Acht agus imeachtaí a thionscnú faoi mar is cuí.

  * *Is cásanna éigeandála na cásanna práinneacha agus dianchásanna sin a bhfuil, i dtuairim Thionólaí an Choiste Obair Cháis, macnamh riachtanach orthu roimh an chéad ghnáth chruinniú eile de chuid an Choimisiúin (agus nach bhfuil sé indéanta Cruinniú Urghnáthach a ghlao) agus atá bainteach le feidhmeanna an Choimisiúin faoi alt 8(h) den Acht (iarratas agus láithreacht amicus curiae), nó ailt 8(k) agus 11 den Acht (imeachtaí a thionscnú atá ag éileamh leigheas de chineál dearbhaithe nó eile)*

  *Samplaí de chás éigeandála nó abair dá bhfaighfeadh an Coimisiún éileamh bainteach le himeachtaí cúirt uachtarach atá le tarlú; éileamh don Choimisiún a bheith mar amicus curiae sna himeachtaí, nó má fhaigheann an Coimisiún éileamh maidir le leigheas práinneach orduithe ó dhuine nó aicme daoine bainteach lena c(h)earta daonna nó a gcearta daonna. Níl cás ina raibh moill ar an duine (nó a ionadaí) éileamh a dhéanamh chuig an gCoimisiún san áireamh le cás éigeandála.*

  *Aguisín leis na Téarmaí Tagartha*
  Cásanna Alt 9(1)(b) agus alt 10 atá le coinneáil siar chuig Imeachtaí Iomlánacha le haghaidh cinnidh.

- Áit a mheasann an Coiste Obair Cháis, tar éis réamhchostáil an fhiosrúcháin mholta a chur san áireamh faoi alt 9(1)(b) den Acht nó 'cúnamh' molta faoi alt 10 den Acht, go bhfuil costas measta níos mó ná €10,000, cuirfidh siad an cás faoi bhráid an Choimisiúin ina suí i ag imeachtaí iomlánacha, chun cinneadh a aimsiú.

## COISTE CEARTA EACNAMAÍOCHTA, SÓISIALACHA AGUS CULTÚRTHA

*Baill*

- Katherine Zappone (Tionólaí)
- Suzanne Egan
- Gerard Quinn
- Martin Collins
- Nuala Kelly
- William Binchy

*Téarmaí Tagartha*

- Polasaí an Choimisiúin a chur i gcrích maidir le cosaint agus baint amach forásach ar chearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha faoi mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin agus chun obair nuair is féidir i gcomhair le heagrais reachtúla agus eagrais eile sa réimse seo.
- Moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le forbairt pholasaí, agus moltaí maidir le taighde a chur faoi bhráid Choiste Taighde an Choimisiúin.
- Ról a chomhlíonadh maidir le cur chun cinn tuisceana agus feasachta faoin gcineál cearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha, agus díriú ar mhodhanna oiriúnacha chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt dóibh.
- Na gnéithe sin den dlí baile, polasaí agus cleachtadh le hiombualadh ar mhíreanna bochtanais agus laghdú bochtanais a choinneáil faoi athbhreithniú.

## COISTE AIRGEADAIS

*Baill*

- Tom O'Higgins (Tionólaí)
- Mervyn Taylor
- Maurice Manning
- Alpha Connelly

*Téarmaí Tagartha*

- Comhairle a thabhairt don Choimisiún agus don Phríomhfheidhmeannach ar gach ceist bainteach le caiteachas agus buiséad an Choimisiúin agus coinneáil agus iniúchadh cuntais an Choimisiúin.

## COISTE INSCNE AGUS CEARTA BAN

*Baill*

- Katherine Zappone (Tionólaí)
- Olive Braiden
- Fionnuala Ní Aoláin
- Maurice Manning

*Téarmaí Tagartha*

- Dearcadh bunaithe ar chearta a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm ceangail an Rialtais chun deireadh a chur le leatrom in aghaidh ban.
- Polasaí an Choimisiúin maidir le cur in aghaidh leatrom in aghaidh ban agus cur chun cinn cothromaíocht ban a chur i bhfeidhm, ag obair i gcomhair le grúpaí ban faoi mar is féidir.
- Monatóireacht a dhéanamh agus cur le scáth-thuairisc an Choimisiúin do Choiste NA maidir leis an gCoinbhinsiún chun deireadh a chur le leatrom in aghaidh ban, faoi dhul chun cinn an Rialtais. Bainteach leis seo tá :
  - Réimse áiteamh an Choimisiúin a aithint.
  - Réimsí tosaíochta idirghabháil an Choimisiúin a aithint.
  - Réimsí taighde agus bailiúchán fianaise chun bunús a sholáthar do thuairimí faoi thuairisc an Rialtais a aithint
  - Caidreamh a bhunú le togra cearta daonna ban (togra ag comhordú scáth-thuairisc NGO).
  - Breathnú ar fhéidearthacht cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha chun obair leis an gCoimisiún.
  - Cruinniú a bheith ag Coiste NA faoi áiteamh an Choimisiúin.
- Moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le taighde bainteach le, agus d'fhorbairtí polasaí an Choimisiúin faoi chearta inscne agus ban.

## COISTE CINÍOCHAIS

*Baill*

- Michael Farrell (Tionólaí)
- Maurice Manning
- Martin Collins
- Tom O'Higgins
- Nuala Kelly
- Fionnuala Ní Aoláin

*Téarmaí Tagartha*

- Cuirfidh siad polasaí HRC in aghaidh an chiníochais i bhfeidhm agus tacaíocht do idirchultúrthas faoi mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin agus áiteamh chuig Grúpa Stiúrtha faoi Phlean Gníomhaíocht Náisiúnta in Aghaidh Ciníochais (NAPAR), beidh siad ag obair nuair is féidir i gcomhair le heagrais reachtúla eile agus eagrais eile sa réimse agus eagrais atá ag déanamh ionadaíochta do ghrúpaí eitneacha mionlaigh.
- Cuirfidh siad moltaí faoi bhráid an Choimisiúin maidir le forbairt ar a bpolasaí ciníochais agus idirchultúrthais.
- Leanfar ag obair le heagrais reachtúla agus eagrais nach eagrais reachtúla iad maidir le forbairt agus cur ibhfeidhm NAPAR. Beidh áiteamh an Choimisiúin chuig an nGrúpa Stiúrtha ar NAPAR mar bhunús obair an Choimisiúin sa réimse seo.
- Coinneofar ag déanamh athbhreithnithe ar ghnéithe inimirce agus dlí agus cleachtas dídeanach le hiombualadh ar ghnéithe ciníochais agus idirchultúrthais (d'fhéadfadh an Coiste tús a chur leis an obair seo ach b'fhéidir de bharr an méid reachtaíochta agus Gníomhaireachtaí atá bainteach leis go mbeadh gá le grúpa oibre ar leith chun taighde a dhéanamh sa réimse seo agus moltaí a chruthú.)
- Ról a bheadh acu i bpoiblíocht agus cur chun cinn caighdeáin chearta daonna idirnáisiúnta bainteach le ceisteanna maidir le ciníochas agus modhanna monatóireachta agus cur i bhfeidhm na gcaighdeán seo, le tagairt áirithe don Lucht Siúil, dídeanaithe, oibrithe inimirce, teifigh agus go ginearálta Éireannaigh le cúlraí éagsúla eitneacha.
- Beidh siad mar ionadaí an Choimisiúin/ iarrfaidh siad ar chuid dena baill gníomhú mar ionadaithe de chuid an Choimisiúin ar Fhochoiste Ciníochas Chomhchoiste an Choimisiúin agus an NIHRC.

## COISTE TAIGHDE

*Baill*

- Jane Liddy (Tionólaí)
- Maurice Manning
- Katherine Zappone
- William Binchy
- Fionnuala Ní Aoláin
- Nuala Kelly
- Suzanne Egan

*Téarmaí Tagartha*

- Forbairt a dhéanamh, faoi réir stiúr an Choimisiúin, ar pholasaí agus straitéis an Choimisiúin maidir le taighde agus monatóireacht agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde an Choimisiúin.

COISTE ATHBHREITHNITHE

*Baill*

- William Binchy (Tionólaí)
- Michael Farrell
- Tom O'Higgins

*Téarmaí Tagartha*

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chinnidh dhiúltacha de chuid Choiste Obair Cháis agus chuige seo:

  Cruinniú a bheith acu, macnamh agus cinneadh a dhéanamh faoi athbhreithniú ar chinnidh dhiúltacha atá déanta ag an gCoiste Obair Cháis faoi réir alt 9(1)(b) nó alt 10 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000, trí thagairt a dhéanamh ar dhoiciméad an Choimisiúin "Na Critéir maidir le plé le héilimh faoi alt 9(1)(b) agus 10 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000," áit a éilíonn duine lena mbaineann an cinneadh diúltach athbhreithniú dá leithéad.

COISTE AR ALT 24 D'ACHT AN CHOIMISIÚIN UM CHEARTA DAONNA, 2000

Bunaithe: 25th Gnáthchruinniú de chuid an Choimisiúin, 1 Bealtaine 2003
Scoite: 29th Gnáthchruinniú de chuid an Choimisiúin, 28 Lúnasa 2003

*Baill*

- Alpha Connelly (Tionólaí)
- Nuala Kelly
- Jane Liddy
- Katherine Zappone

*Téarmaí Tagartha*

- Tuairisc a dhréachtú don Rialtas faoi alt 24 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000.

# AGUISÍN 4

## *Óráid an Taoisigh, An tUasal Bertie Ahern, T.D., ag oscailt oifigiúil áitreabh nua an Choimisiúin um Chearta Daonna, Teach Jervis, Sráid Jervis, BÁC 1 ar an gCéadaoin, 10ú Nollaig 2003*

Dr Maurice Manning, Uachtarán an Choimisiúin um Chearta Daonna,; Dr. Alpha Connelly, Príomhfheidhmeannach; A aíonna; agus a dhaoine uaisle go léir, Tá an-áthas orm a bheith anseo inniu ag oscailt oifigiúil áitreabh nua an Choimisiúin um Chearta Daonna.

Tá sé cúig bliana go díreach ón dáta seo i 1998 a dúras go mbunódh muid Coimisiún um Chearta Daonna sa Stát seo, a bheadh mar shamhail dá chineál, institiúd náisiúnta do chearta daonna a leagadh síos caighdeáin maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr sa réimse seo in áit é a leanúint.

Thug mé an ghealllúint sin, go háirithe i gcomhthéacs na ndualgas a ghlacamar leo i gComhaontas Aoine an Chéasta chun céimeanna a thógáil chun cosaint bhunreachtúil na gcearta daonna sa dlínse seo a threisiú agus a dhaingniú níos mó. Ceann de na céimeanna seo nó Coimisiún Cearta Daonna a bhunú, ag a mbeadh sainordú agus mionteagasc ar a laghad cothrom le Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann. Is dearbhú atá in Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000, de sheachadadh an Rialtais ar an ngeallúint a thugas.

Mothaím gur cheart a rá gur fáiltíodh go ginearálta roimh an Acht mar go raibh cur chuige soilsithe curtha chun cinn leis, ceann a chur ní díreach prionsabal na geallúna san áireamh ach an meon a bhí taobh thiar di freisin. Is fianaise shoiléir atá san Acht ar thoilteanachas an Rialtais gluaiseacht níos faide ná an mion-cur chuige faoin gceist bunúsach seo. Bhí muid go daingean maidir le Prionsabail Phárais na Náisiún Aontaithe 1993 atá bainteach le Stádas Institiúid Chearta Daonna Náisiúnta agus Treoirlínte Náisiún Aontaithe 1995 bainteacha a chur san áireamh go hiomlán agus rinneamar sin. Leagann na doiciméid sin an creatlach struchtúrtha agus feidhmiúil idéalach bainteach le Coimisiúin um Chearta Daonna amach. Is iad seo na gormchlónna, más mian leat, atá deartha chun eolas a chur ar fáil do Rialtais i mbunú na n-eagras seo.

Bhí mo chinneadh ag an am moltaí an Rialtais a fhoilsiú i bhfoirm dréachta bunaithe ar chinntiú go dtarlódh an próiseas comhairlithe is leithne faoin gceist sula n-ullmhófaí an Bille. Ní amháin go ndearna dhá Choiste tábhachtach de chuid an Oireachtais plé ar

na moltaí seo ach bhí ionchur ag na heagrais nach eagrais reachtúla iad le spéis i gceisteanna bainteach le cearta daonna i gcruth dheireadh an Bhille. Ba mhaith liom an deis a thapú anseo inniu aitheantas a thabhairt don obair luachmhar agus na síntiúis atá déanta ag gach a raibh rannpháirteach sa phróiseas comhairlithe.

Tá sé tábhachtach meabhrú gur féidir bunús Choimisiún um Chearta Daonna a fheiceáil siar níos faide ná Comhaontas Aoine an Chéasta, Chonacthas téama ginearálta cearta daonna sa chomhaontas Angla-Éireannach 1985 agus rinneadh go leor leathnú air le linn chéimeanna éagsúla na forbartha sa phróiseas síochána i dTuaisceart na hÉireann. Mar shampla, tá forbairt ar choincheap cearta laistigh den tomhais Uile-Éireannach sa dara Ráiteas Sráid Downing i 1993, agus Doiciméad Creatlaigh 1995. Rinne an Fóram Síochána agus Athmhuintearais coimisiniú agus foilsiú i 1998 ar dhá Staidéar Comhairlithe faoi chosaint chearta daonna, scrúdaigh ceann amháin acu an coincheap Coimisiún Cearta Daonna a bhunú. Bhí mórlacht sa Ghrúpa Athbhreithniú Bunreachta, a thuairiscigh i 1996, den tuairim gur cheart gur le reachtaíocht a bhunófaí Coimisiún Cearta Daonna.

Tá an Coimisiún Cearta Daonna deartha chun a bheith mar madra faire cumhachtach agus neamhspleách agus curadh do chearta daonna in Éirinn. Tá sainordú agus mionteagasc an- leathan aige. Tá tasc aige monatóireacht a dhéanamh ar réimse iomlán forbairt chearta daonna agus gníomhú faoi mar is cuí, trí mheicníochtaí éagsúla atá ar fáil dóibh faoin reachtaíocht bhunaithe.

Tá tomhais oileán na hÉireann mar cheann tábhachtach agus sin an fáth go bhfuil rannpháirtíocht an Choimisiúin i gComhchoiste na nIonadaithe i gcomhair le Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann chomh tábhachtach sin.

Tá an Coiste seo, faoi mar a bhí Comhaontas Aoine an Chéasta ag tnúth leis, rannpháirteach ar réamhobair Chairt na gCearta a chur le chéile ar bhunús Oileán na hÉireann. Tá cúlra agus comhthéacs aige seo atá ag teacht ó fhorbairt pholaitiúil le deich mbliana anuas. Guím gach rath ar an gComhchoiste ina n-iarrachtaí maidir leis seo.

Cé go bhfuil an ról suntasach seo ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an Tuaiscirt/Deiscirt, tá sé rí-thábhachtach do sheasamh na hÉireann sa phobal idirnáisiúnta. Níos tábhachtaí fós geallann sé ag leibhéal baile fiúntas breis-luacha a chur le próiseas athruithe agus athnuachan in ár sochaí. Creidim, agus seo an eochair, go gcuirfidh an Coimisiún síntiúis bunaithe ar eolas agus taithí ar fáil. Chomh maith leis sin, beidh tomhais an-suntasach breise curtha le sainordú an Choimisiúin nuair a thagann Acht an Choinbhinsiún Eorpach ar Chearta Daonna, 2003 i bhfeidhm ag deireadh na míosa seo rud a chiallaíonn go mbeidh curtha le héifeacht fhorálacha an Choinbhinsiúin ar ár ndlí baile.

Faoi mar is eol do go leor daoibh, tá tús maith curtha cheana féin le hobair an Choimisiúin. Bhí a gcéad cruinniú idirthréimhseach acu ar an 6 Márta, 2001. Agus, tá toirt mhór oibre curtha ar fáil acu chomh maith le héachtaí suntasacha atá bainte amach acu cheana féin. Tá tuairisc dhábhliana reachtúil an Choimisiúin, ina bhfuil moltaí maidir le héifeachtacht a fheabhsú, curtha faoi bhráid an Rialtais agus beidh an Rialtas ag déanamh macnaimh ar na ceisteanna seo go luath.

Tá an Coimisiún ag teacht amach os comhair an phobail go hiomlán inniu. Ba mhaith liom ar mo shon féin agus ar son an Rialtais tréaslú leis an gCoimisiún maidir leis an obair atá déanta go dtí seo. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil leis an Uachtarán Bunaithe an Breitheamh Onórach Donal Barrington agus a chomharba an Dr. Maurice Manning. Tá díograis as cuimse curtha in iúl ag an mbeirt acu agus iad i mbun an Choimisiúin agus é á chruthú. Bhí tacaíocht chumasach acu ó Choimisinéirí oilte agus aitheanta agus ba mhaith liom tréaslú leo siúd freisin as a gcuid dúthrachta.

Tá mé ag tnúth go mbainfidh an Coimisiún a bpoitéinseal iomlán amach i gcomhair lenár mbunfhís agus ár ndóchas ar son leas na ndaoine go léir san oileán seo.

Go raibh maith agaibh.

# AGUISÍN 5

## *Óráid an Dr Maurice Manning, Uachtarán an Choimisiúin um Chearta Daonna, ag oscailt oifigiúil áitreabh nua an Choimisiúin um Chearta Daonna, Teach Jervis, Sráid Jervis, BÁC 1 ar an gCéadaoin, 10ú Nollaig 2003*

Is mór an onóir dúinn tú a bheith i láthair linn inniu, a Thaoisigh, chun ár n-áitreabh nua a oscailt agus chun céim nua i saol an Choimisiúin um Chearta Daonna a thosnú.

Tá sé an-fheiliúnach gur tusa atá ag déanamh na hoscailte seo. Faoi mar a dúirt tú, d'eascair Coimisiún um Cearta Daonna ó Chomhaontas Aoine an Chéasta agus bhí tusa mar ceann de phríomhailtirí an chomhaontais sin. Bhí moltaí agus smaointí ann roimhe sin ach ba é Comhaontas Aoine an Chéasta an chaitilís, a thug bunús do Choimisiúin um Chearta Daonna i dtuaisceart agus deisceart an oileáin seo agus ag caint dúinn féin, tá fíor-bhród orainn gur ón gcomhaontas stairiúil idirnáisiúnta sin a d'eascair muid.

Ba ráiteas soiléir de lárnacht na gcearta daonna sa dá chuid den oileán, ní díreach mar réiteach fadtéarmach ar sheanchoimhlintí ach mar réamhdhearcadh, ag spreagadh Coimisiúin nua chun a bheith gníomhach chun ar a laghad cothromaíocht a chinntiú maidir le caighdeáin chearta daonna sa dá chuid den oileán a bhí sa tábhacht a tugadh don dá Choimisiún Cearta Daonna sa chomhaontas sin. Spreagann seo muid chun coinneáil ag iarraidh níos mó agus níos mó a bhaint amach agus gan ár gcuid madaí a ligean le sruth.

Ag an am sin, a thaoisigh agus arís inniu, chuir tú béim ar do dhóchas pearsanta féin don Choimisiún. Ghlacamar le do chuid focal dúshlánach, agus tá siad ar an leathanach laistigh d'ár bPlean Straitéiseach; "Is é a bhí ar intinn agam agus an reachtaíocht seo á cruthú nó go mbeadh an Coimisiún mar eiseamlár do dhaoine eile, agus go gcrúthófaí caighdeáin den chleachtas idirnáisiúnta is fearr sa réimse seo in áit díreach iad a leanúint."

Bhí spiorad flaithiúil mar bhunús dréachtú ár reachtaíocht bhunaithe. Tá bunbhrí Phrionsabail Phárais curtha sa reachtaíocht sin, chomh maith le fíor-iarracht glacadh leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Léirigh díospóireachtaí an Oireachtais fíor dhea-mhéin na bparlaiminteoirí agus ní raibh aon ghearán ann faoi mar a bhíonn i go leor díospóireachtaí cearta daonna in áiteanna eile.

Tá gnéithe eile den reachtaíocht seo a chreidimid a chaithfear a athrú agus déanfaidh mé tagairt dóibh i gceann nóiméid, ach san iomlán caithfidh mé a rá go raibh dearcadh dearfach agus flaithiúil ag an rialtas agus ag an bparlaimint maidir le coincheap Choimisiún Cearta Daonna agus leanamar linn ar an mbunús go raibh dea-intinne leis an méid a dúradh. Creidimid go raibh.

Ní cuireadh an fhlaithiúlacht spioraid seo in iúl don Roinn Airgeadais, áfach, agus lean an Roinn Airgeadais ag caitheamh linn mar a rinne siad i gcónaí rud a chiallaigh gur thóg sé níos faide orainn teacht chomh fada agus atá muid inniu. Ach seo muid anois agus sin an méid atá tábhachtach. Tá áitreabh breá againn agus measaim go bhfuil foireann den scoth earcaithe againn. Is daoine gairmiúla, bríomhar agus díograiseach iad ár gcuid baill foirne agus creidimid go mbeidh siad mar chuid lárnach de rathúlacht an Choimisiúin sa todhchaí.

Tá áthas orm gur thug an Taoiseach aitheantas don obair shubstainteach atá déanta ag an gCoimisiún go dtí seo, go leor di déanta ag Coimisinéirí nuair nach raibh foireann nó acmhainní tacaíochta ar fáil. Cuireann ár bPlean Straitéiseach dearcadh soiléir ar fáil faoin méid is féidir le Coimisiún Cearta Daonna déanamh le hacmhainní teoranta chun cearta daonna a chosaint agus a chur chun cinn sa tír seo. Díríonn sé ar príomhréimsí oibre, tá sé uaillmhianach ach réalaíoch sa méid a chreideann muid ar féidir linn déanamh. Tá sé príomhréimse oibre aitheanta:

- Cearta cathartha agus polaitiúla
- Cearta eacnamaíochta, sóisialacha agus cultúrtha
- Ciníochas
- Daoine le míchumas
- Inscne
- Cothromaíocht agus difríocht daonna.

Bhí imní ar leith orainn, laistigh de na réimsí seo faoi chur chuige bunaithe ar chearta a chothú maidir le míchumas, bhí imní orainn faoin méid a cheap muid a bhí mar chúlú maidir le láimhseáil cúinsí Lucht Siúil, is imní mhór na hiarmairtí bainteach le cinneadh na Cúirte Uachtaraí maidir le leanaí a rugadh in Éirinn ach nach náisiúnaithe iad a dtuismitheoirí; ba mhaith linn cur chuige bunaithe ar chearta a bheith i bhfeidhm maidir le príomhghnéithe leasú polasaí, sa chaoi go mbeidh caighdeáin agus cleachtais anseo ar a laghad chomh maith leis na cinn i dTuairisc Patten. Seo díreach cuid de na cúinsí atá agus a bheas muid ag obair orthu sna míonna agus blianta amach romhainn.

Is feiniméan measctha nua iad na hinstitiúidí náisiúnta um chearta daonna. Tá gach institiúid náisiúnta cearta daonna difriúil, cruthaithe de bharr an chomhthéacs ina bhfuil sé lonnaithe. Tá difear mór idir Coimisiún Cearta Daonna i dtír sa tríú domhan a

d'fhéadfadh a bheith mar an t-aon tearmann dóibh siúd a bhfuil a gcearta daonna sáraithe agus Coimisiún Cearta Daonna i dtír sofaisticiúil mar seo, lena bhunreacht scríofa, cairdiúil do chearta daonna, córas dlí le taifead maith de chearta daonna, rialtas láidir, ombudsman, le réimse d'eagrais reachtúla le spéiseanna cearta daonna agus meáin chumarsáide atá aireach den chuid is mó.

Sa chomhthéacs seo caithfidh Coimisiún Cearta Daonna a bheith dírithe, a bheith aireach gan obair a dhúblú agus gan a bheith in iomaíocht nach bhfuil riachtanach. Sin an cur chuige oibre atá againne maidir le hobair le grúpaí eile, NGO agus reachtúil is cuma an faoi chearta míchumais, eacnamaíochta agus sóisialacha, riaradh dlí, le grúpaí eitneacha agus mionlaigh, atá ag iarraidh tomhais bunaithe go dlíthiúil ar chearta daonna a bheith bainteach lena gcuid oibre, agus ag cur, níos mó ná aon rud eile, fiúntas breise lena gcuid oibre.

Is í feidhm na hinstitiúide náisiúnta um chearta daonna, ag an leibhéal is simplí, labhairt amach go soiléir, gan eagla le húdarás faoi cheisteanna cearta daonna, is cuma an ag tabhairt tuairimí faoi reachtaíocht mholta, nó dlí atá i bhfeidhm, cearta grúpaí aonair, nó cearta duine ar leith, nó cearta grúpaí bíodh siad buanithe ar inscne, eitneach nó cultúrtha. Is é ár ndualgas leibhéal tuisceana a ardú faoi chearta daonna, go háirithe i measc daoine a chruthaíonn polasaithe agus tuairimí ach freisin i measc daoine óga.

Tá athruithe a mian linn déanamh maidir lenár reachtaíocht bhunaithe. Tá tagairt déanta agat cheana féin, a Thaoisigh faoinár dtuairisc faoi Alt 24 d'Acht 2000 a chuireamar faoi do bhráid. Tá cuid de na hathruithe a mian linn tarlú bainteach le hábhair bhuiséadithe agus eagraíochta, ach tá dhá nó trí athrú eile a mian liom tagairt a dhéanamh dóibh inniu. An chéad ceann nó nasc leis an rialtas. Faoi láthair tá an Coimisiún nasctha leis an Roinn Dlí, atá mar an Roinn a stiúránn ár reachtaíocht agus a chuireann muid chun cinn.

Ba mhaith liom a bheith an-soiléir faoin taithí a bhí againn leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Bhí Michael McDowell mar thacaí mór de chuid an Choimisiúin um Chearta Daonna, throid sé le haghaidh acmhainní agus bhí sé an-chúramach faoin reachtaíocht chuí go léir a chur faoi bhráid dúinn agus bhí meas aige cé nár aontaigh sé i gcónaí lenár dtuairimí. Bhí na hoifigigh a phléamar leo dearfach agus cabhrach linn i gcónaí. Mar sin níl aon rud pearsanta i gceist leis an méid atá á rá agam.

Is é tuairim an Choimisiúin, tar éis go leor macnaimh agus mar gheall ar na fáthanna atá leagtha amach i dTuairisc Alt 24 nár cheart go mbeadh neamhspleáchas an Choimisiúin díreach mar fhíric ach go bhfeicfear mar seo é. Tarlóidh sé go mbeidh go leor d'ár n-idirghníomhaíocht ag tarlú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí éagsúla, mar, mar a tharlaíonn sé is in aghaidh eagrais stáit a bhíonn go leor de na líomhaintí faoi shárú cearta daonna déanta. Ní hé an pointe nach mbíonn bunús le go leor de na líomhaintí

seo, séard atá tábhachtach nó go mbreathnófaí ar Coimisiún Cearta Daonna, faoi mar a bhreathnaítear ar an Ombudsman, mar rud atá neamhspleách go hiomlán ó ranna rialtais agus mar sin mothaíonn muid gur cheart don Rialtas an Coimisiún a nascadh níos gaire don Oireachtas maidir le freagracht agus cleachtas a bhfeidhmeanna, faoi mar atá an cás leis an Ombudsman. Tá an cás sin déanta againn in ár n-áiteamh chugat, a Thaoisigh, agus tá mé cinnte nuair a léann tú é go dtuigfidh tú na cúiseanna atá leis an méid atá á rá againn.

Sa chás go mbeadh nascanna ag an gCoimisiún le roinn rialtais, mothaíonn muidne gur cheart go mbeadh an nasc sin le do roinn féin, a Thaoisigh – ar lámh amháin mar go bhfuil an méid is lú baint ag do roinn le cur i bhfeidhm gnéithe áirithe rialtais agus an léargas is mó faoi ghníomhaíocht rialtais agus chomh maith de bharr gur eascair muid ó Chomhaontas Aoine an Chéasta agus an bhaint a bhí againn leis an gComhchoiste ar bhunús uile Éireannach. Ba mhaith linn an Comhchoiste a bheith láidrithe, trí stádas foirmiúil a thabhairt dó, difriúil ón dá Choimisiún Cearta Daonna. Tá cúinsí imní, faoi chearta daonna, tábhachtacha trasteorann aitheanta ag an gComhchoiste agus táthar ag obair orthu, agus ar an gcúis seo – agus ar chúiseanna eile – mothaíonn muid gur chéim dhearfach agus úsáideach a bheadh i láidriú an Chomhchoiste seo.

Ba mhaith liom moladh amháin eile a chur os do chomhair, ba mhaith linn go ndéanfadh tusa, a Thaoisigh, cinnte go gcuirfeadh an Rialtas, trí rún, iallach ar gach Aire Rialtais moltaí reachtúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh a ndearcadh a aimsiú, go háirithe áit a bheadh impleachtaí suntasacha ag na moltaí seo do chosaint chearta daonna. Is é an Roinn Dlí an t-aon Roinn a dhéanann seo faoi láthair agus creideann muid gur cheart go mbeadh sé mar ghnáthrud do na ranna go léir áit a bhfuil impleachtaí ann do chearta daonna ó chúinsí reachtúla.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le roinnt daoine sula críochnaím:- An Breitheamh Donal Barrington, a bhí anseo romham, a thug seasmhacht agus treo don Choimisiún sna céad laethanta. Thug sé na Coimisinéirí go léir le chéile, stiúraigh sé iad trí amannta deacra agus bhí Coimisiún dírithe agus aontaithe fágtha ina dhiaidh aige. Tá ardmholadh ag dul do Bhaill an Choimisiúin. Tá saineolas ar leith agus fealsúnachtaí difriúla ag gach ball a théann i bhfeidhm ar ár gcuid oibre, ach tá aontas cuspóra maidir le cearta daonna a chur chun cinn agus a chothú mar bhunús na hoibre seo. Rinne na Coimisinéirí féin, gan aon fhoireann nó tacaíocht, obair as cuimse agus iad ag tosnú amach. Bhí an t-ádh linn maidir le caighdeán agus dúthracht na gCoimisinéirí agus ba mhaith liom buíochas pearsanta a ghabháil le gach duine acu as a ndúthracht, a ngairmiúlacht, agus a ndíograis mar gan iad ní bheadh muid san áit a bhfuil muid inniu. Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an Dr Alpha Connolly. Tá an talann eisceachtúil sin aici go bhfuil sí ina duine acadúil den scoth agus ina Príomhfheidhmeannach den scoth freisin.

# AGUISÍN 6

## *Misean*

Ie é misean an Choimisiúin um Chearta Daonna nó iarracht cinntiú go bhfuil cearta daonna gach duine sa Stát bainte amach go hiomlán agus cosaint ann dóibh sa dlí, i bpolasaí agus i gcleachtadh.

Leanfaidh an Coimisiún dá gcuspóirí go tréan agus go neamhspleách. Déanfar sáriarracht cinntiú go bhfuil dlí agus cleachtadh na hÉireann ag teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, ag meá ár ndlí agus ár gcleachtadh in aghaidh chaighdeáin atá leagtha amach sa Bhunreacht agus sna comhaontais idirnáisiúnta maidir le cearta daonna atá Éirinn mar bhall dóibh.

Sa chás go gcreideann an Coimisiún nach bhfuil cosaint fheiliúnach á tabhairt do chearta daonna déanfar seo a rá go soiléir agus go láidir agus déanfar iarracht ghníomhach an dlí, polasaí nó cleachtadh cuí a athrú.
Cuirfidh an Coimisiún a gcuid feidhmeanna i gcrích ar bhealach freagrach, neamhspleách, cothrom, oscailte agus infhaighte agus déanfar iarracht a gcumhachtanna a úsáid chomh hiomlán agus is féidir.

Déanfaidh an Coimisiún iarracht feasacht maidir le cosaintí cearta daonna agus an chaoi le teacht orthu a ardú, ag déanamh iarracht cultúr láidir, forleatach a chruthú do chearta daonna ag gach leibhéal laistigh den Stát.
Beidh an Coimisiún ag obair go comhgarach agus san áit atá feiliúnach i gcomhair le heagrais reachtúla, Ranna Rialtais, eagraíochtaí neamhrialtais agus iad siúd atá rannpháirteach i gceisteanna cearta daonna.

Beidh an Coimisiún ag obair go comhgarach freisin leis na Coimisiúin Náisiúnta eile um Chearta Daonna, na NA agus Comhairle na hEorpa chun iarracht a dhéanamh caighdeán ard chosaint Chearta Daonna a chinntiú.

Tá an Coimisiún dáiríre ach go háirithe faoina rannpháirtíocht sa Chomhchoiste le Coimisiún um Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann, faoi mar atá leagtha amach i gComhaontas Aoine an Chéasta. Beidh an Coimisiún ag comhoibriú chun cosaint na gcearta daonna sa dá dhlínse a láidriú agus oibriú chun cairt a bhunú faoi mar atá molta ag an gComhaontas ‘ag léiriú agus ag tacú le tomhaiseanna aontaithe do chosaint chearta bunúsacha gach duine atá ina gcónaí in Oileán na hÉireann.’

# AGUISÍN 7

## *Croí Luachanna agus Luachanna Feidhmiúla an Choimisiúin*

### CROÍ LUACHANNA

Tá cosaint agus cur chun cinn na gcearta daonna mar chroí-luach an Choimisiún um Chearta Daonna. Beidh an Coimisiún ag obair, i dtreo na geallúna seo, chun cosaint chearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a chinntiú in aitheantas ar nádúr uilíoch, neamhroinnte, idirspleách agus idirbhainteach na gcearta daonna go léir.

### LUACHANNA FEIDHMIÚLA

Beidh an Coimisiún gníomhach go neamhspleách agus ar bhealach trédhearcadh agus cothrom i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna. Beidh an Coimisiún infhaighte agus freagrach chomh fada agus is féidir.

Beidh ceangaltas chuig comhairleoireachta agus cainteanna mar chuid lárnach d'obair an Choimisiúin. Beidh an Coimisiún ag comhoibriú go comhgarach le heagrais eile sa bhaile agus thar lear. Beidh an Coimisiún ag obair chun tacú le gníomhaireachtaí eile atá gníomhach i réimse na gcearta daonna.

Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún oibriú leis na heagrais eile agus iarracht a dhéanamh aon dúblú oibre nach bhfuil riachtanach a sheachaint. Beidh an Coimisiún ag iarraidh a gcuid acmhainní teoranta a úsáid chomh héifeachtach agus is féidir. Déanfaidh an Coimisiún iarracht, i bhforbairt a gcuid oibre, a gcumhachtanna reachtúla uathúla a chleachtadh ar bhealach a thabharfaidh luach breisitheach don obair atá glactha leis ag an Stát cheana féin chun cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint.

Beidh ábaltacht freagra a thabhairt go héifeachtach ar chásanna faoi mar a éiríonn siad mar luach feidhmiúil lárnach de chuid an Choimisiúin. Beidh an Coimisiún spreagtha le meas ar chomhionannas agus dignit nádúrtha agus ceangaltas chun cearta na ndaoine is leochailí sa tsochaí a chur chun cinn agus a chosaint. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus luacháil ar a gcuid oibre féin chun cinntiú go bhfuil a sainordú á chleachtadh maidir le cearta daonna a chosaint agus a chur chun cinn chomh héifeachtach agus is féidir.

# AGUISÍN 8

## *Na Critéir chun Príomhlimistéir na hOibre a roghnú*

CRITÉAR

RANNÓG 1

Tá an critéar atá liostáilte anseo thíos mar an íostacar coinníollacha a chaithfear a shású sula ndéanfaidh an Coimisiún um Chearta Daonna aon ghníomhú faoi cheist Chearta Daonna. Beidh ceist:

- laistigh de réimse feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin faoi mar atá leagtha amach i gCaibidil 6 den Phlean seo. Ciallaíonn seo go gcaithfidh an Coimisiún na cumhachtaí dlíthiúla riachtanacha a bheith acu chun an cheist Chearta Daonna cuí a scrúdú, a thuairisciú nó dul i ngleic léi.
- bainteach le ceart nach bhfuil cosanta go feiliúnach sa Stát. Más rud é go bhfuil eagrais eile ag plé leis na ceisteanna, cinnteoidh an Coimisiún nach mbeidh na gníomhaíochtaí ag aithris ar iarrachtaí reatha chun dul i ngleic le ceisteanna.
- a bheith ag teacht le luach lárnach an Choimisiúin: cosaint na gcearta daonna. Ciallaíonn seo go gcaithfidh an Coimisiún a bheith cinnte go gcuirfidh obair ar an gceist seo cosaint Chearta Daonna sa Stát chun cinn níos faide.

RANNÓG 2

Chomh maith leis na critéir go léir thuasluaite a chomhlíonadh, beidh an cheist ag cloí le ar a laghad dhá cheann dena critéir seo a leanas. **Beidh ceist:**

- Práinneach. Ciallaíonn seo go gcaithfidh an Coimisiún a bheith sásta go bhfuil gá práinneach ann dul i ngleic leis an gceist áirithe, mar shampla, má tá baol ann go mbeidh sárú (breise) cearta nó dainséar do dhuine nó de ghrúpa ann. Níl ceisteanna fadsheasta fágtha ar lár faoin gcritéar seo.
- Bainteach le ceart nó dul i ngleic le riachtanas a bheadh an Coimisiún in ann oibriú chun a chosanta, chun sochar an chuid is mó daoine. Ciallaíonn seo go mbeidh an Coimisiún sásta go bhfuil an obair idir láimhe ag dul i ngleic le taithí chórasacha sárú cearta daonna agus go mbeadh an poitéinseal ann tionchar leathan a bheith leo.
- A bheith mar cheist phrionsabail bhunúsaigh agus go mbreathnaíonn sé go bhfuil sárú déanta ar Chearta Daonna nó nár réitíodh í.
- Go bhfuil líomhaintí déanta faoi mhíúsáid inchreidmheach agus/nó forleathan.
- Bainteach le ceart, maidir lena bhféadfadh an Coimisiún de bharr a gcumhachtaí agus saineolas áirithe síntiús ar leith agus dearfach a dhéanamh chun cosaint Chearta Daonna a fheabhsú in Éirinn.

RANNÓG 3
Beidh tionchar ag méid áirithe macnamh ar rogha na dtosaíochtaí.

Agus cur chuige straitéiseach á thógáil i leith oibre, beidh macnamh á dhéanamh ag an gCoimisiún i gcónaí faoi chéard ar mhaith leo baint amach lena ngníomhaíochtaí. Déanfaidh an Coimisiún macnamh ach go háirithe an mbeadh obair ag dul chun sochair do chultúr na gcearta in Éirinn, ag cur le próisis leasuithe atá idir láimhe, ag gníomhú mar shiombal ag aibhsiú céard is féidir baint amach maidir le cosaint Chearta Daonna nó ag dul i ngleic le ceisteanna fad-sheasmhacha a d'fhéadfadh a bheith mar fhoinse fhrustrachais do dhaoine aonair nó grúpaí.

Beidh an Coimisiún aireach ach go háirithe faoi ghrúpaí agus na daoine aonair seo atá ar an imeall go stairiúil i sochaí na hÉireann agus go bhfuil sé deacair dóibh rochtain fhoirmiúil a fháil chun dul i ngleic lena gceisteanna cearta daonna.

Chomh maith leis sin, léireoidh obair an Choimisiúin speictream éagsúil na gceisteanna cearta daonna atá laistigh dá sainordú.

Déanfaidh an Coimisiún iarracht oibriú ar na ceisteanna a chuirfidh lena n-eolas agus tuiscint ar fhadhbanna cearta daonna agus a gcumas dul i ngleic leo agus a chuirfidh lena n-éifeachtacht laistigh d'Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Caithfear tabhairt faoi deara freisin nach féidir a bheith cinnte faoi na ceisteanna cearta daonna go léir a d'fhéadfadh éirí aníos agus iad a bheith san áireamh sa Phlean. D'fhéadfadh go n-éireodh ceisteanna aníos go tobann, mar shampla, nuair a chuireann an Rialtas píosa nua reachtaíochta faoi bhráid an Choimisiúin nó nuair a thagann cás bainteach le cosaint Chearta Daonna os comhair na gcúirteanna. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh ceisteanna teacht aníos le linn phróiseas cainteanna agus comhairlithe an Choimisiúin le heagrais agus daoine aonair eile, a cheapann an Coimisiún a bheith práinneach dul i ngleic leo.

Caithfidh an Coimisiún, agus iad ag fanacht dílis dá straitéis iomlán, faoi mar atá leagtha amach sa Phlean seo, a gcumas feidhmiúil a chothú chun gníomhú go solúbtha mar thoradh ar na forbairtí seo.

# AGUISÍN 9

## *Conclúidí agus Achoimre Moltaí atá iniata i dTuairisc an Choimisiúin chuig an Rialtas faoi Alt 24 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna. 2000*

CONCLÚIDÍ

Tá éifeachtacht an Choimisiúin ag brath den chuid is mó ar na hacmhainní daonna agus airgeadais cuí ar fáil dóibh. Tá an Coimisiún muiníneach nuair a bheas an fhoireann iomlán atá ceadaithe dóibh i mbun dualgas, beidh an pearsanra ar fáil dóibh chun a gcuid feidhmeanna go léir a chleachtadh. Tá an imní is mó orthu, áfach, nach mbeidh a dáileadh buiséadaithe reatha mór go leor ar chor ar bith.

Creideann an Coimisiún gur cheart go bpléifí agus go n-aontófaí a dheontas bliantúil in áit go ndéanfadh an Rialtas nó Aire Rialtais cinneadh aonarach faoi. Creideann siad freisin gur cheart go mbainfeadh na hidirbheartaíochtaí le méid iomlán a dheontais, nó ar a laghad iomlán an phá agus iomlán gnéithe nach bhfuil bainteach le pá maidir leis an deontas, ní gnéithe ar leith den deontas, sa chaoi go mbeidh neamhspleáchas cothaithe agus go bhfuil muinín ag an bpobal sa neamhspleáchas seo.

Creideann an Coimisiún go mbeadh a n-éifeachtacht agus a neamhspleáchas cinntithe níos fearr mura mbeadh aon nasc foirmiúil idir an Coimisiún agus a Roinn Rialtais, agus b'fhearr leo go mbeadh nasc níos gaire acu leis an Oireachtas maidir le freagracht cur i gcrích a gcuid feidhmeanna. Má tá gá le nasc idir an Coimisiún agus Roinn Rialtais, áfach, creideann an Coimisiún gur cheart go mbeadh an nasc seo le Roinn an Taoisigh agus ní leis an Roinn Justice, Equality agus Law Reform.

Ba mhaith leis an gCoimisiún, maidir le ballraíocht, go mbeadh an próiseas ceapacháin ann ar bhealach a chinnteodh toradh a bheadh ag teacht le héifeachtacht an Choimisiúin. Bhéifí ag súil go mbeadh an próiseas chomh hoscailte agus chomh trédhearcach agus is féidir agus go mbeadh coiste cáilithe comhairleoireachta bunaithe chun daoine a mholadh d'fholúntais. Ba cheart go mbeadh eolas ag baill den choiste seo ar dhlí cearta daonna baile agus idirnáisiúnta chomh maith le taithí i réimse cearta daonna, agus ba cheart go gcuirfeadh an coiste riachtanais reachtúla bainteach le ballraíocht an Choimisiúin san áireamh, sé sin, go mbeadh cáilíocht chuí ag Baill an Choimisiúin sé sin go mbeadh an taithí, cáilíochtaí, traenáil nó saineolas cuí acu agus

feidhmeanna an Choimisiúin san áireamh, agus go mbeadh nádúr sochaí na hÉireann le sonrú go leathan leis na Baill.

Ba mhaith leis an gCoimisiún freisin go mbeadh téarmaí agus coinníollacha cheapachán Baill níos sainmhínithe agus go mbeadh tuiscint ann go bhfuil na Baill ag obair go neamhspleách agus go bhfuileadar neamhchlaonta.

Tá an Coimisiún sa chéim thosnaithe sa dá bhliain atá san áireamh leis an Tuairisc seo. Ní raibh sé ar a gcumas a réimse iomlán feidhmeanna a chleachtadh. Coinníodh forbairtí i reachtaíocht agus cleachtas faoi athbhreithniú. áfach, agus tugadh tuairimí poiblí áit a raibh imní ann de bharr na bhforbairtí seo maidir le cearta daonna. Rinneadar scrúdú ar mholtaí reachtaíochta a chur An tAire Cirt, Cothromas agus Leasú Dlí chucu chun tuairimí a fháil maidir le himpleachtaí cearta daonna na moltaí; chuaigh said i gcomhairle go forleathan le heagrais Chearta Daonna eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta; rinneadar moltaí chuig an Rialtas maidir le cothú cearta daonna, rinneadar coimisiniú ar thaighde agus foilsíodh torthaí an taighde seo chomh maith le doiciméid eile faoi ábhar cearta daonna; chuireadar tús le macnamh a dhéanamh ar éileamh ó dhaoine chun fiosrúchán a chur i gcrích agus /nó soláthar cúnaimh maidir le himeachtaí dlíthiúla bainteach le cearta daonna; agus bhí siad rannpháirteach go hiomlán i gComhchoiste le hionadaithe an Choimisiúin agus Coimisiún Cearta Daonna Thuaisceart na hÉireann.

Bhreathnaíodar ar a gcuid feidhmeanna ina n-iomlán agus thugadar faoi deara go raibh go leor bealaí ann go bhféadfaí éifeachtacht feidhmeanna a fheabhsú. Baineann siad seo le scrúdú ar mholtaí reachtaíochta a chur Aire Rialtais chucu, dul i gcomhairle le heagrais náisiúnta agus idirnáisiúnta le heolas nó saineolas i réimse cearta daonna, rannpháirtíocht sa Chomhchoiste, agus soláthar cúnaimh maidir le himeachtaí dlithiúla bainteach le cúinsí cearta daonna.

Tá áthas ar an gCoimisiún mar sin an tuairisc seo ina bhfuil moltaí san áireamh a dhéanfadh, ina dtuairim, feabhsú ar éifeachtacht agus éifeachtiúlacht na bhfeidhmeanna atá bronnta air, a chur faoi bhráid an Rialtais. Tá achoimre de na moltaí anseo thíos.

## ACHOIMRE MOLTAÍ

Molann an Coimisiún chun éifeachtacht an Choimisiúin a fheabhsú:

1. Go ndéanfadh an Rialtas macnamh ar an gCoimisiún a nascadh níos gaire don Oireachtas maidir le freagracht i gcur i bhfeidhm a gcuid feidhmeanna.

Ba cheart san áit go bhfuil nasc le bheith coinnithe idir an Coimisiún agus Roinn Rialtais, go mbeadh an nasc seo le Roinn an Taoisigh.

2. Ba cheart don Rialtas cinntiú go mbeadh ar a laghad an méid meastaithe de chostais oibrithe bhliantúla atá faoi bhráid An tAire Cirt, Cothromas agus Leasú Dlí i Márta 2003, sé sin €2,211,314.41, ar fáil don Choimisiún ina bhuiséad do 2004.

3. Sa todhchaí, go mbeadh méid an deontais atá le híoc a bheith faoi réir idirbheartaíochta idir na húdaráis ábhartha agus an Coimisiún agus iad ag tnúth go mbainfear amach comhaontas maidir leis na cistí atá riachtanach don Choimisiún chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

4. Sa chás nach mbeadh an Coimisiún in ann oifigeach airgeadais le cáilíochtaí oiriúnach a cheapadh sa chéad cúpla mí amach romhainn, ba cheart don Rialtas oifigeach oiriúnach a aistriú chuig an gCoimisiún mar chéim shealadach chun plé le hábhair airgeadais go dtí go mbeidh riarthóir airgeadais agus acmhainní daonna ceaptha ag an gCoimisiún.

5. Ba cheart don Rialtas cinntiú nach bhfuil aon Aire nó Roinn ag iarraidh nó ag cur smacht i bhfeidhm ar ghnéithe áirithe de chuid chaiteachas an Choimisiúin.

6. Níor cheart go mbeadh aon smacht díreach ag Aire nó Roinn Rialtais ar an méid foirne atá fostaithe ag an gCoimisiún, an grád a cheaptar an fhoireann chuig, agus an pá agus na liúntais agus an téarmaí agus coinníollacha eile bainteach leis na folúntais. Ba cheart go mbeadh smacht díreach ag an gCoimisiún ar na gnéithe seo faoi réir fhreagracht iomlán freisin.

7. Ba cheart don Rialtas réamh-mhacnamh a dhéanamh maidir le soláthar a dhéanamh don Choimisiún chun foireann a cheapadh chuig folúntais bhuana.

8. Ba cheart don phróiseas fógraíochta poiblí leanúint i bhfeidhm agus é d’aidhm aige imeachtaí oscailte agus trédhearcadh a chinntiú do cheapacháin. D’fhéadfadh coiste cáilithe comhairleoireachta de dhaoine neamhspleácha, lena n-áirítear saineolas i ndlí cearta daonna idirnáisiúnta agus baile agus an taithí ábhartha, deimhniú a dhéanamh ar cháilíochtaí iarrathóirí a meastar a bheith cáilithe go cuí de réir alt 5 (4) den Acht. D’fhéadfadh an coiste comhairle a chur ar fáil don Rialtas freisin maidir le téarmaí iomlána chun ceapachán Choimisiúin a léiríonn nádúr sochaí na hÉireann a áisiú dá réir, faoi mar atá luaite in alt 5 (12) den Acht.

9. Ba cheart macnamh a dhéanamh ar sainmhíniú níos mó a thabhairt do théarmaí agus coinníollacha ceapachán Bhaill an Choimisiúin.

10. Beidh sé mar choinníoll ceapacháin mar bhall an Choimisiúin go mbeadh an ball seo neamhspleách agus neamhchlaonta agus cuirfidh sé a c(h)umhachtaí, dualgais agus feidhmeanna i bhfeidhm le dea-mhéin agus gan eagla, fábhar, claonadh nó dochar agus faoi réir an dlí amháin.

Molann an Coimisiún freisin, maidir le héifeachtacht na bhfeidhmeanna a fheabhsú, go:

11. gCuirfeadh an Rialtas iallach ar na hAirí Rialtais moltaí reachtaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun a dtuairimí a aimsiú áit is cosúil go mbeadh impleachtaí suntasacha ag na moltaí seo do chosaint chearta daonna.

12. In aon athbhreithniú ar an reachtaíocht bhunaithe, go mbeadh leathnú déanta ag feidhm an Choimisiúin i gcomhairle le heagrais náisiúnta agus idirnáisiúnta eile le heolas nó saineolas i réimse cearta daonna, chun go mbeadh rannpháirtíocht agus síntiús faoi mar is cuí in obair na n-eagras seo san áireamh.

13. Ba cheart don Rialtas macnamh a dhéanamh maidir le dul i gcomhairle le Rialtas na Breataine chun b'fhéidir stádas foirmiúil a thabhairt don Chomhchoiste amach as Coimisiún Cearta Daonna ar Oileán na hÉireann agus comh-mhaoiniú a dhéanamh ar an gCoiste.

14. Ba cheart leasú a dhéanamh ar Alt 10 den Acht chun é a dhéanamh soiléir go bhfuil cumhacht ag an gCoimisiún deontas a bhronnadh ar dhaoine atá ag iarraidh a gcearta a dhearbhú os comhair eagras idirnáisiúnta a bhfuil a gcumas bainteach le seo aitheanta ag an Stát.

Molann an Coimisiún freisin:

15. Go mbeadh forálacha ann sa chaoi go mbeadh siad in ann tuairisc bhreise a chur faoi bhráid an Rialtais le moltaí chun éifeachtacht agus éifeachtiúlacht a bhfeidhmeanna bronnta a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh an tuairisc seo déanta laistigh de chúig nó sé bhliana ó bhunú an Choimisiúin, sé sin trí nó ceithre bliana ón dáta a chuirtear an tuairisc seo faoi bhráid an Rialtais.

# AGUISÍN 10

## *Óráidí agus Cur i láthair*

COINNÍ LABHARTHA AN UACHTARÁIN I 2003

| | |
|---|---|
| 17ú Feabhra 2003 | Óráid faoi 'Thaithí na hÉireann' ' *Ag bunú ár gCearta: Ról Choimisiún um Chearta Daonna na hAlban.* |
| 24ú Feabhra 2003 | Óráid ag seoladh Quinn & Degener *Cearta Daonna agus Míchumas,* ONÉ, Gaillimh |
| Márta 2003 | Óráid ag seoladh *Plean Straitéiseach 2003-2006* |
| 24ú Aibreán 2003 | Óráid *An Coimisiún um Chearta Daonna,* Comhdháil Bhliantiúl an Chumainn Dhlí, Lisbon |
| 15ú Bealtaine 2003 | Óráid *Cearta Daonna agus Sochaí na hÉireann*, Comhdháil bhliantúil Cumann Gairmoideachais na hÉireann, Luimneach |
| 22ú Bealtaine 2003 | Óráid *Cearta Daonna – na dúshláin sa todhchaí* ag Lón an tSamhraidh Chlub Mná Gairmiúla agus Gnó na Gaillimhe agus an Cheantair, Gaillimh |
| 16ú Iúil 2003 | Óráid ag seoladh *Direct Discrimination?* Foilsithe ag FLAC, BÁC |
| 2ú Meán Fómhair 2003 | Óráid *Cearta Daonna agus Míchumas* ag seiminéar Óige os cionn Míchumais, eagraithe ag PwDI, BÁC |
| 13ú Deireadh Fómhair 2003 | Óráid ag seoladh *Inimirce Lucht Oibre go hÉirinn* foilsithe ag Comhairle Inimirce na hÉireann. |
| 1ú Samhain 2003 | Óráid faoi 'Cumhachtaí Tionscnaithe' ag *Institiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna – Céard a dhéanann éifeachtach* Comhdháil eagraithe ag Ionad Cearta Daonna agus Cathartha, Scoil Dlí Ollscoil Notre Dame, Ionad Cearta Daonna, Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus Ionad Cearta Daonna Ollscoil Essex |
| 13ú Samhain 2003 | *Ról Institiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna* Roundtable, Ionad Cearta Daonna na Danmhairge, Copenhagen |
| 10ú Nollaig 2003 | Óráid ag oscailt oifigiúil Choimisiúin um Chearta Daonna, Teach Jervis, Sráid Jervis, BÁC 1 ar an gCéadaoin, 10ú Nollaig 2003 |

COINNÍ LABHARTHA AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH I 2003

| | |
|---|---|
| 17 Eanáir 2003 | Cur i láthair chuig Foireann Togra Fhóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialach ar chothromaíocht a chur i bhfeidhm do leispigh, fir aeracha, daoine déghnéasacha agus trasghnéasacha |
| 11 Meitheamh 2003 | Cur i láthair ar "Roinnt forbairtí bainteach le hInstitiúidí Náisiúnta Cearta Daonna" ag Chomhfhóram Cothromais agus Cearta Daonna. |
| 29 Deireadh Fómhair 2003 | Cur i láthair ar 'Maoiniú agus Foireann' ag Seiminéar Chomhairle na Breataine, *Coimisiúin Chearta Daonna: éifeachtach nó díreach ann?* |

# AGUISÍN 11

## *Páipéar Dearcaidh maidir le hInsitiúidí Náisiúnta Cearta Daonna na hEorpa*

AG FREASTAL AR AN DARA SEISIÚN DE CHOISTE AD HOC CHUN MACNAMH A DHÉANAMH AR CHOINBHINSIÚN IDIRNÁISIÚNTA CUIMSITHEACH AGUS COMHTHÁITE CHUN CEARTA AGUS DIGNIT DAOINE LE MÍCHUMAS A CHOTHÚ AGUS A CHOSAINT.

*Curtha le chéile 16 Meitheamh2003*

- An Insitiúid Dhanmhargach um Chearta Daonna
- Coimisiún Chearta Daonna na hÉireann
- Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann

Tá na NHRI Eorpacha thuasluaite, le chéile, tar éis aontú faoin gcomhshuíomh tosaithe seo maidir le conradh nua a dhréachtú faoi chearta daonna daoine le míchumas, agus ar an mbunús seo, tá sé aontaithe acu a rannpháirtíocht sa darna seisiún de Choiste Ad Hoc a bheas ag tarlú ar an 16 Meitheamh 2003 a chomhordú.

### 1. AN BHFUIL GÁ LE CONRADH?

Creideann na hInstitiúidí náisiúnta cearta daonna Eorpacha thuasluaite go láidir go bhfuil conradh nua dírithe ar chearta daonna daoine le míchumas an-riachtanach. Bheadh comhartha cumhachtach ag fiú an próiseas dréachtaithe go mbreathnaídear ar míchumas mar cheist chearta daonna.

Chuirfeadh conradh nua pointe fócais ar fáil do cheisteanna míchumais sa chóras cearta daonna NA. Bheadh seo ina bhuntáiste do na Stáit chun cabhrú leo a ndualgais féin a shoiléiriú. Bheadh sé cabhrach freisin do NGO míchumais trí thacar soiléir de chéimeanna deartha a chur ar fáil dóbh chun obair astu.

Chabhródh leathnú ar chonradh nua chun aird a thabhairt ar threochtaí athleasuithe atá ag tarlú ar fud an domhain agus chabhródh sé dinimic dhearfach maidir le hathrú a chothú sna codanna sin den domhan nach bhfuil fréamhacha láidre ann fós le haghaidh athleasú míchumais.

Ní chreideann NHRI na hEorpa go mbeadh Dréachtchonradh (nó sraith de Dhréachtchonartha) leis na conartha cearta daonna reatha mar mhalairt praticiúil do dhréachtú conartha. Níl sé soiléir cén ceann de na conartha cearta daonna (mura leo go léir) a bhainfeadh seo le. Chomh maith leis sin, dá mbeadh dréachtchonradh aonar dréachtaithe do na sé chonartha cearta daonna, bheadh difear leathan agus neamhchothrom ag teacht chun solais maidir le dátaí difriúla éifeachtacha teacht i bhfeidhm. Níos tábhachtaí fós, dá mbeadh aon cheann de na dréachtchonartha seo ag cur béim go bhfuil cearta daonna ábhartha atá iniata san ionstraim áirithe bainteach le leas daoine le míchumas, bheadh seo iomarcach, mar go bhfuil sé soiléir ar aon nós go bhfuil na conartha reatha bainteach le leas gach duine lena n-áirítear daoine le míchumas. Tá conradh riachtanach, mar ainneoin clúdach teoiriciúil na gconartha reatha, tá gá le céimeanna níos praiticiúla agus níos dírí chun taithneamhacht éifeachtach na gcearta áirithe a chinntiú.

## 2. STÁDAS IONSTRAIME NUA DLÍTHIÚIL AGUS PRÓISEAS DRÉACHTAITHE

Creideann Instiúidí náisiúnta Cearta Daonna na hEorpa le chéile gur cheart go mbeadh aon chonradh nua, in áit glacadh le samhail leighis atá gan chreidiúint le fada, inaitheanta mar ionstraim Chearta Daonna.

Mar sin, ní hé gur cheart go gcuirfeadh sé cearta nua leis an gcorp de chearta reatha. Níor cheart go sonródh sé cearta míchumais. Ba cheart, áfach, agus ag cloí le nádúr riachtanach conartha téamacha cearta daonna, fiúntas breise chaighdeáin reatha Chearta Daonna a tharraingt amach agus iad a chur in oiriúint go speisialta do chásanna daoine le míchumas.

Ba cheart go ndéanfadh aon chonradh nua iarracht tairbheacht iomlán, cothrom agus éifeachtach na gcearta daonna go léir a bhaint amach gan aon leatrom. Níor cheart go mbeadh prionsabal cothromais agus neamh-leatrom, nuair a bhreathnaídear air go teibí, a bheith mar phríomhchuspóir an chonartha. Cé go bhféadfadh buntáiste a bheith in áireamh prionsabal ginearálta d’aon chonradh nua, níor cheart go mbeadh sé srianta chuig ráiteas gearr prionsabail. Ba cheart don chonradh rá go cinnte cén tairbheacht iomlán, cothrom agus éifeachtach a bheadh bainteach le gach ceart laistigh den téacs atá ag plé le gach ceart substainteach ar leith.

D’fhéadfaí go mbeadh buntáiste le Rialacha Caighdeánacha NA, maidir le cothromú Deiseanna do dhaoine le míchumas, don phróiseas cur in oiriúint cearta chuig cásanna ar leith daoine le míchumas. Níor cheart, áfach, gur leagan dlíthiúil de na Rialacha Caighdeánacha a bheadh i gceist le haon chonradh nua. Ba cheart gur breithiúnas cóir

ar ábharthacht agus suntasachta caighdeáin ghinearálta chearta daonna i gcomhthéacs ar leith míchumais a bheadh i gceist le haon chonradh nua..

Ní bheadh an dleathacht riachtanach ag an bpróiseas dréachtaithe mura mbeadh sé oscailte don rannpháirtíocht is iomláine is féidir do dhaoine le míchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaithe. Tá seo riachtanach do phróiseas réasúnach cearta ginearálta a chur in oiriúint do chásanna daoine le míchumas. Chomh maith leis sin, ní hé amháin nach mbeadh réasúnachas ag baint leis an bpróiseas ach ní bheadh dleathacht mórálta ag baint leis ach oiread mura gcuirfeadh sé an spás cuí ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht ó shochaí shibhialta.

## 3. AN MÉID AR CHEART A BHEAS SAN ÁIREAMH SA CHONRADH

Ba cheart go mbeadh an pointe tosaithe bunaithe air go bhfuil gach cearta daonna uilíoch, neamhroinnte, idirspleách agus idirbhainteach. Ba cheart go mbeadh an dá thacar cearta, cathartha agus polaitiúil ar lámh amháin agus eacnamaíocht, sóisialach agus cultúrtha ar an lámh eile san áireamh leis na cearta ábhartha.

Níor cheart go mbeadh na cearta atá leagtha amach in aon chonradh nua níos lú ná na caighdeáin ghinearálta atá leagtha amach sa chorp reatha de dhlí cearta daonna NA.

Ba cheart go mbeadh na cearta ábhartha ag eascairt ó phrionsabail chearta daonna de dheiseanna, dignit daonna, spleáchas pearsanta agus rannpháirtíocht. Ba cheart go mbunódh an Coinbhinsiún tábhacht na bprionsabal seo maidir le cásanna áirithe daoine le míchumas. Níor cheart go mbeadh na prionsabail mar mhalairt ar chóireáil cearta aonair substainte i gcorpthéacs an choinbhinsiúin. Ba cheart go mbeadh na prionsabail mar chúlra do na cearta substainteacha sa choinbhinsiún agus a bheith mar phointe tagartha sa phróiseas dréachtaithe agus i gcur i bhfeidhm na hionstraime.

Ba cheart na cearta substainteacha a chur in oiriúint do chás daoine le míchumas. Ba cheart go mbeadh céimeanna le haghaidh gníomhaíochta dearfaí san áireamh in ionstraim nua mar shampla, agus coincheap 'lóistín réasúnach' agus an ceart le haghaidh maireachtáil neamhspleách agus comhtháite a bheith san áireamh. Ba cheart go mbeadh cearta rochtana agus séirbhísí cúnaimh phearsanta a bheith san áireamh freisin.

Ba cheart go gcuirfeadh an próiseas dréachtaithe dlí-eolaíocht dhearfach eagrais mhonatóireachta reatha an chonartha reatha san áireamh freisin.

Ba cheart teacht ar mheicníocht éigin chun cúnamh forbartha a nascadh le baint amach dualgais aon chonartha nua. D'fhéadfaí seo a dhéanamh go húsáideach trí phromhadh ar chláir chúnaimh fhorbartha chuig caighdeáin an chonartha a chinntiú.

## 4. CUR I BHFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT

Ba cheart eagras saineolach neamhspleách um mhonatóireacht chonartha a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar thuairiscí stáit tréimhsiúla. Ba cheart go mbeadh ar a gcumas freisin plé le gearáin aonair agus ó ghrúpaí maidir le líomhaintí faoi shárú. Ba cheart go mbeadh meascán de shaineolas faoi chearta daonna agus daoine le míchumas i gceist le heagras um mhonatóireacht conartha.

Ba cheart don Choinbhinsiún tacú le bunú chur i bhfeidhm éifeachtach náisiúnta mheicníochtaí monatóireachta agus Prionsabail Phárais san áireamh.

# AGUISÍN 12

## *Clár na Comhdhála Poiblí faoi Threochtaí Domhanda i nDlí Míchumais*

- An Coimisiún um Chearta Daonna
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Cumann Dlí na hÉireann

Dé Sathairn , 13ú Meán Fómhair 2003. An Cumann Dlí, Plás Bhláth na nGall, BÁC 7

## AN CLÁR

| **AM** | | **CAINTEOIRÍ** |
|---|---|---|
| 9.30rn | CLÁRÚ | Geraldine Clarke, |
| 9.50rn | Fáiltiú | Uachtarán, An Cumann Dlí |
| | **Treochtaí Domhanda i Leasú Dlí Míchumais** | |
| | Cathaoirleach an tseisiúin | An Dr. Arthur O'Reilly, iar-Uachtarán láithreach Athshlánú idirnáisiúnta agus iar-Stiúrthóir NDA |
| 10.00 – 10.30rn | Na NA – Ag ancaireacht míchumais mar chúinse cearta daonna. Ullmhú conradh NA faoi chearta daonna do dhaoine le míchumas. | Stefano Sensi, Na Náisiúin Aontaithe Geneva |
| 10.30 – 11.00rn | An tAE – Ag cur Clár Cothromaíochta chun cinn san Eoraip. Polasaí Pobail na hEorpa maidir le dul i ngleic le leatrom, le tagairt ar leith do dhaoine le míchumas. | Barbara Nolan, Ceannaire Aonaid ag plé le frith-leatrom, cearta bunúsacha sóisialacha agus sochaí chathartha. Stiúrthóir Ginearálta um Ghnóthaí Fostaíochta agus Sóisialacha, Coimisiún na hEorpa |
| 11.00 – 11.30rn | Ag tabhairt cearta abhaile: Taithí Chúirteanna na Breataine ag cur ECHR i bhfeidhm maidir le cúinsí míchumais. | Caroline Gooding, Coimisiún um Chearta Míchumais, RA |
| 11.30 – 11.50rn | CAIFE | |
| | **Cúinsí criticiúla maidir le leasú dlí míchumais in Éirinn.** | |
| | Cathaoirleach an tseisiúin: | Angela Kerins,Uas., Cathaoirleach, NDA |
| 11.50 – 12.20in | Cumas Dlí: Moltaí maidir le leasú Dlí. | Patricia Rickard-Clark, Dlíodóir, Coimisinéir um Leasú Dlí |
| 12.20 – 12.50in | Saoránaigh Chothroma: Moltaí maidir le Reachtaíocht Mhíchumais. | Donal Toolan, Grúpa Comhairleoireachta um Reachtaíocht Mhíchumais |
| 1.00 – 2.15in | LÓN | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Díospóireacht faoi chur i bhfeidhm: Na dúshláin amach romhainn** | |
| | Cathaoirleach an tSeisiúin: | Donncha O'Connell, Léachtóir, ONÉ Gaillimh, Ball Éireannach de Líonra Saineolaithe neamhspleácha i gCearta Bunúsacha an AE. |
| 2.15 – 2.45in | Leighis éifeachtacha agus dúshláin eile, dearcadh dlíthiúil idirnáisiúnta. | Gerard Quinn, Ollamh le Dlí ONÉ Gaillimh agus ball de Choimisiún na gcearta daonna. |
| 2.45 – 3.15in | Níos faide ná Cearta Dlíthiúla – Caighdeáin agus cáilíocht | Rory O'Donnell, Stiúrthóir, Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialach |
| 3.15 – 3.45in | Díospóireacht an Phainéil | Lena n-áirítear David Ruebain, Dlíodóir, RA |
| 3.45in | Deireadh na Comhdhála | An Dr. Maurice Manning, Uachtarán, An Coimisiún um Chearta Daonna |

# AGUISÍN 13

## *Clár na Comhdhála faoi Reachtaíocht nua Cearta Daonna*

- An Coimisiún um Chearta Daonna
- Cumann Dlí na hÉireann

Dé Sathairn, 18ú Deireadh Fómhair 2003
Halla an Uachtaráin, Cumann Dlí na hÉireann, Plás Bhláth na nGall, BÁC 7

## AN CLÁR

| **AM** | | **CAINTEOIRÍ** |
|---|---|---|
| 9.15rn | CLÁRÚ | |
| 9.50rn | Fáiltiú | Gerard F. Griffin, Leas Uachtarán Sinsearach, An Cumann Dlí |
| | **Coinbhinsiún na hEorpa maidir leis an Acht um Chearta Daonna 2003** | |
| | Cathaoirleach an tSeisiúin ar maidin: | James MacGuill, Dlíodóirí MacGuill & Co. |
| 10.00 – 10.30rn | Coinbhinsiún na hEorpa maidir leis an Acht um Chearta Daonna 2003: Céard a bheas i gceist leis an Acht | Michael McDowell, An tAire Cirt, Cothromas agus Leasú Dlí |
| 10.30 – 11.00rn | Ag tabhairt cearta abhaile, 3 bliana ag obair le hacht Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna 1998 sa RA | An Tiarna Breitheamh Onórach Laws, Cúirt an Achomhairc |
| 11.00 – 11.30rn | Ag plé Coinbhinsiún na hEorpa maidir leis an Acht um Chearta Daonna 2003: Ceisteanna do chleachtóirí | Michael Kealey, Dlíodóirí William Fry |
| 11.30 – 11.50rn | CAIFE | |
| 11.50 – 12.20in | Cearta gar don bhaile: 3 bliana ag obair leis an Acht Cearta Daonna sa Tuaisceart. | An Breitheamh Onórach Brian Kerr, Ardchúirt, Tuaisceart na hÉireann |
| 12.20 – 12.50in | Ceisteanna do riarthóirí cirt maidir le cur i bhfeidhm Coinbhinsiún na hEorpa maidir leis an Acht um Chearta Daonna 2003 | An Príomhbhreitheamh Ronan Keane, An Chúirt Uachtarach |
| 1.00 – 2.15in | LÓN | |
| | **Reachtaíocht nua eile um Chearta Daonna** | |
| | Cathaoirleach an tSeisiúin Tráthnóna: | An Dr. Maurice Manning, Uachtarán, An Coimisiún um Chearta Daonna |
| 2.15 – 2.45in | Cairt an AE um Chearta Bunúsacha: Céard iad na tionchair phraiticiúla? | An tOllamh Dermot Walsh, Ollscoil Luimnigh |

| | | |
|---|---|---|
| 2.45 – 3.15in | Cairt UileÉireannach um Chearta Daonna | An tOllamh Brice Dickson, Príomhchoimisinéir, Coimisiún um Chearta Daonna Thuaisceart na hÉireann |
| 3.15 – 3.45in | Ag athrú chuig cultúr cearta | An Breitheamh Onórach Rosalie Abella, Cúirt Achomhairc, Ontario |
| 3.45 – 4.15in | Díospóireacht an Phainéil | |
| 4.15in | Deireadh na Comhdhála | An Dr. Maurice Manning, Uachtarán, An Coimisiún um Chearta Daonna |

# AGUISÍN 14

## *Liosta Foisleachán 2003*

- ***Tuairiscí:***

  *Ag cur Cearta Daonna chun cinn agus á gcosaint i Sochaí na hÉireann: Plean do 2003-2006*

  *Tuairisc chuig an Rialtas faoi Alt 24 d'Acht an Choimisiúin um Chearta Daonna, 2000* (Iúil 2003)
- ***Taighde:***

  *Seanóirí i gcúram fadtréimhseach (*Aibreán 2003*) (Údar: Ita Mangan)*
- ***Áitimh/ Tuairimí:***

  *Áiteamh faoin mBille (Coireanna Sceimhlitheoireachta) Dlí Coiriúil 2002* (Feabhra 2003)

  *Tuairimí faoi Pháipéar Moltaí de chuid Grúpa Comhairleoireachta Reachtaíocht Míchumais (DLCG) ó dhearcadh Cúnant Idirnáisiúnta faoi Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha* (Meitheamh 2003)

  *Tuairimí faoin mBille (Gealtacht) Dlí Coiriúil 2002* (Meán Fómhair 2003*)*

  *Tuairimí faoin mBilleEorpach 2003* (Meán Fómhair 2003)

  *Tuairimí faoin mBille um Oideachas do Dhaoine le Míchumas 2003* (Meán Fómhair 2003)

  *Cás Tuismitheoirí Neamh-náisiúnta agus a bpáistí a rugadh in Éirinn.* (Deireadh Fómhair 2003)

  *Tuairimí faoin mBille um Scéim Ghinearálta na nGardaí Síochána* (Samhain 2003)
- ***Doiciméid an Chomhchoiste***

  *Treoir Úsáideora chuig Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le deireadh a chur le Leatrom Ciníochais (*Meán Fómhair 2003*)*
- ***Comhfhoilseacháin***

  *Athmhacnamh faoi fhéiniúlacht – Dúshlán na hÉagsúlachta,* Curtha in Eagar ag Katherine Zappone *(*Meitheamh 2003)

  Foilsithe ag Comhfhóram Cothromais agus Cearta Daonna (Údarás Cothromaíochta na hÉireann): Coimisiún Chearta Daonna na hÉireann, Coimisiún Cothromaíochta Thuaisceart na hÉireann, Coimisiún Cearta Daonna Thuaisceart na hÉireann, Coimisiún Chearta Míchumais (an Bhreatain Mhór), Coimisiún um chomhionanas do chiní, Coimisiún um chothromas Ciní (An Bhreatain Mhór), Coimisiún deiseanna cothroma (An Bhreatain Mhór)

  *Glórtha Éagsúla: Achoimre ar an bpróiseas comhairlithe agus an Creatlach molta do Phlean gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an Chiníochais.* (Iúil 2003)

  Foilsithe ag Grúpa Stiúrtha an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta in aghaidh an chiníochais.